MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

AR CHEADÚ (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS FIANAISE

Freagairtí ar Innealtóireacht, an Gá atá leis an Tionscadal, Roghanna Eile a Breithníodh agus ar Shócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta

Ailtireachta & Oidhreachta Cultúrtha

le

**Eileen McCarthy, BEng, CEng, MICE, PE (SA), Arup**

Agus cuidithe ag

**Mike Evans, BEng, CEng, Arup**

**Mary Hurley, BEng, CEng, Arup agus**

**Hazel King, BE, CEng, Arup**

**18 Feabhra 2020**

# 1 Cáilíochtaí agus Taithí

## 1.1 An Príomh-Fhinné

1.1.1 Eileen McCarthy is ainm dom agus is Stiúrthóir Comhlach mé in Arup, gnólacht innealtóirí comhairleacha. Bhain mé céim onóracha den chéad ghrád amach san Innealtóireacht Shibhialta ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh in 1987. Is Innealtóir Cairte mé le 31 bliain de thaithí ghairmiúil i réimse leathan gníomhaíochtaí éagsúla ó dhearadh mórbhealaigh, dearadh draenála, meastachán costais, sábháilteacht ar bhóithre, maoirseacht suímh agus riaracháin conartha ar fud na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

1.1.2 Tá mé ag obair le scór bliain anuas ar mhórscéimeanna bóthair in Éirinn. Le linn na tréimhse sin, bhí baint agam le bainistíocht tionscadal ar scéimeanna éagsúla amhail Scéim Mótarbhealaigh M20 Corcaigh go Luimneach, Acomhal M7 Bhaile an Oibricigh agus Seachbhóthar R407 na Sollán, Scéim Feabhsúcháin Bóthair M7/N24, Scéim N22 Baile Bhuirne go Maigh Chromtha agus Cuarbhóthar Theas an Náis agus tá fianaise tugtha agam ag éisteachtaí poiblí ó bhéal mar ba ghá.

## 1.2 Finné Taca

1.2.1 Is Stiúrthóir ag Arup é Mike Evans atá i gceannas ar Earnálacha Iompair agus Bonneagair Arup san Eoraip. Bhain Mike céim amach san Innealtóireacht Shibhialta ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh in 1989. Tá dioplómaí iarchéime sa Phleanáil Fhisiceach agus sa Chaomhnú Comhshaoil ag Mike freisin. Is Innealtóir Cairte é Mike ag a bhfuil 30 bliain de thaithí ghairmiúil i réimse leathan gníomhaíochtaí éagsúla ón tógáil, pleanáil mórbhealaigh, caomhnú an chomhshaoil agus iompar ar fud na hÉireann agus na hEorpa. Bhí Mike i gceannas ar mhaoirseacht dearaidh agus tógála ar thionscadail in Éirinn mar an M7/M8, M3 An Uaimh – ó Thuaidh ó Cheannanas, M9, M11 Inis Córthaidh agus Seachród N25 Ros Mhic Thriúin.

## 1.3 Finné Taca

1.3.1 Is Comhlach Arup í Mary Hurley a oibríonn san fhoireann bonneagair in Arup na Gaillimhe. Bhain Mary céim onóracha den chéad ghrád amach san Innealtóireacht Shibhialta agus Timpeallachta ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh in 2002. Is Innealtóir Cairte í Mary le breis is 17 mbliana taithí ghairmiúil agus le 12 bhliain anuas tá obair déanta aici sa réimse pleanála le haghaidh mórthionscadail bhonneagair, lena n-áirítear Scéim Mótarbhealaigh M20 Corcaigh go Luimneach agus Acomhal M7 an Oibricigh agus Seachbhóthar R407 na Sollán.

## 1.4 Finné Taca

1.4.1 Is innealtóir sinsearach in Arup í Hazel King a oibríonn san fhoireann bonneagair le Arup na Gaillimhe. Bhain sí céim den chéad ghrád amach san Innealtóireacht

Shibhialta in OÉ Gaillimh agus is Innealtóir Cairte í. Tá 12 bhliain taithí ag Hazel mar innealtóir comhairleach ag obair i réimsí na mórbhealaí, na seirbhísí fliucha agus riosca i gcás tuilte.

# 2 Ról san Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe

## 2.1 An Príomh-Fhinné

2.1.1 Tá mé ag obair mar bhainisteoir tionscadail ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR) ó thosaigh an tionscadal i mí Eanáir 2014. D'athlonnaigh mé go Gaillimh i gcomhair an choimisiúin seo i mí Eanáir 2014 agus tá mé i mo chónaí i mbruachbhaile thiar Chnoc na Cathrach, Cathair na Gaillimhe ó 2014 i leith. Déanaim an chomaitéireacht laethúil chuig an obair in oifig thiomanta tionscadail an N6 GCRR in oirthear na cathrach i mBaile an Bhriotaigh.

2.1.2 Agus mé i mo bhainisteoir tionscadail, tá freagracht fhoriomlán orm as treo ginearálta an tionscadail le sé bliana anuas agus leanfaidh mé á dhéanamh sin go dtí deireadh an phróisis reachtúil. Tá foireann de dheichniúr gairmithe agam ag obair ar N6 GCRR san oifig thiomanta tionscadail N6 GCRR seo le sé bliana anuas, mar aon le neart saineolaithe agus speisialtóirí eile in oifigí agus i gcuideachtaí eile thart timpeall.

2.1.3 Sa Ráiteas Fianaise seo, déanfaidh mé cur síos ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus cuirfidh mé leis an bhfianaise a thug Mike Evans mar gheall ar an ngá atá léi. Mar gheall go raibh mise, i gcomhar le m'fhoireann, freagrach as measúnú a dhéanamh ar na roghanna malartacha, freagróidh mé freisin na haighneachtaí/agóidí ina luaitear iad seo. Anuas air sin, tabharfaidh mé faoi aighneachtaí agus agóidí inar ardaíodh saincheisteanna maidir le gníomhaíochtaí tógála agus seicheamhú, agus na tionchair iarmhartacha ar shócmhainní ábhartha ar nós tithe agus gnóthas agus fóntas.

## 2.2 Finné Taca

2.2.1 Tá Mike ag obair mar stiúrthóir tionscadail ar an tionscadal ó cuireadh tús leis i mí Eanáir 2014. Go háirithe, chuir Mike saineolas ar fáil ar fhorbairt an tionscadail seo mar thionscadal straitéiseach iompair toisc go bhfuil sé casta.

## 2.3 Finné Taca

2.3.1 Tá Mary ag obair mar leasbhainisteoir tionscadail agus comhordaitheoir timpeallachta ó thosaigh an tionscadal i mí Eanáir 2014. D'athlonnaigh sí go Gaillimh i gcomhair an choimisiúin seo i mí an Mhárta 2014.

2.3.2 Ina ról mar chomhordaitheoir timpeallachta, bhainistigh Mary an mheasúnacht tionchair timpeallachta ar an tionscadal seo, ag dul i mbun plé leis an speisialtóir timpeallachta chun na srianta i limistéar an staidéir a shainaithint agus ansin ag dul i mbun plé leis an bhfoireann dearaidh maidir leis an dearadh a fhorbairt.

Comhshuíodh í mar chuid den fhoireann tionscadail ar N6 GCRR lena chinntiú go raibh an réiteach deiridh ag comhtháthú an dearaidh go hiomlán leis an timpeallacht ghlactha agus na príomhpháirtithe leasmhara á gcur san áireamh freisin. Bhainistigh Mary táirgeadh na Tuarascála ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) agus an Ráitis Tionchair Natura le haghaidh an tionscadail seo freisin.

## 2.4 Finné Taca

2.4.1 Tá Hazel ag obair mar chuid de phríomhfhoireann Arup ar fhoireann tionscadail N6GCRR ó 2014 i leith, ag obair trí na srianta, roghnú roghanna, dearadh agus céimeanna measúnachta timpeallachta de thionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe. Bhí Hazel freagrach as dearadh na forbartha bóthair atá beartaithe a sheachadadh, lena n-áirítear dearadh draenála – draenáil líonra, sreabhrialú agus maolú, toilleadh locháin agus dearadh bogaigh chóireála, dearadh draenála réamhoibreacha talún, agus iarratais Alt 50 a ullmhú.

# 3 Príomhcheisteanna maidir le hinnealtóireacht, gníomhaíochtaí tógála agus sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta

## 3.1 Gníomhaíochtaí Innealtóireachta agus Tógála

3.1.1 Glactar leis gur léadh an TMTT ina hiomláine agus ní dhéantar aithris uirthi anseo. Chun cabhrú leis an mBord a mhachnamh a dhéanamh ar na hiarratais i gcomhair ceada, ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo agus chun an fhreagairt ar aighneachtaí agus ar agóidí a chur i gcomhthéacs, tugtar achoimre ghairid thíos ar na príomh-mhíreanna a bhaineann leis na gnéithe innealtóireachta a mhionsonraítear i gCaibidil 5 den TMTT agus ar na gníomhaíochtaí tógála a mhionsonraítear i gCaibidil 7 den TMTT. Tugadh achoimre ghairid ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe cheana féin sa chur i láthair ag an tús.

3.1.2 Anuas air sin, cé gur léir gur chóir don réiteach foriomlán iompair freastal ar éileamh ilmhódach, léirítear lenár n-anailís ar an éileamh seo mar a shonraítear i gCaibidil 6 den TMTT agus mar a chuirfidh an tUas. Andrew Archer i láthair ina Ráiteas Fianaise, agus nach mór don réiteach iompair na héilimh chontrártha iompair a scaradh óna chéile agus freastal orthu le modhanna éagsúla iompair ionas go gcaomhnófar agus go gcosnófar an t-infheistiú suntasach bonneagair seo don todhchaí.

3.1.3 Mar a shonraítear i gCaibidil 5 den TMTT, tá an N6 GCRR déanta suas de thart ar 5.6km de charrbhealach singil ón taobh thiar de Bhearna chomh fada le Bóthar Bhaile an Mhóinín agus thart ar 11.9km de dhébhealach ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín chuig an gceangal thoir leis an N6 atá ann cheana féin i gCúil Each, Cnoc

Maoil Drise. Ina theannta sin, cuimsítear bóithre ceangail, taobh-bhóithre, cumair, struchtúir agus oibreacha áitiúla ar na líonraí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais (go sonrach déanfar na seirbhísí 110kV agus 38kN a chur ar mhalairt slí) leis na hoibreacha atá san áireamh san fhorbairt bóthair atá beartaithe.

3.1.4 Mionsonraítear na gníomhaíochtaí tógála a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear bealaí tarlaithe le haghaidh trácht tógála agus cumasc suímh, i gCaibidil 7 den TMTT agus sna fíoracha agus aguisíní gaolmhara.

3.1.5 Tá Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála don fhorbairt bóthair atá beartaithe in Aguisín A.7.5 den TMTT.

3.1.6 Mar a luadh cheana sa chur i láthair ag an tús, tá roinnt srianta fisiceacha ann cheana agus, mar sin, níor mhór d'aon dearadh a beartaíodh na srianta sin a thuiscint agus a aithint, rud a chuir le castacht na forbartha bóthair atá beartaithe. Tá gá, mar sin, le hidirghabhálacha áirithe innealtóireachta chun dul i ngleic leis na srianta sin, lena n-áirítear:

- Struchtúr droichid Abhainn na Gaillimhe thar Abhainn na Gaillimhe
- Struchtúr Tollán Leacaigh faoi cSAC Loch Coirib
- Struchtúr Tharbhealach Mhionlaigh thar ghnáthóg neamhainmnithe i Mionlach
- Struchtúr tarbhealaigh a shíneann ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe agus Campas Spóirt OÉG le trasnú aige
- Struchtúr Tolláin Ráschúrsa na Gaillimhe faoin ráschúrsa

3.1.7 Tá gá le gaireacht agus le nascacht dhíreach don fhorbairt bóthair atá beartaithe chun freastal ar an trácht straitéiseach atá ag dul go Cathair na Gaillimhe agus chun an réiteach iompair ilmhódaigh is fearr a sholáthar i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird leis na buntáistí bainteacha a shonraítear sa TMTT. Tá tionchar ar an timpeallacht dhaonna mar thoradh air sin, ag méadú dá ghaire é don timpeallacht uirbeach. Ina theannta sin, ní mór machnamh a dhéanamh ar na láithreáin ainmnithe lena ndéanfaidh an réiteach iompair teagmháil.

## 3.2 Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta

3.2.1 Glactar leis gur léadh Caibidil 15 den TMTT ina hiomláine agus ní dhéantar aithris uirthi anseo. Chun cabhrú leis an mBord a mhachnamh a dhéanamh ar na hiarratais i gcomhair ceada agus ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo agus chun na freagairtí ar na haighneachtaí agus na hagóidí a chur i gcomhthéacs, tugtar achoimre ghairid thíos ar na príomh-mhíreanna a bhaineann leis na sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta den fhorbairt bóthair atá beartaithe i gCaibidil 15 den TMTT.

3.2.2 Ón uair ar tosaíodh ar dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe, rinneadh gach iarracht chun scartáil réadmhaoine a sheachaint nuair ab fhéidir é. Cé go ndearnadh

machnamh sonrach ar líon na réadmhaoine cónaithe a bhí le fáil sna roghanna eile don fhorbairt bóthair atá beartaithe, níorbh fhéidir gach réadmhaoin a sheachaint faraor mar gheall ar na srianta suntasacha ar bhonneagar nua iompair a fhorbairt i nGaillimh, lena n-áirítear forbairt líneach na cathrach agus an gá le gaireacht idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus an timpeallacht uirbeach, chun an réiteach is fearr a sholáthar.

3.2.3 Is gá bonneagar suntasach innealtóireachta a thabhairt isteach mar gheall ar an ngá atá ann an ghnáthóg dhaonna agus an ghnáthóg éiceolaíoch a chaomhnú. Sócmhainní ábhartha iad na hidirghabhálacha innealtóireachta seo a bhfuil luach suntasach leo mar aon le saol dearaidh fada, agus is é sin an chúis go ndearnadh athbhreithniú saolré iomlán orthu ar mhaithe lena mbarrfheabhsú. Mar gheall go bhfuil tionchar comhshaoil ag bonneagar den chineál sin freisin a bhaineann leis i dtéarmaí a lorg carbóin, is gá optamú a dhéanamh chun an lorg sin a íoslaghdú. Rinneadh gach iarracht chun lorg carbóin an dearaidh roghnaithe atá ag teacht chun cinn a laghdú i rith fhorbairt an dearaidh. Seo a leanas roinnt de na forbairtí dearaidh is suntasaí a rinneadh lenar laghdaíodh an lorg carbóin:

- Laghdaíodh fad Tollán Leacaigh ó 500m go 230m
- Laghdaíodh fad Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe ó 850m go 250m
- Laghdaíodh fad Tarbhealach Mhionlaigh ó 400m go 330m
- Fágadh ar lár tollán gearrtha agus cumhdaigh ag Cnoc Maoil Drise
- Bainfear athúsáid tairbheach as na hábhair a gheofar sna hoibreacha tochailte chun iompórtáil/easpórtáil a íoslaghdú
- Úsáidfear soilsiú ísealfhuinnimh i rith an tionscadail
- Cruthófar bogaigh phlandáilte agus gnáthóga i rith an tionscadail

3.2.4 Fiú leis na struchtúir seo a ndéanfar innealtóireacht throm orthu, mar gheall ar chomh gar is a bheidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe don timpeallacht uirbeach, atá ag teastáil chun an réiteach iompair is fearr a sholáthar, ní mór réadmhaoine agus gnóthais a fháil faraor, rud nach féidir a sheachaint. Mar sin féin, ní mór breathnú air sin agus cothromaíocht a fháil idir é agus na buntáistí foriomlána a chuirtear síos air sa TMTT a bhaineann leis an bhforbairt bóthair seo atá beartaithe do thodhchaí na Gaillimhe agus an cheantair máguaird agus do nascacht Réigiún an Iarthair.

3.2.5 Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go mbeidh sé seo dian ar na teaghlaigh a chónaíonn sna tithe sin agus ar na gnóthais a fheidhmíonn sna háitribh thráchtála. Mar aitheantas air sin, ghabh Comhairle Chontae na Gaillimhe uirthi féin Fógra Gnóthaíochta a sheirbheáil ar thithe cónaithe agus ar mhaoine tráchtála ar dtús a bhí le fáil laistigh de shé mhí ó dheimhnítear faomhadh na scéime sna cúinsí a shonraítear i gcuid 15.6.2 de Chaibidil 15 den TMTT.

3.2.6 Anuas air sin, tá scéim speisialta curtha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe lenar féidir le húinéirí talún teagmháil a dhéanamh go luath le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun méid cúitimh a chomhaontú sula seirbheáiltear aon Fhógra Gnóthaíochta mar aitheantas arís ar an tionchar ar theaghlaigh.

3.2.7 Is ionann an bealach a roghnaíodh don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus an chothromaíocht is fearr nuair a dhéantar measúnacht iomlán ar na tionchair ar fad. Is comhréiteach cothrom é toisc go bhfuil tionchair shuntasacha iarmharacha ann tar éis an mhaolaithe a chúitítear leis na buntáistí suntasacha a bhaintear amach agus leis an acmhainneacht níos mó arís chun buntáistí breise a ghiniúint.

3.2.8 Leagtar amach in Alt 15.7 de Chaibidil 15 den TMTT na tionchair iarmharacha ar Champas Spóirt OÉG ag an Daingean a eascróidh as an bhforbairt bóthair atá beartaithe á thrasnú ar tharbhealach. Mar thoradh air seo, bainfear dhá pháirc fhéarbhunaithe CLG ata in aice le hAbhainn na Gaillimhe, rud a measadh a bheith an-suntasach d'uireasa Máistirphlean nua Spóirt don Ollscoil. Mar chuid den mhaolú ar na tionchair ar pháirceanna spóirt atá ann cheana, cuireadh páirceanna malartacha san áireamh sa TMTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird i nDeireadh Fómhair 2018.

3.2.9 Ó fhoilsiú aighneacht/agóid OÉ Gaillimh agus i ndiaidh í a fháil, tá deimhnithe ag OÉG gur cuireadh a Máistirphlean Spóirt Ollscoile agus straitéis i gcrích agus tá aitheanta acu a riachtanais agus pleananna le haghaidh Champas Spóirt na hOllscoile mar seo a leanas:

- níl na beartais mhaolaithe a beartaíodh i dtosach sa TMTT uathu
- tá siad i mbun a bpleananna féin maidir le soláthar na bpáirceanna a chreideann siad atá ag teastáil uathu le haghaidh maolú na dtionchar ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus tá iarratas pleanála ar feitheamh acu i gComhairle Cathrach na Gaillimhe Tag 19/372 i dtaca leis seo

3.2.10 I bhfianaise a bhfuil thuas, leasaíodh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gCampas Spóirt OÉG agus an méid seo a leanas san áireamh:

- Ní theastaíonn páirc CLG uile-aimsire lánmhéide a thógáil ar shuíomh pháirc 9 reatha a thuilleadh
- Ní theastaíonn limistéar traenála a thógáil ar shuíomh pháirc 8 reatha a thuilleadh

Cuireadh na tiomantais thuas le Sceideal na dTiomantas Comhshaoil chomh maith.

3.2.11 Lena chinntiú go mbeidh idirnasc ann do Champas Spóirt OÉG nuair a chríochnaítear an tógáil cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ceart bealaigh ar fáil do OÉG chun tailte a úsáid faoin tarbhealach atá beartaithe chun críocha spóirt/lúthchleasaíochta trí léas fada. Áiríodh an tiomantas seo i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil.

3.2.12 Déileáiltear le gach sócmhainn innealtóireachta agus ábhartha a d’ardaigh OÉG ina haighneacht/hagóid ar fud na coimre seo.

3.2.13 Mar a leagtar amach sa Réamhrá, téann an fhorbairt bóthair atá beartaithe trí ionad fostaíochta tábhachtach i gCathair na Gaillimhe agus go deimhin iarthar na hÉireann atá cuimsithe go garbh ag N83 Bóthar Thuama, an N6 reatha agus Bóthar na Páirce Móire. Rinneadh breithniú cúramach ar an gcaoi a d’fhreastalófaí ar chruthaithe turais tábhachtacha. Sa réiteach a ceapadh, forbraíodh líonra nua bóthair a sholáthródh turais i bhfad níos dírí a dhéanamh le Bóthar Ceangail na Páirce Móire ar cheann de na naisc thábhachtacha sa líonra nua bóthair seo mar go gcuireann sé nasc nua ar fáil ón bPáirc Mhór chuig Páirc Gnó Bhaile an Bhriotaigh agus ar aghaidh chuig an N6 Bóthar na dTreabh.

3.2.14 Cruthaíonn Bóthar Ceangail na Páirce Móire deis do thurais ar mhodhanna iompair phoiblí chuig agus amach as lár na cathrach i bhfad níos dírí agus níos gníomhaí. Soláthraíonn sé freisin áiseanna do choisithe agus rothaithe chun dhá ionad fostaíochta suntasacha le nascacht ghnó láidir a nascadh lena chéile.

3.2.15 Mar a leagtar amach faoi láthair sa TMTT, nascann Bóthar Ceangail na Páirce Móire an N6 Bóthar na dTreabh trí Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach go díreach ó thuaidh isteach i bPáirc Ghnó na Páirce Móire. Cuireadh an chuid ó dheas feadh bóthar IDA reatha ag dul idir Boston Scientific agus Hewlett Packard agus seansuíomh an APC. Ach, is é an t-athrú suntasach a tharla ó shin go bhfuil an seansuíomh ar a mbíodh APC faighte ag Boston Scientific agus leis seo bhí siad in ann a ngníomhaíochtaí a shíneadh ag an láthair seo chuig an dá thaobh de bhóthar an IDA. Ó fuair siad an suíomh seo, tá úsáid ardluacha anois á baint as an bhfoirgneamh tionsclaíoch folamh seo arís ag Boston Scientific agus sé fhaomhadh pleanála faighte ar an suíomh le dhá bhliain anuas.

3.2.16 Cruthaíonn sé seo cás nua anois mar seo a leanas:

- Cruthaíonn bealach Bhóthar Ceangail na Páirce Móire mar a leagtar amach sa TMTT coimhlint le gluaiseachtaí riachtanacha laethúla daoine agus innealra idir gníomhaíochta Boston Scientific ar an taobh thoir agus thiar den bhóthar ceangail atá beartaithe

- Cuireann bealach an bhóthair ceangail atá beartaithe anois isteach ar fhorbairt loighciúil champas Boston Scientific lena fhorbairt i gceart ina champas dlúthfhorbartha agus ceangailte ina n-áireofar táirgeacht, riarachán agus taighde agus áiseanna forbartha comhshuite mar aon leis na háiseanna tacaíochta riachtanacha lena n-áirítear saoráidí bialainne, aclaíochta / fóillíochta agus spáis oscailte

3.2.17 Agus a máistirphlean á fhorbairt ag Boston Scientific chun a gcampas a leathnú, mhol siad bealach nua don chuid den bhóthar ceangail atá ina dtailte. Tá iarratas á dhéanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun mionathrú ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire arna thaispeáint i bhFíor 5.1.14 den TMTT arna leasú a fhaomhadh.

3.2.18 Sa bhealach arna mhionathrú, tá nasc díreach ón bPáirc Mhór Thiar chuig an líonra bóthair reatha i bPáirc Gnó Oirthear na Cathrach de réir an ailínithe bunaidh. Ach é a dhéanamh, coinníonn sé feidhmiúlacht iompair an togra bunaidh agus baintear amach cuspóirí an ailínithe bunaidh mar seo a leanas:

- Cuirtear an nasc riachtanach ar fáil don líonra iompair phoiblí a shamhlaítear i SIG
- Cuirtear lánaí rothaíochta tiomanta ar fáil de réir mar is gá i bpríomhlíonra rothaíochta SIG, agus cuirtear áiseanna coisithe ar fáil freisin
- Cuirtear nasc ar fáil chuig an N6 GCRR chun scaipeadh tráchta go díreach chuig a cheann scríbe a cheadú

D'fhonn na cuspóirí atá leagtha síos a bhaint amach, cumasaíonn sé an cineál dlúthionad fostaíochta a bheith suite in áit a bhfuil rochtain éasca ag modhanna iompair gníomhacha agus poiblí air ó cheantair chónaithe na cathrach.

3.2.19 Rinne gach saineolaí measúnú ar an mbóthair nua ceangail agus is í an chonclúid nach bhfuil aon tionchar suntasach ag eascairt as an mionathrú seo. Leagfaidh gach saineolaí amach torthaí a measúnaithe ar an mionathrú seo ina ráitis fianaise féin nuair is ábhartha dá measúnú.

# 4 Freagairtí ar Aighneachtaí/Agóidí

## 4.1 Forbhreathnú

4.1.1 As an 296 aighneacht agus agóid a seoladh chuig an mBord Pleanála maidir leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), Ráiteas Tionchair Natura, Scéim Mhótarbhealaigh agus Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR), áirítear i dtimpeall 281 acu breathnuithe a rinneadh a bhaineann le cúrsaí innealtóireachta, an gá atá leis an scéim, roghanna malartacha a breithníodh agus tionchair ar shócmhainní neamhthalmhaíochta ábhartha. Tá tuairimí ábhartha san áireamh i 12 den 17 n-aighneacht/n-agóid a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i ndáil leis an bhFreagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise a cuireadh isteach i mí Lúnasa 2019. Is iad seo a leanas na míreanna a ardaíodh sna haighneachtaí/agóidí sin:

- An gá atá leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe
- An tionchar ar thithe agus ar phobail, go háirithe i gceantar Bhearna, i gceantar an N59 agus i gceantar an N84 chuig an gCaisleán Gearr chuig an N83
- Tionchair ar ghnólachtaí agus áitribh thráchtála
- Roghanna malartacha a breithníodh leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus an chúis gur roghnaíodh an bealach seo

- An N6 GCRR agus an chaoi a bhfreastalaíonn sé ar Bhearna agus codanna d'iarthar na cathrach
- Cén fáth nár roghnaíodh Bealach Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe (GCOB) 2006?
- Soláthar rochtana tar éis na tógála
- An tionchar ar Champas Spóirt OÉG
- Gníomhaíochtaí tógála lena n-áirítear:
  - Soláthar rochtana
  - Méid na ngníomhaíochtaí tógála
  - Seirbhísí reatha
  - Míchaoithiúlacht mar thoradh air
  - Sábháilteacht agus slándáil
  - Páirceáil neamhúdaraithe
- Easpa sonraí faoi chóireáil teorann
- Méid na tógála talún
- Comhairliúchán neamhleor

4.1.2 Tá 16 aighneacht a rinneadh ag tacú leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus luaitear iontu chomh ríthábhachtach is atá sí i gcomhair fás eacnamaíoch agus forbairt na Gaillimhe mar chathair réigiúnach ar scála mór don Iarthar. Tá an nascacht fhicisiúil a chuirfear ar fáil san fhorbairt bóthair seo atá beartaithe ríthábhachtach chun infheistíocht isteach agus fostaíocht a choinneáil agus a mhealladh agus éascóidh sé fás na Gaillimhe agus beidh sí ina hait iontach le cónaí agus oibriú inti. Beidh tionchar tairbheach aige freisin, ní hamháin ar sheirbhísí iompair i nGaillimh, ach ar tharraingteacht Chonamara agus iarthar an chontae ina iomláine mar ionad gnó, infheistíochta agus turasóireachta mar aon le mar áit chónaithe: Áiríodh orthu sin S_005, S_014, S_025, S_026, S_033, S_034, S_035, S_036, S_047, S_050, S_052, S_054, S_064, S_072 agus S_073.1, S_073.2.

4.1.3 Ag freagairt do na haighneachtaí/hagóidí a rinneadh, glactar leis gur léadh an TMTT ina hiomláine agus ní dhéantar aithris ar a bhfuil inti anseo.

## 4.2 An gá atá leis an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe

### Ceisteanna

4.2.1 Aontaítear in go leor de na haighneachtaí/hagóidí go bhfuil gá le réiteach iompair ar an bplódú tráchta reatha atá i nGaillimh agus tugtar faoi deara gur gá réiteach iompair a sholáthar mar go bhfuil gá le hidirghabháil a dhéanamh chun plódú a

réiteach, go bhfuil gá le trasnú abhann eile nó luaitear nach bhfuil siad i gcoinne na forbartha bóthair atá beartaithe i bprionsabal, ach cuireann siad i gcoinne an bhealaigh a roghnaíodh ar chúiseanna éagsúla a bhaineann níos mó lena saincheisteanna agus a láthair: Ob_111, Ob_136, Ob_141, Ob_152, Ob_194, Ob_229, Ob_567, Ob_261, Ob_452, Ob_469, Ob_484, Ob_568, Ob_583, Ob_584, Ob_612, Ob_613_657, Ob_673, Ob_511.18, Ob_602_698_699_704, Ob_663.02, Ob_761.30, S_029, S_022, S_038, S_044, S_056, S_065, S_067.

4.2.2 Déileáiltear leis na saincheisteanna sonracha sna haighneachtaí/hagóidí thuas faoi na ceannteidil chuí i gcodanna eile thíos.

## Freagra

4.2.3 Aithnítear i roinnt aighneachtaí/agóidí an gá práinneach atá le réiteach iompair do Ghaillimh agus sainaithnítear iontu na saincheisteanna iompair arna leagan amach i gCaibidil 3 den TMTT.

4.2.4 Mar a leagtar amach sa réamhrá, eascraíonn an gá atá leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe go díreach ón ngá dul i ngleic le heaspa cumais ar an líonra bóthair reatha don éileamh taistil reatha i gCathair na Gaillimhe, an ceantar máguaird agus Réigiún an Iarthair.

4.2.5 Teastaíonn bonneagar le freastal ar an éileamh taistil, agus an t-éileamh seo ar gach leibhéal idir choisithe agus rothaithe agus iompar poiblí agus trácht feithicle. Cruthaítear naisc nua mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe a fhorbraíonn a thuilleadh líonra bóthair na cathrach le freastal ar an éileamh seo agus trína dhéanamh sin, ceadaíonn sé do dheighilt na tráchta a ghabhann thart agus soláthraíonn sé nascacht le Cathair na Gaillimhe agus le Réigiún an Iarthair. Saintréith den líonra bóthair agus sráide reatha is ea bealaí gathacha isteach chuig droim an N6 reatha a bhfuiltear ag súil go bhfreastalóidh sé ar gach turas agus modh. Idir na bealaí gathacha seo, tá ceantair fostaíochta agus ceantair chónaithe atá forbartha timpeall ar bhóithre caocha nó spásanna timpeallaithe nach féidir dul tríothu. Cuireann an fhorbairt bóthair atá beartaithe an dara droim soir-siar leis an líonra bóthair agus naisc thábhachtacha thuaidh-theas ag an bPáirc Mhór / Baile an Bhriotaigh agus Páirc na Sceach / Rathún arna leagan amach sa réamhrá. Is féidir le turais teachta agus imeachta chun na cathrach an chathair a iontráil agus a fhágáil ar bhealaí nach gá dóibh dul isteach chuig lár na cathrach murab é sin a gceann scríbe. Coinnítear turais a ghabhann thart amach ó lár na cathrach.

4.2.6 Nuair a chuirtear SIG i bhfeidhm ina hiomláine, ina n-áirítear idirghabhálacha chun spás bóthair saor i lár na cathrach a ath-leithdháileadh don iompar poiblí, tá athrú níos suntasaí don iompar poiblí agus modhanna iompair inbhuanaithe. Éascaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe baint amach roinnt de chuspóirí tábhachtacha SIG.

4.2.7 Anuas air sin, soláthraíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe an spás ar an líonra iompair chun spás a leithdháileadh don iompar poiblí agus modhanna gníomhacha

a mhéadú a thuilleadh i bhfianaise an daonra méadaithe a fheictear anois sa Chreat Náisiúnta Pleanála.

4.2.8 Dá bhrí sin, teastaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe le freastal ar éileamh taistil gach úsáideoir trí gach modh iompair. Gan an feabhsúchán ríthábhachtach seo ar an mbonneagar reatha, éireoidh an plódú tráchta níos measa i nGaillimh.

## 4.3 Roghanna malartacha a breithníodh

### Ceisteanna

4.3.1 Baineann roinnt aighneachta/agóidí le roghanna malartacha a breithníodh, idir thrácht ar an bpróiseas ar tugadh faoi, agus modhanna malartacha eile a thabhairt mar réitigh, chuig moladh go bhfillfí ar Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe (GCOB) 2006 agus cheistigh daoine eile an rogha mhalartach a roghnaíodh ina gceantar. Is féidir na saincheisteanna a ghrúpáil sna catagóirí seo a leanas:

- Easpa breithnithe ar roghanna malartacha agus / nó próiseas um roghnú rogha lochtach: Ob_534, Ob_602_698_699_704, Ob_220, S_049, Ob_654 agus S_070
- An ghnáthóg éiceolaíochta ina thosaíocht níos mó ná daoine: Ob_220, Ob_O_517.11_1, Ob_O_517.11_2, Ob_521_O_517.14_02, Ob_519, Ob_531.01, Ob_534, Ob_569, Ob_677, Ob_678, Ob_679, S_049, Ob_220, S_049 agus S_070
- Amlíne Straitéis Iompair na Gaillimhe i gcoinne N6 GCRR trína gceistítear i roinnt aighneachtaí an caidreamh idir SIG agus an N6 GCRR agus amlíne an dá cheann: Ob_534, Ob_610 agus S_070
- Ba cheart iompar poiblí a fhorfheidhmiú i dtosach agus aighneachtaí/agóidí i bhfabhar roghanna líonra bus feabhsaithe agus/nó iarnród éadrom: Ob_O_630, Ob_116, Ob_204, Ob_220, Ob_531_537, Ob_510, Ob_519, Ob_521_O_517.14_02, Ob_531.02, Ob_584, Ob_O_630, S_008, S_021, Ob_677, Ob_678, S_002, S_006, S_009, S_010, S_012, S_013, S_015, S_016, S_017, S_023, S_032 agus S_049. Aithnítear in S_002 go bhfuil gá le bonneagar bóthair nua in áiteanna i nGaillimh ach maítear gur cheart córas iarnróid éadroim a bheith mar phríomhréiteach ar fhadhbanna iompair na cathrach. Luaitear in S_032 gur thit costas an bhonneagair iarnróid éadroim le blianta beaga anuas agus ba cheart breithniú a dhéanamh air
- Cén fáth nár roghnaíodh Bealach Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006?: Ob_108_125, Ob_111, Ob_116, Ob_117, Ob_123, Ob_141, Ob_152, Ob_155, Ob_158, Ob_201, Ob_204, Ob_239, Ob_241_245, Ob_243, Ob_312, Ob_510, Ob_519, Ob_531.02, Ob_584, Ob_610, Ob_611, Ob_621, Ob_636_637, Ob_642, Ob_708_709, S_022, S_037 agus S_055

- Roghnú bealaigh i mBearna agus i mbruachbhailte iarthair na cathrach: Ob_201, Ob_241_245, Ob_243 agus Ob_312
- Roghnú bealaigh ó Abhainn na Gaillimhe soir chuig an gCaisleán Gearr: Ob_584, Ob_569, Ob_610, Ob_612, Ob_621, Ob_636_637 agus Ob_642
- Roghnú bealaigh i gceantar Bhaile an Bhriotaigh agus Chnoc Maoil Drise: Ob_691, Ob_O_761.3, agus Ob_724
- Roghnú bealaigh do Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas: S_011, S_029, S_044, S_051, S_056, S_057, S_060, Ob_486 agus S_065


## Freagra

4.3.2 Leagtar amach roghanna malartacha a breithníodh go sonrach i gCaibidil 4 den TMTT agus déantar achoimre orthu faoi cheannteidil na saincheisteanna a ardaíodh thuas.

***Easpa breithnithe ar roghanna malartacha agus / nó próiseas um roghnú rogha lochtach***

4.3.3 Rinneadh staidéir mhionsonraithe comhshaoil ar an limistéar staidéir ina iomláine ionas go mbeifí ábalta measúnacht chuimsitheach ilchritéar a dhéanamh ar na roghanna éagsúla, a thaispeántar i bhFíor 1 thíos. Taispeántar i bhFíor 1 na bealaí a ndearnadh measúnú orthu i gCuid 4.7.2 de Chaibidil 4 den TMTT ar fhíor amháin ionas go mbeidh sé éasca comparáid a dhéanamh. Cuimsítear sa mheasúnacht timpeallachta seo agus sna critéir measúnacht ar an tionchar ar dhaoine, ar thithe, agus ar phobail. Cé go ndearnadh gach iarracht tithe a sheachaint, ar an drochuair ní féidir na tithe ar fad a sheachaint i bhfianaise líne forbartha na cathrach agus tithe ar feadh gach bóthair a shíneann amach ón gcathair.

**Fíor 1: Bealaí malartacha a breithníodh**




***An ghnáthóg éiceolaíochta ina thosaíocht níos mó ná daoine***

4.3.4 Mar a leagadh amach i gCuid 4.7 de Chaibidil 4 den TMTT, cuireadh roinnt roghanna as an áireamh ag céim luath den phróiseas um roghnú bealaigh mar nár shásaigh siad cuspóirí an tionscadail. Rinneadh measúnú ar naoi rogha don bhóthar breise agus trasnú droichid riachtanach, arna leagan amach i gCuid 4.7.3, agus an ghabháil talún a bhaineann le gach rogha arna chur i láthair i dTábla 4.3 agus an mhaitrís bhreithmheasa iomlán arna chur i láthair i dTábla 4.4, agus iad ar fad i gCaibidil 4 den TMTT. I rith an phróisis measúnaithe, sainaithníodh *Daoine, Éiceolaíocht, Tírdhreach agus Saincheisteanna Amhairc* agus *Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta* mar réimsí a raibh príomhshrianta suntasacha acu, agus trí cinn díobh ag baint le tionchair ar dhaoine. Déantar measúnú ar thionchair ar dhaoine cosúil le pobail agus gabhálacha réadmhaoine cónaithe faoi Shócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta agus bhí tionchair ar réadmhaoine cónaithe ina bpríomhthionchair srianta. Ní hamhlaidh gurbh fhearr nó gur tugadh tábhacht níos mó do na tionchair ar an éiceolaíocht ná na tionchair ar dhaoine agus réadmhaoin chónaithe. Déantar achoimre arís ar Thábla 4.3 de Chaibidil 4 den TMTT i dTábla NTS-1 in Achoimre Neamhtheicniúil an TMTT, agus taispeántar go soiléir ann, nuair nach ndeachthas ar aghaidh le GCOB 2006 agus na Roghanna Bealaigh Ciana (ar na cúiseanna arna leagan amach thíos), de na roghanna fágtha, go bhfuil an líon is lú scartála cónaithe ag baint leis an rogha a roghnaíodh, agus is aige freisin atá an tionchar is lú ar an gcomhshaol gabhála, rud a léiríonn nach ndearnadh tosaíocht de shuíomhanna scartála thar dhaoine agus pobail nó a mhalairt.

4.3.5 Cuirtear rogha mhalartach ar fáil in Ob_534 agus S_070 nach mbeadh gá ach dhá theach a scartáil ann a deir siad atá cosúil le Rogha Bealaigh Glas – Gorm a thaispeántar ar Phláta 4.14 de Chaibidil 4 den TMTT, agus a áirítear i gCéim 2 de

Rogha Bealaigh Glas ón R336 chuig agus lena n-áirítear, pointe trasnaithe Abhainn na Gaillimhe nasctha le Céim 2 den Rogha Bealaigh Gorm trí Chairéal Leacaí chuig Acomhal Chúil Each an N6. Is ionann an measúnú ar scartáil réadmhaoine ar an rogha seo agus **87** mar a léirítear ar Thábla 4.3 de Chaibidil 4 den TMTT. Tá an rogha mar a thaispeántar in Ob_534 iomlán éagsúil ón Rogha Bealaigh Glas - Gorm mar a chuirtear i láthair sa TMTT sa mhéid is go n-úsáideann sé acomhail timpealláin chomhréidhe, ní théann sé mórthimpeall ar Bhearna, is dóchúil go mbeidh tionchar aige ar NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ó thaobh hidrigeolaíochta agus hidreolaíochta ag Tóin na Brocaí agus is dóchúil go mbeidh tionchar suntasach aige ar cSAC Loch Coirib mar go bhfuil pointe trasnaithe cosúil aige ar thaobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe agus trasnú GCOB 2006.

4.3.6 Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an gconair bealaí tosaíochta atá ag teacht chun cinn i mBealtaine/Meitheamh 2015 agus sna comhairliúcháin níos sonraíche leis na pobail ar a raibh tionchar díreach ag an mbealach idir Lúnasa 2015 agus Iúil 2016, rinneadh mionathruithe chun an tionchar ar thithe agus ar phobail a íoslaghdú, a raibh tionchar níos mó ar an éiceolaíocht mar thoradh, mar seo a leanas:

- príomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe athraithe ó chlaífort os cionn Bhóthar na hAille chuig an bpríomhlíne a bheith brúite faoi Bhóthar na hAille
- príomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe athraithe ó chlaífort os cionn Bhóthar na Ceapaí chuig acomhal comhréidh le comharthaí
- Bogadh an Timpeallán ar Bhóthar Bhearna go Maigh Cuilinn ó dheas chun tionchair ar theach a íoslaghdú
- bogadh príomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe siar agus bogadh Acomhal Leitrí an N59 ó dheas chun tionchair ar thithe san Fhraoch Mór a íoslaghdú

***Amlíne Straitéis Iompair na Gaillimhe i gcoinne N6 GCRR***

4.3.7 Tugadh faoi mheasúnacht ar an éileamh foriomlán iompair i dtosach chun an fhadhb iompair a thuiscint go cuimsitheach. B'éigean a bhreithniú sa mheasúnacht cibé an raibh roghanna malartacha ann ar mhórthógáil bóthair nua i gcomhthéacs bheartas an iompair inbhuanaithe. Príomhchonclúid a baineadh as an measúnacht tosaigh seo ar an bhfadhb tráchta ba ea gur ghá aon fheabhsúchán ar an ngréasán bóithre náisiúnta, más gá, a fhorbairt i gcomhthéacs straitéis iompair foriomláin do Ghaillimh ina ndéantar breithmheas cuimsitheach ar gach modh, agus ba é SIG toradh na hoibre seo a rinneadh ar leithligh.

4.3.8 Mar fhreagairt ar Ob_220, Ob_534, Ob_610, Ob_O_630, S_070, Ob_677, Ob_678, S_006, S_012, S_049, ceann de na ceisteanna arbh ghá dul i ngleic léi mar chuid den SIG seo ba ea an raibh gá le trasnú breise ar Abhainn na Gaillimhe mar chuid de sheachadadh réiteach iompair inbhuanaithe foriomlán. Leanadh ar aghaidh le hobair ar an roghnú bealaigh don N6 GCRR lena n-áirítear trasnú nua i gcomhar leis an obair ar SIG. Sa chaoi sin, thug an dá staidéar eolas dá chéile.

***Ba cheart iompar poiblí a fhorfheidhmiú i dtosach agus aighneachtaí/agóidí i bhfabhar roghanna líonra bus feabhsaithe agus/nó iarnród éadrom***

4.3.9 I dtéarmaí roghanna iompair phoiblí, rinneadh breith agus measúnú go mion mar chuid d'obair SIG ar an gcumraíocht líonra don iompar poiblí is fearr a oireann do Ghaillimh, i dtéarmaí modhanna malartacha ó bhus go hiarnród éadrom, agus bealaí gréasáin. Ba é an toradh gurb iompar poiblí bunaithe ar bhus an córas is oiriúnaí do Ghaillimh thar na tréimhse a breithníodh i SIG. Taispeántar san anailís ar bhealaí iarnród éadrom féideartha nach bhfuil dóthain éilimh ann le go gcuirfí córas iarnród éadrom i bhfeidhm mar gurb ionann an t-éileamh inbhainte amach is airde don taisteal ar an gconair iarnród éadrom soir-siar agus 25% de chumas córas iarnród éadrom i rith buaicthréimhsí, a bhféadfadh gréasán iompair phoiblí bunaithe ar bhus freastal air. Pléann Andrew Archer leis seo a thuilleadh ina Ráiteas Fianaise ar chúrsaí tráchta.

4.3.10 Luaitear in aighneachtaí/agóidí Ob_519 agus S_032 go bhféadfaí an gréasán bóthair reatha a fheabhsú chun an réiteach a thabhairt. Tá an gréasán bóthair reatha mar a leagtar amach i gCuid 6.3 de Chaibidil 6 den TMTT ag lánchumais agus níl sé in ann freastal ar an éileamh taistil reatha i gCathair na Gaillimhe, sa cheantar máguaird agus i Réigiún an Iarthair. Dá bhrí sin, caithfidh an réiteach iompair dul i ngleic le cumas an ghréasáin bóthair reatha sular féidir leis rogha iompair phoiblí éifeachtach a sholáthar.

***Cén fáth nár roghnaíodh Bealach Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006?***

4.3.11 Saincheist a ardaítear is ea gur cheart gurb é an rogha bealaigh a cuireadh tríd an bpróiseas pleanála cheana, ar a dtugtar Scéim Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006 (GCOB) an rogha sainroghnaithe. Ardaíodh é seo in agóidí maidir leis an mbealach roghnaithe don N6 GCRR mar go ritheann sé ó thuaidh de shráidbhaile Bhearna agus téann sé trí Mhionchluain, Rathún, An Claí Bán, An Fraoch Mór, An Daingean agus Páirc na Sceach taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe agus An Caisleán Gearr agus Baile an Phoill ar an taobh thoir.

4.3.12 Cé go raibh an líon ba lú scartála i gceist le Scéim GCOB 2006, ní bhfuair an chuid thiar de cead pleanála ón mBord Pleanála faoin iarratas níos túisce mar gheall ar na tionchair chomhshaoil féideartha i gceantar NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn. Dá bhrí sin, ní léiriú fíor atá sa scartáil a moladh mar chuid de Scéim GCOB 2006 ar na tionchair dhóchúla ar réadmhaoin a bheadh ag aon scéim nua a shásódh cuspóirí reatha na scéime agus a rachadh i ngleic le cúiseanna an Bhoird Pleanála as an gcuid seo de Scéim GCOB 2006 a dhiúltú. Sainaithníodh ocht réadmhaoin bhreise le hais na gcinn a sainaithníodh i RTT GCOB 2006 sa mheasúnú ar réadmhaoin a ghabhfaí nó a leagfaí ar fhad iomlán rogha bealaigh GCOB 2006 ag baint leas as an modheolaíocht chéanna agus a úsáideadh i gcomhair an N6 GCRR. Dá bhrí sin, ghabhfaí nó leagfaí 16 réadmhaoin chun tógáil agus oibriú an rogha bealaigh GCOB 2006 a éascú. Anuas air sin, ní thabharfadh GCOB 2006 an réiteach iompair idirmhodúil optamach ar fáil mar go léirítear i múnlú tráchta leathan nach gcuirfeadh sé faoiseamh ar fáil don phlódú chuig an leibhéal céanna agus an N6 GCRR.

Tá roinnt cúiseanna nár roghnaíodh GCOB 2006 mar rogha sainroghnaithe:

- Ní chuirtear nasc ar fáil ann leis an N83 Bóthar Thuama, bóthar náisiúnta, dá bhrí sin cuireann sé leibhéal níos lú nascachta ar fáil
- Ní chuirtear aon nasc ar fáil ann le príomhionaid fostaíochta ag an bPáirc Mhór agus Baile an Bhriotaigh agus, dá bhrí sin, níl mórán faoisimh ann don phlódú reatha sna ceantair seo in oirthear na cathrach
- Tá drochthionchar aige ar shláine suímh cSAC Loch Coirib de réir chinneadh Chúirt na hEorpa in *Sweetman v An Bord Pleanála*
- Tá an fhéidearthacht ann go mbeadh tionchar aige ar Abhainn Loch Inse ina bhfuil diúilicín péarla fionnuisce le sruth
- Tá tionchar suntasach aige ar NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ó thaobh hidrigeolaíochta agus hidreolaíochta ag Tóin na Brocaí agus i gcóngaracht Loch Inse
- Tá tionchar suntasach aige freisin ar chúirtealáiste Chaisleán Mhionlaigh ó thaobh na hoidhreachta cultúrtha agus ar luach conláiste ó thaobh Daoine de
- Níl aon oiread tionchar aige ar phobail ná conláistí agus feabhsúchán foriomlán ar an leibhéal deighilte a bheadh i gceist, ach bheadh amanna turais níos faide agus níos lú féidearthachtaí turas ábhartha idir an t-oirthear agus an t-iarthar mar thoradh air

Dá réir sin, ní hamháin nach sásaíonn sé cuspóirí tionscadail an N6 GCRR, bhí tionchair thromchúiseacha ag rogha GCOB 2006 ar an timpeallacht ghabhála agus ní dheachthas ar aghaidh níos faide leis.

4.3.13 Forbraíodh an Rogha Bealaigh Cian (i.e. GCOB 2006 ón N6 go dtí an N59 nasctha leis an Rogha Bealaigh Glas ón N59 go dtí an R336 ar an taobh thiar) chun rogha mhalartach a chur ar fáil a chuimsigh an scéim a faomhadh cheana ar an taobh thoir le bealach nua ar an taobh thiar a sheachain na tionchair ar dhiúltaigh an Bord Pleanála an chuid seo cheana mar gheall orthu. Shásódh an Rogha Cian riachtanais na ndaoine sa Chlaí Bán, Mionchluain, Rathún, Páirc na Sceach agus sa Daingean i gcomhair rogha bealaigh ó thuaidh. Ach, léiríodh i suirbhéanna éiceolaíochta mionsonraithe don Rogha Bealaigh Glas go bhféadfadh sé tionchar suntasach a imirt ar cSAC Loch Coirib ag trasnú na habhann a mbeadh drochthionchar aige ar shláine an cSAC mar a leagtar amach in Imleabhar 3, Aguisín A.7.4 leis an Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú (a áirítear freisin in Imleabhar 3 den Fhreagra IFB). Dá bhrí sin, ní dheachthas ar aghaidh leis an rogha seo.

4.3.14 Sa bhealach ó thuaidh a moladh in Ob_531.02 chuirfí bealach an N6 GCRR siar ar an Rogha Bealaigh GCOB 2006 nó ar an rogha Bealaigh Glas siar ó Abhainn na Gaillimhe. Is é seo an seanbhealach dá dtagraítear freisin in S_037, S_049. Bheadh an láthair mhalartach a iarradh in Ob_239, Ob_312 agus Ob_510 ar cheann den dá rogha seo freisin mar nach féidir é a bhogadh níos gaire don chathair mar gheall ar an timpeallacht thógtha i Mionchluain/Rathún. Níor roghnaíodh an Rogha Bealaigh GCOB 2006 siar ó Abhainn na Gaillimhe ar na cúiseanna a leagadh amach thuas. Léiríodh i suirbhéanna éiceolaíochta mionsonraithe don Rogha Bealaigh Glas, ina raibh pointe trasnaithe cosúil ar thaobh thiar d’Abhainn na Gaillimhe leis an gceann

i dtrasnú GCOB 2006, go bhféadfadh sé tionchar suntasach a imirt ar cSAC Loch Coirib a mbeadh drochthionchar aige ar shláine an cSAC. Mar gheall go bhfuil roghanna malartacha eile ar fáil nach bhfuil an tionchar seo acu, níor roghnaíodh an Rogha Bealaigh Glas.


***Roghnaigh bealaigh i mBearna agus i mbruachbhailte iarthar na cathrach***

4.3.15 Go ginearálta, tá na saincheisteanna a ardaíodh i mBearna i bhfabhar bealach níos faide ó thuaidh ón rud a moladh san N6 GCRR agus éilítear iontu nach dtabharfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe mórán faoisimh don trácht i mBearna. Ag an tús, rinneadh measúnú ar gach rogha malartach lena n-áirítear úsáid a bhaint as an ngréasán bóthair reatha ó thuaidh de Bhearna. Léiríodh sa mheasúnú seo nach bhfuil ach deis theoranta chun an gréasán bóthair áitiúil reatha a dhíriú agus a leathnú sa cheantar seo gan mórán tithe a leagan. Coinnítear an gréasán bóthair áitiúil seo chun na críche ar a bhfreastalaíonn sé faoi láthair, rochtain áitiúil, gluaiseacht choisithe agus rothaithe, agus an N6 GCRR atá beartaithe ag freastal ar an trácht straitéiseach chun rochtain a fháil ar Chathair na Gaillimhe agus ar aghaidh i dtreo an oirthir.

4.3.16 Rinneadh breithmheas ar Bhóthar Faoisimh Inmheánach Bhearna mar chuid de na roghanna malartacha a breithníodh ag an tús, mar chuid den Rogha Bealaigh Gorm agus den Rogha Bealaigh Bándearg. Measadh nach bhféadfaí Bóthar Faoisimh Inmheánach Bhearna a úsáid mar nach réitíonn sé an plódú tráchta i mBearna agus nach ndeighleann sé an trácht ón trácht áitiúil i mBearna.

4.3.17 Cuireann an chuid seo den fhorbairt bóthair atá beartaithe ón R336 chuig Bóthar Bhaile an Mhóinín seachbhóthar ar Bhearna, Cnoc na Cathrach agus Bóthar na Trá ar fáil agus baineann sé an gá leis an trácht a sheachaint a tharlaíonn faoi láthair ar na cúlbhóithre sa cheantar chun an ceantar plódaithe atá scáthaithe i bhFíor 2 a sheachaint. Seachnaítear trácht feadh roinnt bóithre portaigh atá cúng agus le topagrafaíocht an-droimneach, rud a chiallaigh go raibh siad iomlán mí-oiriúnach agus contúirteach don méid tráchta a bhíonn orthu, i rith buaicuaire go háirithe. Tá an trácht ag iarraidh droichead a fháil thar an abhainn le dul chuig an taobh eile den chathair agus, úsáideann an trácht seo cúlbhóithre an oiread agus go mbíonn trácht aonslí ar Bhóthar an Chlaí Bháin Thuaidh agus ar Bhóthar Leitrí sa bhuaicuair AM agus a mhalairt sa bhuaicuair PM. Taispeántar é seo ag tarlú go soiléir i bhfíseán dróin de bhuaicuair AM ar an 9 Deireadh Fómhair 2018 ag acomhail A agus B. San fhíseán áirithe seo, feictear an bus 411 ag ciúáil ar Bhóthar an Chlaí Bháin ag iarraidh teacht amach as Bóthar Rathúin, ach tá moill air mar gheall ar dhaoine ag seachaint tráchta.

**Fíor 2: An Limistéar Plódaithe**




4.3.18 Ceadóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe do thrácht dul ar mhalairt slí chuig an N6 GCRR agus tabharfaidh sé faoiseamh tráchta do shráidbhaile Bhearna, agus titfidh an meántrácht laethúil ar an bpríomhshráid i mBearna go bliantúil ó 13,222 go 3,102 agus titfidh sé ó 17,635 go 4,731 ar Bhóthar Bhearna agus ag Coill Bhearna i mBliain Dearaidh 2039, leis na tuartha daonra de réir an Chreat Náisiúnta Pleanála[1] (CNP). Laghdú an-suntasach é seo sa sreabhadh tráchta trí shráidbhaile Bhearna agus tugann sé deis do mhodhanna iompair níos inbhuanaithe sa sráidbhaile, go háirithe timpeall ar an scoil náisiúnta atá suite faoi láthair ar an R336 ag taobh thoir an tsráidbhaile.

4.3.19 Mar gheall ar an trácht a bheith ag dul ar mhalairt slí chuig an N6 GCRR, baintear trácht freisin ón gceantar cónaithe uirbeach sna bruachbhailte siar, agus an trácht laethúil bliantúil ar an meán (AADT) ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair idir Bóthar an Chlaí Bháin agus Bóthar Bhaile an Mhóinín ag titim ó 13,336 go 9,349, AADT ar Bhóthar na Buaile Bige idir Bóthar na Ceapaí agus Bóthar Bhaile an Mhóinín ag titim ó 1,865 go 666, AADT ar Bhóthar Bhaile an Rí ag titim ó 12,161 go 6,864 agus AADT ag titim ó 11,977 go 9,848 ar Bhóthar na Trá Íochtarach. Éascaíonn sé seo seirbhís iompair phoiblí feabhsaithe feadh na mbealaí seo, agus SGI ag moladh bealaí bus feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair, Bóthar an Chlaí Bháin agus Bóthar na Trá.


4.3.20 Tá ceantair mhóra cónaithe siar ón N59 le scoileanna a bhfreastalóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe orthu. Moltar i SGI príomhghréasán rothaíochta feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair, a chuirfidh timpeallacht níos sábháilte ar fáil don rothaíocht agus don tsiúlóid mar aon leis an laghdú sa trácht agus an soláthar busanna. Tá líon suntasach bunscoileanna sa cheantar seo, eadhon SN Ag Foghlaim Le Chéile Chnoc na Cathrach agus SN Steiner Chuan na Gaillimhe amach ó Bhóthar na Ceapaí, Gaelscoil Mhic Amhlaigh ar Ghort na Bró, SN Naomh Eoin

[1] Tá sonraí iomlána maidir le tionchar na forbartha bóthair atá beartaithe ar leibhéil tráchta don tuar sa Chreat Náisiúnta Pleanála i mBliain Dearaidh 2039 le fáil i dTábla 5-1 d'Aguisín A.8.1 den Fhreagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise.

Aspal amach ó Bhóthar an Chlaí Bháin agus Scoil Einde síos ó Bhóthar na Mine. Áirítear leis na meánscoileanna sa cheantar Coláiste na Coiribe amach ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín, MS Salerno agus Coláiste Éinne ar Bhóthar na Mine, agus an Coláiste Doiminiceach ar an mBóthar Ard. Mar gheall go bhfuil bus rothaíochta ag feidhmiú cheana féin i gCnoc na Cathrach ó Mheán Fómhair 2018, Bus Rothaíochta na Gaillimhe – Cnoc na Cathrach, do leanaí bunscoile, d'fhéadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar na turais iompair inbhuanaithe seo ar na conairí seo má fhorfheidhmítear bearta SGI – cuir bonneagar sábháilte don tsiúlóid agus don rothaíocht ar fáil agus úsáidfear é. Tá an tréimhse turais ar rothar ar an mbealach seo i bhfad níos giorra ná feithicil phríobháideach ag an mbuaicuair, 15 nóiméad ó Bhóthar na Ceapaí chuig Gort na Bró, mar gur féidir le bealaí rothaíochta na naisc in eastáit tithíochta a úsáid chun an turas a ghiorrú agus bealaí rothaíochta níos sábháilte a chur ar fáil freisin.

4.3.21 Mar fhreagra ar S_003, léirítear i dTábla 5-1 in Aguisín A.8.1 le Freagra IFB go mbíonn laghdú ar an trácht ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair (Pointe 112) agus Bóthar Ghort na Bró (Pointe 118) in 2039, agus céatadán fíorbheag HGVanna ar an dá bhóthar, má bhíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm, rud a mhéadódh deiseanna rothaíochta. Faoi láthair, téann an bus rothaíochta timpeall ar thimpeallán cúig bhóthar Ghort na Bró, nód 10 ar an amchlár a chuirtear i láthair i bhFíor 3 thíos, agus níl aon trasnú do choisithe ar phéire de na bóithre – bealach isteach atá i gceann acu chuig Páirc Miondíola Gateway. Bheadh sé i gceist san fhorbairt bóthair atá beartaithe an timpeallán seo a bhaint, bóthar rochtana ar Pháirc Miondíola Gateway a athrú, agus acomhal 4 bhóthar le comharthaí a thógáil ina ionad le háiseanna iomlána do rothaithe agus coisithe a bheadh níos sábháilte do choisithe agus do rothaithe araon. Athlonnaíodh an bóthar rochtana ar Pháirc Miondíola Gateway ó thuaidh le bheith mar Bhóthar Ceangail Pháirc Miondíola Gateway AR 06/04. Ó foilsíodh an TMTT in 2018 agus mar gheall go bhfuil éileamh mór ar líne rothaíochta a chonacthas nuair a cuireadh tús leis an mbus rothaíochta i Meán Fómhair 2018, áiríodh lána rothaíochta 2m ar an dá thaobh de Bhóthar Ghort na Bró san fhorbairt bóthair atá beartaithe ón acomhal le comharthaí atá beartaithe ag an mbealach isteach ó dheas chuig Gaelscoil Mhic Amhlaigh. Anuas air sin, dheimhnigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil sé beartaithe bealach rothaíochta dhá bhealach a thógáil sa chiumhais leathan ar thaobh thoir de Bhóthar Ghort na Bró ó Ghaelscoil Mhic Amhlaigh chuig Bóthar Rathúin mar chuid de ghréasán rothaíochta na cathrach. Nascfadh sé seo ansin leis na bealaí rothaíochta beartaithe ar Bhóthar Rathúin mar a léirítear ar Fhíor 1.10.12 den Fhreagra IFB. Éascóidh sé seo rothaithe atá ag iarraidh rochtain ar Ghaelscoil Mhic Amhlaidh ón tuaisceart. Dá bhrí sin, áirítear áiseanna rothaíochta agus siúlóide feabhsaithe san fhorbairt bóthair atá beartaithe ó nód 9 go nód 11 ar an amchlár thíos, agus síneadh breise leis an ngréasán rothaíochta geallta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

**Fíor 3: Bealach Bus Rothaíochta Scoile na Gaillimhe**




4.3.22 Léirítear sna pointí thuas na tairbhí do Bhearna agus do bhruachbhailte thiar Chathair na Gaillimhe, a bhfuil géarghá leo, a sholáthróidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Mar a tugadh le fios, tá an N6 GCRR mar chuid de ghréasán TEN-T na hEorpa agus cuireann an chuid seo den N6 GCRR nascacht iontaofa ar fáil chuig Bearna agus Conamara.

***Roghnú bealaigh ó Abhainn na Gaillimhe soir chuig an gCaisleán Gearr***

4.3.23 mar gheall go bhfuil srian ar an ngréasán iompair reatha mar gheall ar an líon trasnaithe abhann sa chathair agus mar gheall go bhfuil na droichid seo ag feidhmiú ag a n-acmhainn i rith buaicthréimhsí, ba ghá áit a shainaithint ina bhféadfaí trasnú droichid nua ar Abhainn na Gaillimhe a shuíomh laistigh de thíreolaíocht an-srianta agus an chaoi a bhféadfaí rochtain a fháil air. Tá an trasnú abhann lárnach don bhealach roghnaithe.


4.3.24 Cuireadh tús le breithniú ar láithreacha malartacha do thrasnú droichid nua ar Abhainn na Gaillimhe le measúnú ar láithreacha inmharthana. Sainaithníodh ceithre réiteach chun an abhainn a thrasnú:

- Trasnú ina ndéantar iarracht an gréasán bóthair reatha a athúsáid a mhéid agus is féidir trí Dhroichead na gCúig Chéad reatha a athúsáid
- Trasnú le tollán faoi Abhainn na Gaillimhe
- Trasnú ó thuaidh ar an taobh thiar de Mhionlach cosúil le Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006 (GCOB)
- Trasnú atá síos le sruth ó Mhionlach in aice leis an Daingean

4.3.25 Níor cuireadh chun cinn an rogha ar líne inar úsáideadh Droichead na gCúig Chéad mar gheall ar an tionchar mór a bheadh aige ar dhéanamh na cathrach. Bheadh bonneagar innealtóireachta suntasach i gceist leis an rogha ar líne seo chun freastal ar an éileamh áitiúil agus ar an éileamh straitéiseach i gconair amháin, agus an conair ag síneadh chuig timpeall 80m i roinnt ceantar. Bheadh an chonair seo ina bac suntasach ó thaobh amháin den chathair go dtí an taobh eile le líne inmhianaithe seasta thar an gconair mar go mbeadh gá an dá éileamh a dheighilt go hiomlán ar chúiseanna sábháilteachta agus chun é a shlánú don todhchaí. Mar fhreagra ar Ob_612, is é an rogha ar líne an rogha ina n-áirítear an deighilt gráid ar acomhail reatha.

4.3.26 Léirítear i bhFíor 4 ceantar lár na cathrach agus an gréasán bóthair cathrach reatha. Is léir, má leathnaítear an Rogha Bealaigh Dearg a fhorluíonn le Droichead na gCúig Chéad, an R338 agus Bóthar Shéamais Uí Chuirc le freastal ar an éileamh ar fad, go mbeadh an bealach é féin ina shuí ar cheann de bhealaí rochtana lár na cathrach. Mar gheall go bhfuiltear ag díriú ar na ceantair seo anois i gcomhair forbartha inlíonta agus fás daonra sa Chreat Náisiúnta Pleanála, mhéadófaí forluí cheantar lár na cathrach agus an Rogha Bealaigh Dearg níos mó agus bheadh an bealach seo go bunúsach ina shuí ina lár agus bheadh sé mar bhac buan trí lár na cathrach.

**Fíor 4: Gréasán Bóthair Reatha Chathair na Gaillimhe**




4.3.27 Agus bearna á lorg chun an abhainn a thrasnú ag bogadh ó thuaidh ó Dhroichead na gCúig Chéad, tá bacainní suntasacha ann le hionaid dlúthdhaonra i dTír Oileáin agus Tír an Oileáin ar an taobh thoir agus An Caisleán Nua agus An Taobh Thiar ar thaobh thiar na cathrach (Ceantair 5 agus 6 ar Fhíor 4). Forbraíodh rogha tolláin 3.5km, an Rogha Bealaigh Oráiste, chun na bacainní seo a sheachaint agus chun na saincheisteanna baic a réiteach a eascraíonn ón rogha ar líne ach coinníodh na gnéithe ar líne ag taobh thoir na cathrach. Cuireadh an rogha seo as an áireamh mar gur measadh go mbeadh tionchair neamhréireacha aige ar thimpeallacht uirbeach

íogair Chathair na Gaillimhe, ar a cónaitheoirí, a pobail agus a comharsanachtaí agus mar gheall ar scála agus ar chineál an bhonneagair a theastódh agus mar gheall go bhfuil amscála agus méid na tógála seo agus an costas lena mbaineann chomh mór is go mbeadh sé ar an rogha malartach is lú éifeachtachta ó thaobh costais de. Bheadh astaíochtaí carbóin suntasacha tógála agus astaíochtaí carbóin suntasacha oibríochtúla ag baint leis, rud a chiallaíonn gurb é an rogha is lú inbhuanaithe é atá ar fáil.

4.3.28 Measadh go mbeadh tionchar diúltach ag an trasnú abhann ó thuaidh, Rogha an Bhealaigh Ghlais ar na réadmhaoine pobail agus cónaitheacha seanbhunaithe i Mionlach, chomh maith le tionchair oidhreachta chultúrtha shuntasacha ar Shráidbhaile Mhionlaigh agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar shláine cSAC Loch Coirib. Baineadh an chuid is mó den ghréasán bóthair a nasc an rogha seo ar ais chuig lár na cathrach agus dá bhrí sin níor fhreastail sé chomh mór is a d’fhreastail na roghanna eile.

4.3.29 Tá bearna ó thuaidh ó cheantair 5 agus 6, An Daingean, Roghanna an Bhealaigh Bhándearg agus Ghoirm. Aithnímid go bhfuil sé seo ina chuid den ollscoil agus tuigtear an tábhacht atá leis maidir leis na spóirt a chuirtear ar fáil san ollscoil agus sa phobal máguaird. Cé gur gá 44 teach a leagan, ar an drochuair, cinneadh sa phróiseas um Roghnú Bealaigh gurb é an rogha bealaigh leis an trasnú abhann sa Daingean agus an gréasán bóthair lena mbaineann chun é a nascadh ar ais chuig an gcathair an rogha is lú a mbeadh tionchar acu ar an timpeallacht ghabhála i dtéarmaí tionchair ar dhaoine, ar an éiceolaíocht agus ar gach toisc chomhshaoil eile. Go deimhin, má fhéachtar ar thrasnú na habhann leis féin, ba mhó tionchair dhiúltacha a bhí ag baint le Rogha an Bhealaigh Bhándearg ó thaobh na héiceolaíochta de, ach ní raibh an oiread tionchar ag trasnú Rogha an Bhealaigh Bhándearg ar áiseanna pobail, ar ghnólachtaí agus ar thithe.

4.3.30 Nuair a roghnaítear an trasnú agus nuair a nasctar an bealach ar ais sa ghréasán bóthair thar an gcuid eile den limistéar staidéir, is mó an tionchar a imrítear ar na ceantair seo den Bhóthar Nua, Baile an Dúlaigh agus An Caisleán Gearr.

4.3.31 Forbraíodh an bealach sainroghnaithe don N6 GCRR mar chumasc de roghanna éagsúla bealaigh thar achar an limistéir staidéir, ar measadh go raibh an tionchar is lú acu, le chéile, ar an timpeallacht ghlactha i gcomhthéacs tionchar ar dhaoine, ar an éiceolaíocht agus ar thosca comhshaoil eile. Chuige sin, leagfar an líon is lú tithe cónaithe agus is féidir leis an rogha a roghnaíodh, agus ní rachaidh sé i bhfeidhm chomh mór céanna ar an timpeallacht ghlactha.

***Roghnú bealaigh i gceantar Bhaile an Bhriotaigh agus Chnoc Maoil Drise***

4.3.32 Ob_691: Cuirtear measúnú cuimsitheach ar an tionchar ar Ráschúrsa na Gaillimhe agus a áiseanna i láthair i gCaibidlí 14 agus 15, mar aon leis na Fíoracha in Imleabhar 3 agus sna hAguisíní in Imleabhar 4 den TMTT. Agus an rogha is fearr á roghnú, sainaithníodh Ráschúrsa na Gaillimhe mar bhac agus rinneadh measúnú air faoi go leor catagóirí ionas go bhféadfaí dul i ngleic le gach gné agus go bhféadfaí maolú cuí a chur ar fáil.

4.3.33 Luaitear in Ob_O_761.3 agus Ob_724 gur cheart go mbeadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfad níos faide amach i dtreo Mhaigh Cuilinn agus Bhaile Átha an Rí, agus an téama céanna le feiceáil in S_022, ionas go mbeidh deis ag an gcathair leathnú sna blianta romhainn. Ní shásódh bealach a bheadh chomh fada ón gcathair agus nach mbeadh nasctha le gréasán na cathrach cuspóirí an tionscadail mar nach mbeadh sé éifeachtach chun freastal ar an éileamh iompair.

***Roghnú bealaigh do Bhóthar Ceangail N59***

4.3.34 Mar fhreagra ar na haighneachtaí maidir le Rosán Glas S_011, S_029, S_044, S_051, S_056, S_057, S_060, agus S_065: Roghnaíodh an t-ailíniú atá beartaithe chun coimhlint idir rochtain dhíreach ó thithe reatha agus trácht ag rochtain na forbartha bóthair atá beartaithe ar na trí bhóthar sa cheantar seo, eadhon Bóthar Dhiarmuda, Bóthar Stiofáin agus Bóthar Ghort na Bró a dhíbirt. Is féidir é seo a bhaint amach leis an leagan amach atá beartaithe ar Bhóthar Dhiarmuda fad is a thaistealaíonn sé cóngarach ach ar leithligh ó Bhóthar Dhiarmuda seachas forluí ar Bhóthar Dhiarmuda. Ceadaítear sa deighilt seo do Bhóthar Dhiarmuda feidhmiú mar a dhéanann faoi láthair mar bhóthar eastáit. Níorbh fhéidir Acomhal Bhóthar Dhiarmuda reatha a chothabháil agus Acomhal Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas a sholáthar ag an am céanna mar go gcruthódh sé cás nach mbeadh sábháilte ag eascairt as gluaiseachtaí tráchta i gcoimhlint lena chéile. Freisin, cuireann an leagan amach atá beartaithe ar chumas tionchair ar réadmhaoin chónaithe agus ar phobail i Rosán Glas a íoslaghdú, mar go gcoinnítear rochtain agus go gcuirtear ar fáil é go sábháilte trí acomhail chuí. Nascann an t-ailíniú atá beartaithe le Bóthar Ghort na Bró seachas le Bóthar Stiofáin ag Acomhal Bhóthar Rathúin. Rinneadh an rogha seo tar éis comhairliúchán poiblí in 2015 agus breithniú a dhéanamh ar an líon tithe le héadanas díreach ar Bhóthar Stiofáin agus an spás glas poiblí in aice le Bóthar Stiofáin cé nach bhfuil ach dhá rochtain/acomhal chuig Gort na Bró.

4.3.35 Luaitear in Ob_486 go bhféadfaí an fad idir a dteach agus Bóthar Ceangail N59 ó Dheas a mhéadú go 25m gan aon deacracht mór trína ailíniú de bheagán. Dearadh Bóthar Ceangail N59 ó Dheas agus tuiscint ar na srianta sa cheantar agus chun na tionchair dhiúltacha a íoslaghdú ar an timpeallacht ghabhála, agus dá bhrí sin níl a ailíniú faoi réir athraithe.

## 4.4 Tionchair ar thithe agus ar phobail

### Ceisteanna

4.4.1 Rinne 28 úinéir tí agus úinéir réadmhaoine aighneacht/agóid maidir le gabháil agus leagan a dtithe aonair. Is gá do 27 díobh sin a dtithe a fhágáil mar gheall ar sheilbh éigeantach. Deir roinnt nach féidir a dtithe a ionadú agus go bhfuil an áit ina bhfuil siad uathúil. Níl aon agóid ag aighneacht/agóid amháin agus is mian leo dul i mbun idirbheartaíochta luath chun an próiseas a bhogadh ar aghaidh. Tá na haighneachtaí/agóidí deighilte thar na codanna den fhorbairt bóthair atá beartaithe mar seo a leanas:

- An R336 chuig an N59 Acomhal Leitrí: Ob_123

  Tá seacht dteach le leagan agus cúig theach le gabháil sa cheantar seo mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Níl aighneacht/agóid déanta ach ag duine amháin díobh seo a bhfuil a theach le gabháil. Chuir siad i gcoinne an bhealaigh a roghnaíodh agus luaigh siad, má fhaomhtar an scéim, gur mian leo fanacht ina dteach.

- N59 Acomhal Leitrí chuig Abhainn na Gaillimhe: Ob_457.1, Ob_457.2, Ob_497, Ob_498, Ob_519, Ob_531_537, Ob_532 agus Ob_229_540

  Tá naoi dteach le leagan agus ceithre theach le gabháil sa cheantar seo. Rinne triúr díobh seo a bhfuil a dteach le gabháil aighneacht/agóid. Luaitear i gceann amháin díobh seo, Ob_532 go dtacaíonn siad le gabháil a dtí agus gur mian leo dul i mbun idirbheartaíochta luath chun an próiseas a bhogadh ar aghaidh. Tháinig cúig cinn de na haighneachtaí/agóidí sa cheantar seo ó dhaoine a bhfuil a dteach le leagan agus tá siad i gcoinne gabháil a dtí.

- Abhainn na Gaillimhe go dtí Acomhal Bhóthar N84 Áth Cinn: Ob_567 agus Ob_568

  Tá dhá theach le leagan agus níl aon teach le gabháil sa cheantar seo. Rinne an bheirt díobh seo a bhfuil a dteach le gabháil aighneacht/agóid agus tá siad i gcoinne ghabháil a dtí.

- Acomhal Bhóthar N84 Áth Cinn: Ob_610, Ob_611, Ob_612, Ob_613_657 (baineann siad le dhá theach), Ob_615 agus Ob_621

  Tá 14 theach le scartáil agus níl aon ghabhálacha tithe sa cheantar seo. Rinne seisear díobh seo a bhfuil a dteach le gabháil aighneacht/agóid. Baineann ceann díobh seo, Ob_613_657, le dhá theach cónaithe. Tá na haighneachtaí/agóidí seo i gcoinne ghabháil a dtithe. Luaitear in aighneacht/agóid amháin, Ob_610, freisin go bhfuil na bearta maolaithe dóibh siúd a bhfuil tionchar an-suntasach orthu neamhleor agus míchothrom.

- Bóthar na Scoile, An Caisleán Gearr: Ob_631, Ob_632, Ob_633, Ob_636, Ob_642, Ob_643 agus Ob_644

  Tá sé theach le leagan agus tá dhá theach le gabháil sa cheantar seo. Rinne beirt díobh seo a bhfuil a dteach le gabháil agus cúigear díobh siúd a bhfuil a dteach le leagan aighneacht/agóid.

- Acomhal an N83 Bóthar Thuama chuig Cúlach: Ob_671, Ob_701 agus Ob_704

  Tá sé theach le scartáil agus níl aon ghabhálacha tithe sa cheantar seo. Rinne triúr díobh seo a bhfuil a dteach le gabháil aighneacht/agóid maidir le gabháil a dtí.

Déileáiltear leis na pointí ar leith a ardaítear sna haighneachtaí/agóidí seo ar fad faoi cheannteidil ar leithligh thíos.

### Freagraí

4.4.2 Ón uair ar tosaíodh ar dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe, rinneadh gach iarracht tithe a sheachaint nuair ab fhéidir é. Ach, mar gheall ar an timpeallacht thógtha agus ar fhorbairt líneach na cathrach agus tithe ar gach bóthar atá ag gobadh amach as an gcathair, ar an drochuair caithfear roinnt réadmhaoine a fháil agus a scartáil mar gheall ar thógáil an bhóthair agus ní rud é sin is féidir a sheachaint chun na tairbhí ar fad a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a shlánú, mar a leagtar amach sa TMTT agus go háirithe i gCuid 4.9 de Chaibidil 4, Roghanna Malartacha a Breithníodh den TMTT agus Cuid 10 den Achoimre Neamhtheicniúil don TMTT.

4.4.3 I limistéir áirithe, tá braislí tithe le leagan, rud a chuireann leis an tionchar ar an bpobal ar fad agus is tionchar mí-ámharach é seo. Tarlaíonn sé seo nuair a thrasnaíonn an bóthar Bóthar na Foraí Maola agus Bóthar Throscaigh ó thuaidh de Bhearna, áit a bhfuil seacht dteach le gabháil. Tarlaíonn sé arís ag trasnú an N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn, áit a bhfuil naoi dteach le gabháil. Ag Bóthar N84 Áth Cinn, tá an tionchar is mó i dtéarmaí an líon tithe, áit a bhfuil 14 theach le gabháil ar Bhóthar N84 Áth Cinn, tá sé theach eile ag Bóthar na Scoile agus trí cinn ag N83 Bóthar Thuama.

4.4.4 Aithnítear gur rud strusmhar é teach duine a leagan agus phléigh mo chomhghleacaí an Dr Martin Hogan é seo ina Ráiteas Fianaise.

4.4.5 Anuas air sin, tar éis Scéim Bóthair Cosanta an N6 GCRR agus Scéim Mhótarbhealaigh an N6 GCRR a fhoilsiú, agus i bhfad roimh fógra gnóthaíochta a thabhairt, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe, trí sheirbhísí cuideachta comhairleach réadmhaoine, i mbun idirbheartaíochtaí leis na húinéirí tí seo d'fhonn cúiteamh a aontú i ndáil le gabháil Comhairle Chontae na Gaillimhe na réadmhaoine i gcás go bhfaomhtar an scéim. Rinneadh é seo d'fhonn cinnteacht a thabhairt do na húinéirí tí seo i ndáil lena réadmhaoin, chun strus a laghdú do na húinéirí tí agus le cur ar a gcumas bogadh ar aghaidh lena saol chomh luath agus is féidir. Go dáta, tá 51 as an 54 úinéir tí atá le gabháil páirteach sa phróiseas seo atá leanúnach.

## 4.5 Tionchair ar ghnólachtaí agus áitribh thráchtála

### Ceisteanna

4.5.1 Tá 13 aighneacht/agóid ar fad ó ghnólachtaí agus ardaíonn siad ar fad imní atá uathúil dá gcúinsí féin agus tá na tionchair ar gach ceann uathúil freisin. Seo a leanas an réimse saincheisteanna a ardaíodh:

- Caillteanas iomlán gnó: Ob_708_709, Ob_713 agus Ob_691_713 (léasaí ar láthair 713)
- Caillteanas gnó i rith na tógála: Ob_298, Ob_691, Ob_O_691.13_14, Ob_717_720_721Ob_602_698_699_704.1 agus Ob_602_698_699_704 .2

- Ní bheidh dóthain talún fágtha tar éis na tógála le go mbeidh siad in ann fanacht i mbun gnó: Ob_673 agus Ob_724
- Rochtain tar éis na tógála: Ob_473

4.5.2 Tá dhá aighneacht eile: Ob_677 agus Ob_678 ina maítear go dtugtar tús áite d'áitribh thráchtála seachas tithe

## Freagra

4.5.3 Ob_298: Aithnítear go bhféadfadh míchaoithiúlacht áirithe a bheith ann do na húinéirí talún le linn chéim tógála na forbartha bóthair atá beartaithe. Tá Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála don fhorbairt bóthair atá beartaithe in Aguisín A.7.5 den TMTT. Cinnteofar i bhforálacha an PBCT go gcoinnítear suaitheadh agus núis chomh híseal agus is féidir. Féach freisin Cuid 7.6 de Chaibidil 7 chun na bearta maolaithe beartaithe a chuirfear i bhfeidhm i rith chéim na tógála a fheiceáil. Cothófar rochtain ar an réadmhaoin seo ag gach céim den tógáil. Baineann caillteanas ioncaim le cúiteamh.

4.5.4 Ob_673: Is trua go mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an trádstóras, seomra taispeántais agus gnó seo. Is caillteanas buan a bheidh i gcailleadh an tseomra taispeántais mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus ní féidir é a mhaolú ach le cúiteamh airgeadais.

4.5.5 Ob_696.13_14: Tá tógáil Acomhal Eastát Tionsclaíoch na Páirce Móire i gceist leis na hoibreacha beartaithe ag an láthair seo ag taobh ó thuaidh de Bhóthar Ceangail na Páirce Móire. Tabharfar faoi na hoibreacha tógála ar fad ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire ón taobh ó dheas gan aon tionchar ar an réadmhaoin seo. Beidh tionchar ag tógáil an T-acomhal le Bóthar Eastát Tionsclaíoch na Páirce Móire Thiar ar an teorainn tosaigh íseal mar go bhfuil sé socraithe siar timpeall 2.5m ag an teorainn thiar agus ag caolú le ceangal leis an teorainn atá ar an taobh thoir. Déanfar an obair thógála seo thar thréimhse ceithre seachtaine. Ní bheidh an pháirceáil reatha ag an mbóthar teorainn tosaigh ar fáil ar feadh na tréimhse ceithre seachtaine seo lena chinntiú go mbeidh limistéar oibre sábháilte ann don chonraitheoir. Atógfar an balla cloiche íseal os comhair na réadmhaoine seo nuair a chríochnófar an tógáil, de réir mar a léirítear i bhFíor 4.1.28 den Fhreagra IFB.

4.5.6 Ob_473: Tugadh faoi shuirbhé topagrafaíochta mionsonraithe ar an tógáil chríochnaithe de theorainn Ghaelscoil Mhic Amhlaigh ar Bhóthar Ghort na Bró. Rinneadh leasú le hailíniú Ghort na Bró chun an ceangal mar theorainn ó dheas na scoile a chríochnú. Dá bhrí sin, níl aon oibreacha beartaithe ar limistéir thírdhreachaithe Ghaelscoil Mhic Amhlaigh, agus baineadh Láthair 473a.201 ón Ordú Mótarbhealaigh. Tá sé seo áirithe san errata chuig an mBord Pleanála.

4.5.7 Ob_602_698_699_704.1 agus Ob_602_698_699_704.2: Leagtar amach go soiléir i gCaibidil 15 den TMTT go bhfuil tionchar suntasach ar na tailte a bhaineann leis an ngnólacht tráchtála seo. Leagtar béim i gCaibidil 18 freisin go bhfuil tionchar an-suntasach ar an bhfiontar tráchtála mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Pléann Les Brown caillteanas an tobair seo ina ráiteas fianaise.

4.5.8 I ndáil leis na tailte ina bhfuil an dabhach shéarachais/teach caidéil agus scagaire snasúcháin um chóireáil uisce, ní bheidh tionchar díreach ag na hoibreacha tógála ar na háiseanna seo. Tógfar athchumrú na mbóithre rochtana áitiúla ar thailte gafa chun rochtain a chinntiú don ghnólacht i rith na céime tógála. Tá próiseas trínar féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe tailte a dhiúscairt tar éis na tógála agus tabharfar na tailte ar fad ina bhfuil seirbhísí e.g. dabhcha séarachais, scagaire snasúcháin agus bóithre rochtana don ghnólacht ar ais chuig na húinéirí réadmhaoine tar éis na céime tógála tríd an bpróiseas seo. Ní mholtar an dabhach shéarachais ná na scagairí snasúcháin a bhaint i rith na céime tógála.

4.5.9 Ob_691: Níl aon mholtaí chun an fhéile rásaíochta samhraidh a chur ar ceal. Tá na tograí do dhearadh agus tógáil an fhoirgnimh seirbhísí tolláin ag Baile an Bhriotaigh in Aguisín A.5.1 den TMTT ina leagtar amach pleananna agus ingearchlónna mionsonraithe den áis. Rinneadh breithniú ar na tionchair agus leagtar amach iad sa TMTT.

4.5.10 Ob_717_720_721 agus Ob_691: Rinneadh breithniú ar thionchair na forbartha bóthair atá beartaithe agus liostaíodh bearta maolaithe síos tríd an TMTT, don chéim tógála agus oibríochtúla. Déantar cur síos i gCaibidil 7 den TMTT ar na gníomhaíochtaí tógála, lena n-áirítear breithniú ar an gcaoi a thógfar an fhorbairt bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear tógáil fálta, glanadh suímh, aon fhiosrúcháin riachtanacha, tabhairt isteach agus diúscairt ábhar, draenáil agus gníomhaíochtaí tógála ginearálta i gcomhair bonneagar bóthair. Gné lárnach san iarratas ar Fhaomhadh is ea na gealltanais chomhshaoil seo arna leagan amach i gCaibidil 21, Sceideal na dTiomantas Comhshaoil.

4.5.11 Ob_708_709, Ob_713 agus Ob_O_691_713: Áirítear tailte atá curtha san áireamh laistigh de theorainn na gabhála talún ag an láthair shonrach seo atá riachtanach agus a bhfuil gá leo chun tógáil agus oibriú / cothabháil na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú, lena n-áirítear, inter alia, foirgneamh cothabhála do Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe, bealach éalaithe éigeandála d’fheithiclí ró-arda, bearta maolaithe tolláin, agus bainistiú tráchta. Oibreacha riachtanacha iad seo agus tá údar leis an ngabháil talún chun iad a sholáthar. Aithnítear go raibh tionchar níos mó ná a rabhthas ag súil leis ag baint le forbairt dearaidh an tolláin nuair a foilsíodh an chonair bhealaigh is dealraithí a roghnófar. Bogadh an t-ailíniú ó thuaidh chuig páirceanna oscailte siar ón réadmhaoin seo chun fad Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe a ghiorrú. Bhain na tairbhí seo a leanas leis an tollán a ghiorrú:

- Laghdaíodh an méid coincréite a theastaíonn do thógáil an tolláin
- Laghdaíodh na hastaíochtaí carbóin mar nach dteastaíonn an oiread coincréite
- Laghdaíodh tréimhse tógála an tolláin
- Níorbh ghá aerú meicniúil a úsáid sa tollán

- Réitíodh na saincheisteanna sábháilteachta a bhaineann le tairsí an tolláin ag pointe teacht isteach tráchta / malairt slí Acomhal an N83 Bóthar Thuama
- Tá an tollán 230m níos inbhuanaithe thar a shaolré ná tollán 850m

Cé go raibh na tairbhí seo ag baint leis, bhí tionchar níos measa aige ar an réadmhaoin seo agus ar an réadmhaoin comharsana ar an taobh thoir, láthair 713 (féach Ob_713) agus a léasaí fadtéarma (féach Ob_O_691_713). Ach, mar gheall ar chothromaíocht foriomlán an méid a bhaintear amach i dtéarmaí laghdú 350% i bhfad an tolláin, tá údar le gabháil na láithreach. Úsáidfear an láthair chun stáblaí ionaid a thógáil agus, dá bhrí sin, maolófar tionchar a bheadh an-suntasach ar Ráschúrsa na Gaillimhe seachas sin. Pléifidh Michael Sadlier é seo a thuilleadh ina Ráiteas Fianaise ar eachaí.

4.5.12 Ob_724: Is trua go mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an suíomh seo. Is caillteanas buan a bheidh i gcailleadh na dtailte mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus ní féidir é a mhaolú ach le cúiteamh airgeadais.

4.5.13 Ob_677 & Ob_678: Bhí leaganacha éagsúla de dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe ag an gcéim dearaidh tosaigh, ag díriú ar chuspóirí tionscadail chun nascacht a fheabhsú agus plódú tráchta a mhaolú i nGaillimh. Níor tugadh faoin dearadh i bhfabhar réadmhaoin tráchtála thairis tithe teaghlaigh. Breathnaítear ar Ráschúrsa na Gaillimhe mar chonláiste suntasach do dhaoine áitiúla agus an t-áitreabh ar oscailt don phobal i gcomhair siúil agus úsáid áineasa. Níor scrúdaíodh Ráschúrsa na Gaillimhe mar ghnólacht tráchtála amháin ach mar limistéar áineasa poiblí agus na tionchair á measúnú.

## 4.6 Eastáit Tithíochta Cóngaracha

### Ceisteanna

4.6.1 Téann an fhorbairt bóthair atá beartaithe gar d'eastáit tithíochta reatha ar thaobh thoir agus thiar na cathrach. Tá ceisteanna ardaithe ag cónaitheoirí sna heastáit seo maidir le cóngaracht, soláthar rochtana, rochtain do choisithe, sábháilteacht agus tógáil talún.

4.6.2 Tá tógáil talún feadh an N6 reatha ó dheas de Thimpeallach Chúlach an N6 atá laistigh den bhóthar poiblí reatha, ach atá cláraithe leis an eastát tithíochta taobh leis. Ardaíodh é seo in aighneachtaí/ agóidí Ob_761 agus Ob_O_761.30

4.6.3 Téann an fhorbairt bóthair bheartaithe in aice le tailte ar a bhfuil sé beartaithe réadmhaoine cónaithe a chur ar fáil. Tarraingíodh anuas ceisteanna maidir leis sin in aighneachtaí / agóidí Ob_229, Ob_261, Ob_469, agus Ob_484

## Freagra

4.6.4 Ob_229: Cuireadh Iarratas ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (FST) le haghaidh 238 aonad cónaithe chuig an mBord Pleanála (ABP) an 24 Meitheamh 2019 ar na tailte ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar láthair 229 tar éis an iarratais ar chead don N6 GCRR. Dá bharr sin, cuireadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe san áireamh agus iad á bhforbairt, lena n-áirítear, inter alia, soláthar sciathadh amhairc, fálú, bonneagar draenála cuí, etc. Tugadh faoi chomhairliúchán ar sheirbhísí stoirme agus sláintíochta don iarratas FST seo ionas go bhfreastalaítear ar na seirbhísí seo faoi lorg coise an N6 GCRR beartaithe, rud a chinnteoidh nach mbíonn aon choimhlint idir an dá iarratas ar chead. Deonaíodh an cead le haghaidh na forbartha sin ar an 10 Nollaig 2019, tagairt ABP-304762-19.

4.6.5 Ob_469 agus S_003: Cuireadh Iarratas ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (FST) le haghaidh 332 árasán chuig an mBord Pleanála (ABP) an 21 Samhain 2019 ar na tailte laistigh de láthair 469 tar éis an iarratais ar chead don N6 GCRR. Dá bharr sin, cuireadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe san áireamh agus iad á bhforbairt, lena n-áirítear, inter alia, ailíniú BR 06/04. Níl aon choimhlint idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus an t-iarratas FST reatha dar tagairt 305982. Rinneadh dearadh Bhóthar Ghort na Bró, ó thuaidh ó Acomhal Pháirc Mhiondíola Gateway a laghdú mar chuid den obair chomhairliúcháin sin, agus dá bhrí sin níl aon ghá anois dul isteach i réadmhaoin Ghaelscoil Mhic Amhlaigh. Leis an athrú sin, áiríodh lánaí rothaíochta 2m ar an dá thaobh de Bhóthar Ghort na Bró idir an t-acomhal soilsithe atá beartaithe, in ionad an timpealláin atá ann faoi láthair, agus an trasrian coisithe nuathógtha ag an mbealach isteach chuig Gaelscoil Mhic Amhlaigh. Ina theannta sin, fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe tailte ar theorainn thoir Bhóthar Ghort na Bró go dtí Bóthar Rathúin agus tá siad tiomanta do chosán rothaíochta a sholáthar ón trasrian coisithe nuathógtha ag an mbealach isteach chuig Gaelscoil Mhic Amhlaigh ó thuaidh go dtí Bóthar Rathúin. Bainfear láthair 473a.201 ó Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe.

4.6.6 Ob_261 & Ob_484: Cuirfear an t-iarratas seo ar chead don fhorbairt bóthair atá beartaithe san áireamh le haon fhorbairt amach anseo ar láithreacha 261 agus 484, lena n-áirítear amharc-scagadh, fálta, bonneagar draenála iomchuí, etc. a sholáthar.

## Ceisteanna – Rosán Glas

4.6.7 Ritheann an Bóthar Ceangail N59 díreach siar ó bhóthar reatha an eastáit, Bóthar Diarmuida, agus in aice leis, a mbaineann muintir eastát tithíochta Rosán Glas úsáid as. Tá an t-eastát sin suite idir Bóthar Rathúin agus Bóthar Leitrí. Is féidir achoimre a thabhairt ar na ceisteanna arna dtarraingt anuas ag cónaitheoirí mar seo a leanas:

a) **Roghnú rogha**: tarraingíodh anuas ceisteanna maidir leis sin sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: S_011, S_029, S_031, S_044, S_051, S_056, S_057, S_060, agus S_065

b) **Tionchair agus roghanna malartacha a chur in iúl**: tarraingíodh anuas ceisteanna maidir leis sin sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: S_004, S_011, S_031, agus S_051

c) **Rochtain a sholáthar le linn na tógála agus ina diaidh**: tarraingíodh anuas ceisteanna maidir leis sin sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: S_004, S_011, S_029, S_031, S_043, S_044, S_051, S_056, S_057, S_060, agus S_065

d) **Rochtain do choisithe agus sábháilteacht ar bhóithre**: tarraingíodh anuas ceisteanna maidir leis sin sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: S_004, S_029, S_043, S_057, agus S_060

e) **Iompar inbhuanaithe**: tarraingíodh anuas ceisteanna maidir leis sin sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: S_004, S_011, S_029, agus S_056

## Freagraí – Rosán Glas

4.6.8 Mar a tugadh faoi deara sa réamhrá, is ceangal tábhachtach é an Bóthar Ceangail N59 idir an N59, Bóthar Leitrí agus Bóthar Rathúin agus is ceangal é atá ar lár sa líonra bóithre atá ann faoi láthair. Is acomhail soilsithe iad na hacomhail go léir ar an mBóthar Ceangail N59, ag an N59, ag Bóthar Leitrí agus ag Bóthar Rathúin agus freastalaítear go hiomlán ar choisithe agus rothaithe leo, agus tá lánaí casta iomchuí curtha ar fáil ann ar mhaithe le hoibriú éifeachtúil na n-acomhal soilsithe sin. Cuirfear rochtain ó Rosán Glas ar an ngréasán bóithre níos leithne ar fáil trí BR07/02 lena gcruthaítear acomhal stoprialaithe leis an mBóthar Ceangail N59 Theas.

4.6.9 Téitear i ngleic le roghnú rogha i gCuid 4.3.

4.6.10 Téitear i ngleic le tionchair a chur in iúl i gCuid 4.9.

***Rochtain a sholáthar le linn na tógála agus ina diaidh***

4.6.11 Tá dhá bhóthar rochtana amach ó Bhóthar Rathúin ar fáil do mhuintir eastát Rosán Glas faoi láthair, agus tugtar rochtain do 51 teach leis an mbóthar rochtana ó dheas. Ní dhéanfar athrú ar bith ar an rochtain sin agus ní bheidh tionchar ar bith ar an mbealach isteach sin mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus beidh an 51 teach sa chuid sin de Rosán Glas ábalta rochtain a fháil ar a gcuid

réadmhaoine díreach mar is féidir leo faoi láthair. Níl tréscaoilteacht coisithe i gceist sa chás reatha agus sa chás amach anseo ach amháin idir an bloc seo de 51 teach agus an 174 teach eile in Rosán Glas.

4.6.12 Tá dara bealach isteach ó thuaidh chuig Rosán Glas, lena bhfreastalaítear ar an gcuid níos mó den eastát agus baineann thart ar 174 teach úsáid as an ngréasán bóithre inmheánach sin. Ceanglaíonn an Bóthar Ceangail N59 Theas le Bóthar Rathúin ag suíomh an bhealaigh isteach thuaidh sin chuig Rosán Glas, agus dá bhrí sin, bogfar an ceangal idir Rosán Glas agus an Bóthar Ceangail N59 níos faide ó thuaidh, agus dá bhrí sin beidh rochtain ar an eastát go fóill agus déanfar riachtanais iompair mhuintir an eastáit a shásamh.

4.6.13 Le linn na tógála, cinnteofar go mbeidh rochtain ar réadmhaoine, creiseanna, an siopa atá ann faoi láthair, agus an Montessori i gcónaí, tríd an tógáil a chéimniú go hiomchuí lena gcinnteofar go gcoinneofar rochtain tríd an mbealach isteach reatha go dtí go mbeidh an bealach isteach nua atá beartaithe ag feidhmiú go hiomlán. Déanfar moill ar thógáil a íoslaghdú a mhéid is féidir. I dtaca leis sin, tá Plean Bainistíochta Trácht Tógála san áireamh leis an bPlean Bainistíochta Comhshaoil don Tógáil agus cuirfidh an conraitheoir rathúil i gcrích é i gcomhréir leis an sracphlean a sholáthraítear sa TMTT in Aguisín A.7.4.

4.6.14 Maidir leis an imní a léiríodh faoi úsáid Bhóthar Diarmuida mar bhealach tarlaithe, léirítear na bealaí tarlaithe atá beartaithe i bhFíor 7.113 d'Imleabhar 3 de TMTT. Is léir nach bhfuil sé beartaithe Bóthar Diarmuida a úsáid mar bhealach tarlaithe. Ina ionad sin, tá sé beartaithe bealach an Bhóthair Ceangail N59 Theas a úsáid, a ndearnadh measúnú air sa TMTT.

4.6.15 Beifear in ann réadmhaoine, creiseanna, an siopa atá ann faoi láthair agus an Montessori a rochtain tríd an BR07/02 agus an BR07/03 tar éis na tógála. Cuirfear rochtain ó Rosán Glas ar an ngréasán bóithre níos leithne ar fáil trí BR07/02 tar éis na tógála, lena gcruthaítear acomhal stoprialaithe leis an mBóthar Ceangail N59 Theas. Freastalaítear ar an gceantar níos leithne ina gcuimsítear Leitreach / Rathún / Cnoc na Cathrach leis an gceangal sin. Mar a luadh cheana, freastalaítear go hiomlán ar choisithe agus rothaithe leis na hacomhail soilsithe ar an mBóthar Ceangail N59 Theas, agus tá lánaí casta iomchuí curtha ar fáil ann ar mhaithe le hoibriú éifeachtúil, lena n-áirítear chun freastal ar an trácht feithiclí a bhíonn ann faoi láthair ó Rosán Glas.

4.10.16 Luaitear in S_029 go bhfuil '*rochtain dhíreach ar Bhóthar Diarmuida ag roinnt aonad cónaithe faoi láthair*'…..agus go '*gcuirfear cosc ar an rochtain dhíreach sin tríd an mbóthar nua a chur i bhfeidhm*'. Tarraingítear anuas an pointe sin in S_056 chomh maith. Tá balla saoirseachta a bhfuil éadan cloiche air idir na tithe cónaithe agus Bóthar Diarmuida thar achar an fhorluí leis an mBóthar Ceangail N59 Theas.

4.10.17 Luaitear in S_029 '*gur ábhar imní é go mbeidh plódú trom tráchta i mbóthar eastáit Rosán Glas mar gheall ar thrácht a bheith ag iarraidh rochtain a fháil ar an mBóthar Ceangail nua ó áiteanna cónaithe eile amhail Cnoic an Óir, Sliabh Ríoga agus Cúlgharraí…….agus an fhéidearthacht ann go mbeadh feithiclí ag iarraidh trácht a sheachaint ar an mbealach thoir-thiar trí na ceantair chónaithe atá ann faoi láthair'*. Tarraingítear anuas an cheist sin in S_056 chomh maith. Níl

údar maith leis an imní sin mar ní cheadófar aon rochtain d'fheithiclí idir na ceantair chónaithe i gCnoic an Óir agus Sliabh Ríoga agus Bun an Chnoic atá ceangailte le Rosán Glas - tá bacainn fhisiciúil ann i bhfoirm limistéir a bhfuil plandaí curtha ann le teorainn chloiche mórthimpeall chun rochtain a chosc. Ní féidir rochtain a fháil ar Shliabh Ríoga ná ar Chnoic an Óir ach ó Bhóthar Leitrí amháin.

4.10.18 Maítear le S_029 nach bhfuil go leor pointí rochtana ann chun freastal ar an bhforbairt amach anseo. Déanfar rochtain ar phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe a shrianadh i gcomhréir lena feidhm straitéiseach agus beidh gá le cead forbartha ón mBord Pleanála chun aon acomhail nó pointí rochtana breise a sholáthar agus, dá réir sin, féachfar chuige go seasfaidh acmhainn na forbartha bóthair atá beartaithe an aimsir.

***Rochtain do choisithe agus sábháilteacht ar bhóithre***

4.6.19 Dearadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe go sábháilte i gcomhréir le ceanglais Bhonneagar Iompair Éireann agus an Lámhleabhair Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha. Déantar foráil do riachtanais choisithe agus rothaithe ar an mBóthar Ceangail N59 Theas agus ag acomhail soilsithe lena mbaineann. Laghdaíodh líon na bpointí rochtana dírí, agus na bpointí coimhlinte lena mbaineann, ar an mBóthar Ceangail N59 Theas a mhéid ab fhéidir, chun cúrsaí sábháilteachta a fheabhsú.

4.6.20 Coinníodh bonneagar Bhóthar Ceangail Ghort na Bró mar a bhí agus cuireadh bonneagar rothaíochta leis idir acomhal Ghort Na Bró agus Gaelscoil Mhic Amhlaigh. Tá sé sin ar aon dul leis an tagairt don iarratas pleanála reatha ABP-305982-19 ó Glenveagh Living Limited sa réimse sin agus beidh leanaí scoile ábalta úsáid a bhaint as chun rochtain a fháil ar an áit leis an mbus rothaíochta a ndearnadh tagairt dó thuas. Ina theannta sin, coinnítear an bealach rothaíochta trí Lána an Mhuilleora go dtí Gaelscoil Mhic Amhlaigh agus féadfaidh na húsáideoirí dul trasna Bhóthar Ceangail Ghort na Bró tríd an trasrian coisithe atá ann cheana féin. Déantar crostagairt do na ceisteanna sin i gCuid 4.6 agus i gCuid 4.19.

4.6.21 Cuirfear ceangal do choisithe ó ghréasán bóithre eastáit inmheánach Rosán Glas go dtí Bóthar Rathúin ar fáil ag Acomhal Rathúin atá ann cheana féin ionas nach gcuirfear isteach ar an líne inmhianaithe do choisithe trí bhealaí isteach an limistéir chónaithe a athlonnú. Léirítear é sin i bhFíor 5 thíos mar aon leis na socruithe um rochtain d'fheithiclí ar an limistéar cónaithe, mar a léirítear i bhFíor 1.10.11 d'Aguisín A.1.13 leis an bhFreagra IFB. Iarrtar le S_029 na plandaí reatha atá sa bhealach isteach reatha a choimeád, agus cosnófar iad sin le linn na tógála trí fhál sealadach a chur timpeall orthu mar a léirítear i bhFíor 1.6.26 d'Aguisín A.1.9 leis an bhFreagra IFB.

***Sábháilteacht agus conláiste***


4.6.22 Léiríodh i mórán de na haighneachtaí gur ábhar imní é go mbeidh an t-eastát, atá suite ar cul-de-sac faoi láthair, suite in aice le príomhbhóthar amhail an Bóthar Ceangail N59 Theas sa todhchaí. Tá sé beartaithe balla teorann a bheidh 1.2m ar airde a thógáil ar theorainn thiar Bhóthar Diarmuida chun é a choimeád scartha ón mBóthar Ceangail N59 mar a léirítear le Fíor 1.6.25 d'Aguisín A.1.9 den Fhreagra

IFB. Ar an mbealach sin bhraithfí an príobháideachas céanna san eastát is a bhraitear ann faoi láthair.

***Iompar inbhuanaithe***

4.6.23 Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe ina cuid de phleananna iompair níos leithne Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe. I gcás ina mbuaileann an fhorbairt bóthair atá beartaithe le bonneagar iompair atá beartaithe (bonneagar rothaíochta, coisithe, bus etc. de réir mar a léirítear laistigh de Straitéis Iompair na Gaillimhe) déantar foráil dá leithéid. Déanfar aon bhonneagar atá beartaithe go neamhspleách ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe áfach, lena n-áirítear lánaí bus agus rothaíochta, a sholáthar agus a chur i bhfeidhm astu féin. Léirítear i gCuid 4.2 agus i gCuid 4.5 den Ráiteas Fianaise seo cén bhaint atá idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus pleananna iompair agus tugtar léiriú iontu ar an gcaoi a ndearnadh breithniú ar roghanna malartacha. Déanann Andrew Archer mionsonraí an tsamhaltaithe tráchta, lena n-áirítear sciar modha, a phlé ina Ráiteas Fianaise ar chúrsaí tráchta.

**Fíor 5: Rochtain coisithe ar Rosán Glas ó Bhóthar Rathúin**




## Ceisteanna – An Fraoch Mór

4.6.24 Ritheann príomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe díreach siar ón eastát reatha An Fraoch Mór atá suite amach ón gCuarbhóthar, agus in aice leis.

4.6.25 Tarraingíodh anuas ceisteanna faoin gcúis a bhfuarthas talamh ar feadh an bhóthair eastáit inmheánaigh san Fhraoch Mór. Tarraingítear ceisteanna eile anuas ansin maidir le rochtain a sholáthar ar thailte scoite trí chuid den bhóthar eastáit reatha a fháil chun ceangal leis an mbóthar poiblí, an Cuarbhóthar. Tarraingítear anuas ábhair imní faoin trácht tógála ar bhóthar an eastáit agus faoin trácht talmhaíochta

a bheidh air i ndiaidh don fhorbairt a bheith curtha i gcrích: Ob_510, Ob_511.07, Ob_511.06, Ob_511.16, Ob_511.25, Ob_511.18, Ob_512.1 agus S-020.

4.6.26 Ceistíonn cónaitheoirí sa Fhraoch Mór an gá atá le hAcomhal Leitrí an N59, mar aon leis an ngá le deighilt leibhéal agus an gá leis na sliosrampaí ag an acomhal sin. Tarraingítear anuas na ceisteanna sin in Ob_510.

4.6.27 Tarraingíodh anuas ceisteanna eile maidir le bealach malartach amhail an 2006 SBCG nó an gá le seirbhís iompair phoiblí nó acomhail ar chaighdeán níos ísle a sholáthar agus pléitear leo sin i gCuid 4.3 thuas.

## Freagraí – An Fraoch Mór

4.6.28 Ob_510, Ob_511.05, Ob_511.06, Ob_511.07, Ob_511.16, Ob_511.25, Ob_511.18, Ob_512.1, S_020, S_070: Déanann na cónaitheoirí sa Fhraoch Mór agóid i gcoinne BR 07/10 a sholáthar, a bheidh ceangailte leis an mbóthar eastáit inmheánach. Áitíonn siad '*nach bhfuil an bóthar eastáit inmheánach oiriúnach ar chor ar bith do thrácht talmhaíochta', go ndearnadh é le haghaidh trácht éadrom amháin agus le haghaidh líon beag tithe'*. Bóthar rochtana príobháidí is ea BR 07/10 chun rochtain a thabhairt ar thailte arna scoitheadh ag an N6 GCRR i láthair 506 de réir mar a thugtar faoi deara i dTábla 9.3 de Chuid 9.4 den Fhreagra IFB. Tá Láthair 506 criosaithe mar thalamh talmhaíochta faoi láthair, agus tá 1.14 heicteár in iomlán sa chuid scoite. Freastalaíonn an bóthar eastáit inmheánach reatha ar láthair 504 ina iomláine áfach, arb ionann a achar iomlán agus 3.09 heicteár, agus ar an gcuid thiar de láthair 510, arb ionann a achar iomlán agus 0.41 heicteár, a bhfuil siad araon ina dtailte talmhaíochta criosaithe. Ós rud é nach bhfuil ach 1.14 heicteár sa chuid de na tailte talmhaíochta breise a dhéanfar a rochtain tríd an mbóthar eastáit inmheánach sin, beidh acmhainn imleor sa bhóthar eastáit inmheánach chun freastal uirthi. Meastar gurb é an bóthar eastáit inmheánach an pointe rochtana ceart don talamh scoite sin ós rud é go bhfuil sé díreach in aice leis, seachas é a atreorú tríd an mbóthar le seirbhísí ó dheas atá i ngar dó.

4.6.29 Tugtar faoi deara le roinnt agóidí, Ob_511.05 & Ob_ 511.18, gur láthair beag nó '*beag bídeach*' atá i gceist leis na tailte scoite atá fágtha i láthair 506 agus moltar iontu gur cheart don údarás áitiúil é a fháil seachas rochtain a sholáthar air. Toisc nach bhfuil gá leis chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thógáil ná a oibriú, níl bonn cirt le láthair scoite 506 a chur san áireamh leis an ngabháil talún. Luaitear freisin in Ob_511.18 go bhfuil sé beartaithe leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh *go mbainfeadh na páirtithe a mbeidh tionchar orthu ar láthair 504 & láthair 506 tairbhe dhíréireach as ,,,,,, lena soláthrófaí bonn d'acmhainn forbartha na láithreacha sin sa todhchaí'.* Tá an bóthar eastáit laistigh den Fhraoch Mór á fháil chun rochtain a sholáthar ar thailte scoite, agus is ábhar pleanála é acmhainn fhéideartha na dtailte sin don todhchaí.

4.6.30 Maidir leis na hábhair imní a tarraingíodh anuas i leith trácht tógála in S_020, Ob_511.25, Ob_511.07, Ob_512.2 agus Ob_511.16, níl aon rochtain ar an láithreán tógála don phríomhlíne ón gCuarbhóthar nó ón bhFraoch Mór. Ní bheidh aon trácht tógála i gceist seachas an trácht a mbeidh gá léi chun an rian rochtana a thógáil a


bheidh 4m ar leithead. Beidh thart ar 250 gluaiseacht trucaile i gceist leis sin, thar thréimhse 4 seachtaine. Déanfar na colbhaí a athailíniú go háitiúil ar bhonn sealadach ar an lúb deiridh ar an taobh thiar agus cuirfear ar ais iad i ndiaidh na tógála, agus ní gá aon leathnú ná cúlú eile a dhéanamh ar na colbhaí.

4.6.31 Ob_510: Rinneadh measúnú ar an acmhainn a bheidh ag teastáil chun freastal ar an trácht arna thuar chun leithead iomchuí an charrbhealaigh agus an caighdeán a chinneadh do phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe mar a shonraítear i gCuid 7.5 d’Aguisín A.6.1 Tuarascáil Samhaltaithe Tráchta do TMTT. Cinneadh leis go mbeidh gá le leithead débhealaigh ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín go dtí Bóthar Chúil Each N6. Is é Mótarbhealach Uirbeach an caighdeán is infheidhme sa chaighdeán BIÉ DN-GEO-03036 agus glactar na caighdeáin deartha uirbigh i bhfianaise an chomhshaoil agus an mhéid tráchta atá á thuar. Is é an rogha acomhail a úsáidfear le bóthar den chineál sin ná acomhal ilairde amháin, agus, dá bhrí sin, ní féidir an réiteach de thimpeallán comhréidh a mholtar san agóid seo a úsáid. Déantar tagairt don rogha sin in S_049 chomh maith.

4.6.32 Ceanglófar Acomhal Leitrí N59, atá ina acomhal ilairde, leis an mBóthar Ceangail N59 atá beartaithe siar ó thuaidh ón gcathair agus is acomhal tábhachtach é ó thaobh trácht a scaipeadh. Tá Acomhal Leitrí N59 seach-churtha ón N59, ar an gcéad dul síos chun an tionchar díreach ar réadmhaoin chónaithe a íoslaghdú ar thrasnú droichid an N59 agus, ar an dara dul síos, chun ceangal níos fearr agus scaipeadh tráchta níos fearr a chur ar fáil ón bhforbairt bóthair atá beartaithe go Cnoc na Cathrach, Bóthar na Trá agus an trasnú ar cheantar an N59.

4.6.33 Ceanglaíonn an Bóthar Ceangail N59 Theas le Bóthar Leitrí agus Bóthar Rathúin, rud a scaipeann go héifeachtach trácht atá ag dul go dtí an taobh theas d’Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (ó dheas de Dhroichead na gCúig Chéad), Cnoc na Cathrach, Bóthar na Trá agus Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, agus éascaíonn an Bóthar Ceangail N59 Thuaidh trácht atá ag dul go dtí an taobh thuaidh d’Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (Tailte Spóirt an Daingin), Bóthar N59 Mhaigh Chuilinn agus Conamara. Fanfaidh an trácht atá ag dul go dtí an Spidéal agus Conamara Theas ar an N6 GCRR atá beartaithe.

**Fíor 6: Scaipeadh Tráchta ag Acomhal Leitrí N59**




4.6.34 Mar is léir, treoraítear trácht le sliosrampaí chuig bóthar ceangail nua, Bóthar Ceangail N59, a dearadh ar chaighdeán a chiallóidh go mbeidh sé ábalta an trácht sin a ghlacadh. Níl aon cheangal leis an gCuarbhóthar mar a thugtar le fios in Ob_510.

## 4.7 Ceisteanna Sainiúla maidir le Campas Spóirt OÉG

### Ceisteanna

4.7.1 Tharraing OÉG ceisteanna sainiúla anuas maidir leis na tionchair a bheidh i gceist le linn na tógála agus tugtar aghaidh orthu sin i gCuid 4.15.

4.7.2 Maítear in Ob_528_541_543_537 nár tugadh aird chuí ná tábhacht leormhaith do na hábhair imní fhíorshuntasacha a tharraing OÉG anuas ina haighneachtaí roimhe seo. Maítear ann chomh maith nach bhfuil aon fhianaise ann go ndearnadh breithniú ar an rogha de thollán a úsáid do thrasnú an champais ar feadh an rogha bhealaigh reatha, amhail a soláthraíodh ag Ráschúrsa na Gaillimhe agus Cairéal Leacaigh. Luaitear ann gur measadh go mbeadh an tionchar is lú ag Rogha an Bhealaigh Oráiste ar cSAC Loch Coirib agus an bealach á roghnú, agus ní léir cén fáth nár leanadh ar aghaidh leis an rogha sin chun Campas Spóirt OÉG a chosaint.


4.7.3 Seachas an aighneacht a tharraing OÉG anuas, tarraingítear anuas ceisteanna sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas maidir le leibhéal an tionchair ar OÉG, ó dhearcadh úsáideoirí saoráide ann nó daoine a bhaineann taitneamh as: Ob_228_229_540, Ob_510, Ob_O_511.06, Ob_O_517.11.1, Ob_523, Ob_531.2, Ob_534, S_004, S_010, S_016, S_022, S_024, S_027, S_045, S_048, S_049.1, S_049.2 agus S_068.1. Tugtar aghaidh ar na ceisteanna a bhaineann leis an leagan amach deiridh a shocrú sa ráiteas seo.

### Freagra

4.7.4 Ob_528_541_543_537: Rinneadh machnamh ar thollán a chur faoin gCampas Spóirt agus na roghanna innealtóireachta á measúnú don bhealach roghnaithe. Mar gheall ar shrianta geoiméadrachta ingearaí an deartha bóthair áfach, mar aon leis an trasnú atá riachtanach ar an N59 in aice leis (faoi nó os a chionn), agus an gá le nascacht acomhail a sholáthar le bealach náisiúnta an N59, ní féidir tollán a dhéanamh faoi bhun an Champais Spóirt gan tollán domhaintollta a chur faoi Abhainn na Gaillimhe. Rinneadh machnamh iomlán ar thollán domhaintollta faoi Abhainn na Gaillimhe mar chuid den phróiseas Roghnaithe Rogha mar an Bealach Oráiste. Ní hé tollán domhaintollta ar feadh na conaire bealaí is dealraithí a roghnófar (EPRC) an suíomh is fearr mar bheadh an t-achar is giorra idir tairseacha oiriúnach don chineál sin tollánaithe. Tugtar aghaidh ar cheist S_049 maidir leis sin anseo chomh maith. Tugtar sonraí ar Rogha an Bhealaigh Oráiste nár piocadh i gCuid 4.3.

4.7.5 Mar a leagtar síos i gCuid 3.2, athraíodh an maolú maidir le páirceanna imeartha a chailleadh agus níl sé beartaithe an pháirc féir CLG lánmhéide ó dheas, páirc 9, a bhaint a thuilleadh. Rachaidh Tarbhealach OÉG thar Pháirc Imeartha 8 agus gheofar é go sealadach i gcomhair na n-oibreacha tógála. Beidh Páirc Imeartha 9 ar fáil le haghaidh úsáid leanúnach ar feadh thréimhse na n-oibreacha tógála. Ina theannta sin, tá dul chun cinn á dhéanamh ag OÉG lena máistirphlean tógála, ar leithligh, maidir le Páirceanna Imeartha X agus Y.

**Fíor 7: Campas Spóirt OÉG**




4.7.6 Mar is léir i bhFíor 7 thuas, ní bheidh aon tionchar ar an raon reatha ná ar an bpáirc haca, an pháirc rugbaí, páirc CLG 9 ná an 2 pháirc sacair, ar an abhainn ó thaobh rámhaíochta de, ná ar úsáid an champais ag clubanna amhail Galway City Harriers, ag foirne rugbaí, foirne rámhaíochta ná foirne spóirt eile amhail trí-atlan, hacaí etc, le haghaidh cúrsaí traenála agus campaí samhraidh ná ar na mílte conairí reatha agus siúil. Féadfar nascacht agus tréscaoilteacht faoin tarbhealach a chumasú tar éis don tógáil a bheith curtha i gcrích agus na conairí go léir a chur ar fáil arís. Cuirfear rochtain ar fáil thar an suíomh le linn na tógála ar bhonn rialaithe amháin.

## 4.8 Ceisteanna Sainiúla maidir le Ráschúrsa na Gaillimhe

### Ceisteanna

4.8.1 Maítear le Ob_691 nach bhfuil cúrsaí soiléir maidir le réamhoibreacha agus oibreacha cumasúcháin i ndoiciméid an iarratais phleanála agus iarrtar soiléiriú ann maidir leis na hoibreacha a dhéanfar sa phríomhchonradh agus an méid a dhéanfar mar réamhoibreacha.

4.8.2 Maítear le Ob_691 nach dtagraítear do shonraí na bhféilte rásaíochta i rith an tsamhraidh in aon áit in TMTT.

4.8.3 Iarrtar le Ob_691 go ndearbhódh an forbróir nach ndéanfar aon chóras gnáthchothabhála agus cigireachta don chéim oibríochta a sceidealú ar dháta ar a gcuirfí isteach ar oibriú agus feidhmiú Ráschúrsa na Gaillimhe.

4.8.4 Iarrtar le Ob_691 go dtabharfaí gealltanais sa bhreis ar na cinn a léirítear i gCuid 18.5.3.3 de Chaibidil 15 de TMTT, lena n-áirítear stop a chur le hoibreacha tógála le linn sceideal rásaíochta an tsamhraidh/an fhómhair agus go dtabharfaí an deis dóibh clár na n-oibreacha a chomhaontú maidir leis na hoibreacha uile mórthimpeall a gcuid réadmhaoine.

4.8.5 Maítear le Ob_691 gur cheart glacadh le roinnt de na láithreacha a léirítear san Ordú Ceannaigh Éigeantaigh mar láithreacha gabhála sealadaí seachas mar éadáil bhuan.

## Freagra

4.8.6 Tarraingítear aird i gCuid 7.4.3 de Chaibidil 7 de TMTT ar na hoibreacha sin a nglactar leo mar oibreacha cumasúcháin, agus a dhéanfar sula gcuirfear tús leis an bpríomhchonradh. Áirítear leo sin na hoibreacha ar an atreorú ar Ascaill an Ráschúrsa, athailíniú an bhealaigh isteach ó thuaidh ar Ráschúrsa na Gaillimhe, stáblaí sealadacha a thógáil agus dhá thobar a athsholáthar. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtabharfar faoi na cáblaí BSL 110kV lasnairde ag Baile an Bhriotaigh mar oibreacha cumasúcháin chomh maith.

4.8.7 I gcomhairliúcháin le húinéir na talún sular foilsíodh an t-iarratas seo, chuir úinéir na talún na dátaí seo a leanas ar fáil le haghaidh féile rásaíochta an tsamhraidh agus rinneadh breithniú agus measúnú iomlán ar dhátaí na bhféilte sin mar chuid de TMTT.

- An 30 Iúil, 2018 go dtí an 5 Lúnasa, 2018
- An 29 Iúil, 2019 go dtí an 3 Lúnasa, 2019
- An 27 Iúil, 2020 go dtí an 2 Lúnasa, 2020
- An 26 Iúil, 2021 go dtí an 1 Lúnasa, 2021
- An 25 Iúil, 2022 go dtí an 31 Iúil, 2022
- An 31 Iúil, 2023 go dtí an 6 Lúnasa, 2023
- An 29 Iúil, 2024 go dtí an 4 Lúnasa, 2024

4.8.8 Socrófar dátaí do ghnáthchothabháil ionas nach gcuirfear isteach ar fheidhmiú úinéara talún nó gnó ar bith. Socrófar dátaí cigireachtaí agus oibríochtaí cothabhála, nuair a bheidh gá leo, chun cigireacht, sábháilteacht agus cothabháil iomchuí an ghréasáin bóithre náisiúnta a chinntiú agus lena chinntiú go bhfuil an maolú comhshaoil lena mbaineann á chur i bhfeidhm mar a dearadh é.

4.8.9 Ní cheadófar do thríú páirtithe a bheith ina rialaitheoir/cheadaitheoir ar an bPríomhchonradh Tógála. Chuirfeadh sé sin srianta tógála éagothroime ar an gconraitheoir agus d'fhéadfaí bac a chur ar chur i gcrích na forbartha laistigh den fráma ama tógála arna léiriú mar thoradh.

## 4.9 Comhairliúchán neamhleor

### Ceisteanna

4.9.1 Ba é an cheist a tarraingíodh anuas nach ndearnadh go leor comhairliúcháin le húinéir na réadmhaoine nó nach leor an comhairliúchán a rinneadh: S_004, S_011, S_031, S_051, Ob_111, Ob_136, Ob_194, Ob_216, Ob_258_464, Ob_261, Ob_484, Ob_220, Ob_457.1, Ob_457.2, Ob_512.1, Ob_512.2, Ob_O_517.11_1, Ob_O_517.11_2, Ob_567, Ob_568, Ob_613_657 agus Ob_663.02.

4.9.2 Ceist eile a tarraingíodh anuas ná nár cuireadh na suirbhéanna a rinneadh chun TMTT a ullmhú ar fáil do na húinéirí réadmhaoine go léir de bharr easpa teagmhála leo. Tarraingíodh an cheist sin anuas san aighneacht/agóid seo a leanas: Ob_111.

4.9.3 Maíonn Ob_686.1 & Ob_686.2 nach bhfuarthas aon fhaisnéis ón údarás fála faoin tionchar a bheidh ag an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh ar thalamh na gcliant, maidir le gabháil talún agus cearta slí a chailleadh. Ceist eile a tarraingíodh anuas ná go raibh na léarscáileanna a soláthraíodh ar dhroch-chaighdeán agus nach féidir méid an tionchair a thuiscint uathu.

4.9.4 Déanann Ob_701 agóid i gcoinne sceideal neamhleor na n-oibreacha cóiríochta a comhaontaíodh, ach ní thugtar tuilleadh sonraí ina leith.

4.9.5 Léiríonn Ob_503 a bhuíochas go ndearnadh cuid de na hábhair imní a tharraing sé anuas cheana a réiteach go sásúil.

4.9.6 Molann FSS an leibhéal comhairliúcháin a rinneadh le linn thréimhse an tionscadail agus iarrtar go gcoinneofaí comhairliúchán maith ar bun le linn chéim na tógála S_078

### Freagraí

4.9.7 Tugtar sonraí faoi chéimeanna agus tréimhsí na gcomhairliúchán poiblí i gCaibidil 4 de TMTT. Sa bhreis ar na seisiúin faisnéise poiblí sin, eagraíodh roinnt cruinnithe comhairliúcháin aonair le húinéirí tithe chomh maith. Bhí os cionn 950 cruinniú ar siúl le húinéirí talún ó mhí na Bealtaine 2014. Bunaíodh oifig tionscadail i mBaile an Bhriotaigh, Gaillimh chun rochtain d'úinéirí talún a éascú agus bhí sé mar phointe lárnach do chomhairliúchán maidir leis an N6 GCRR. Cuireadh oifigeach idirchaidrimh talún tiomanta ar fáil ar feadh thréimhse iomlán an tionscadail chun aon cheisteanna nó cúiseanna imní a bhí ag úinéirí talún a fhreagairt.

4.9.8 Cruthaíodh suíomh gréasáin don tionscadal agus úsáideadh é chun faisnéis a chur ar fáil don phobal ag gach céim de thionscadal an N6 GCRR de réir mar a chuaigh sé ar aghaidh, chomh maith le seoladh ríomhphoist tiomanta don tionscadal lena bhféadfaí aon cheisteanna a tharraingt anuas agus rinne foireann an tionscadail na ríomhphoist sin a sheiceáil go rialta. Fuair na húinéirí talún uile a aithníodh mar úinéirí na dtailte a bhí le gabháil chun tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú comhfhreagras i scríbhinn i mí Dheireadh Fómhair 2016, mar aon le cóip den dearadh i dtaca lena gcuid réadmhaoine féin. Mar chuid den phróiseas

comhairliúcháin neamhreachtúil deiridh, eisíodh cumarsáid i scríbhinn chuig na húinéirí talún uile arís i mí Bealtaine 2018 in éineacht le cóip den dearadh deiridh i dtaca lena gcuid réadmhaoine agus míniú ar na chéad chéimeanna eile a ghlacfar. Reáchtáladh an próiseas comhairliúcháin reachtúil ansin i ndiaidh fhoilsiú TMTT.

4.9.9 Mar fhreagra ar S_011, S_031, agus S_051, cuireadh an rogha tosaíochta i gceantar Rosán Glas ar taispeáint go poiblí in oifig Chomhairle Chontae na Gaillimhe (Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh) agus in oifig Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh) i mí na Samhna 2016 agus cuireadh fáilte roimh thuairimí ón bpobal. Tharla sé sin thart ar dhá bhliain sular cuireadh faoi bhráid An Bhoird Pleanála é.

4.9.10 Mar fhreagra ar Ob_261 agus Ob_484, tugtar faisnéis leormhaith maidir le sonraí an dearaidh laistigh de TMTT sa phlean agus sna líníochtaí próifíle dá dtagraítear i bhFíor 5.3 in Imleabhar 3 de TMTT. Leagtar amach na trasghearrthacha i gCuid 5.5 de Chaibidil 5 de TMTT. Tugtar sonraí ar leithead agus fad BR 05/01 i dTábla 9.3 i gCuid 9 den Fhreagra IFB. Sa bhreis air sin, bhíothas i dteagmháil leis an bhforbróir an t-am ar fad maidir lena thograí ón tráth ar cuireadh an t-iarratas isteach maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

4.9.11 Mar fhreagra ar Ob_111: Le linn an phróisis comhairliúcháin, tionóladh ceithre chruinniú, a raibh dhá cheann díobh i dteach úinéir na réadmhaoine, agus rinneadh cumarsáid ar an teileafón, le ríomhphost agus le litreacha sa phost. D’fhreastail Thomas Burns, ár saineolaí tírdhreacha agus amhairc don tionscadal, ar cheann de na cruinnithe i dteach an úinéara.

4.9.12 Mar fhreagra ar Ob_111: Cuireadh torthaí na suirbhéanna a rinneadh mar chuid de na staidéir chomhshaoil maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe san áireamh i TMTT agus RTN a foilsíodh agus atá le fáil ar an suíomh gréasáin tiomanta www.N6GalwayCityRingRoad.ie.

4.9.13 Mar fhreagra ar Ob_136: Le linn an phróisis comhairliúcháin, tionóladh cruinniú amháin le húinéir na réadmhaoine agus rinneadh cumarsáid leis ar an teileafón, le ríomhphost agus le litreacha sa phost.

4.9.14 Mar fhreagra ar Ob_567, Ob_568: Tionóladh cruinnithe leis na húinéirí tí sin in 2015 agus in 2019. Seoladh go leor litreacha nuashonraithe agus bhí a lán comhráite ar an teileafón le linn fhorbairt an tionscadail.

4.9.15 Mar fhreagra ar Ob_613_657: Le linn an phróisis comhairliúcháin, tionóladh dhá chruinniú agus rinneadh cumarsáid ar an teileafón, le ríomhphost agus le litreacha sa phost. Mar a thugtar faoi deara san aighneacht seo, tugadh faoi shuirbhéanna éiceolaíochta agus suirbhéanna ar ialtóga ar na réadmhaoine chomh maith.

4.9.16 Mar fhreagra ar Ob_663.02: Luaitear san agóid seo nach léirítear in aon cheann de na líníochtaí a thug an fhoireann deartha d’úinéir na talún go bhfuil sé beartaithe soilse tráchta a chur ann ná go mbeidh Bóthar Ceangail Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach, atá beartaithe, ann. Léirítear sonraí maidir le leagan amach Acomhal Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach ar líníocht GCOB-1200-D-010 agus cuirtear

tuilleadh faisnéise ar fáil in Aguisín A.1.13 den Fhreagra IFB. Bhí an bóthar ceangail ar na líníochtaí uile a tugadh d'úinéir na talún ó 2015 i leith. Tionóladh 6 chruinniú in iomlán le húinéir na réadmhaoine, agus rinneadh comhfhreagras agus teileachumarsáid leis, lena n-áirítear méid na gabhála talún a mharcáil ar an talamh.

4.9.17 Mar fhreagra ar Ob_686.1 & Ob_686.2: Is ciseal bóthair amháin é an talamh atá beartaithe lena ghabháil, Láthair 686a.201, mar a shonraítear sa sceideal arna chur ar fáil do na húinéirí talún. Ní athrófar an rochtain reatha, an balla teorann, ná aon tailte laistigh de bhalla teorann na réadmhaoine seo.

## 4.10 Saoráidí do Choisithe agus don Rothaíocht

### Ceisteanna

4.10.1 Maítear le roinnt aighneachtaí nach leor í an fhoráil a dhéantar do shaoráidí rothaíochta agus saoráidí do choisithe ar an mbóthar faoi chosaint. Tarraingíodh anuas an cheist sin sna hagóidí seo a leanas - Ob_116, Ob_201, S_021, S_028 agus Ob_607. Tugtar faoi deara in S_012 nach bhfuil go leor de na saoráidí sin sa chathair go ginearálta.

4.10.2 Ceist eile a tarraingíodh anuas ná tuairim go mbeadh na bealaí siúil agus rothaíochta reatha laistigh de cheantar Bhearna do-oibrithe de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe, agus nach bhfuil aon chosáin curtha san áireamh sna hathailínithe bóthair lena mbaineann. Tarraingíodh anuas an cheist sin in aighneachtaí/agóidí Ob_116 agus Ob_141.

4.10.3 Tarraingítear anuas imní faoi rochtain do leanaí thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe i gceantar na hAille mar téann siad go dtí an clós súgartha ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Tarraingíodh anuas an cheist sin in Ob_201.

4.10.4 Tarraingítear anuas imní maidir le rochtain do leanaí thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe i gceantar Rosán Glas agus iad ag dul ar scoil i nGaelscoil Mhic Amhlaigh. Tarraingítear anuas an cheist sin in S_004, S_029, S_043, S_057, agus S_060. Tugtar aghaidh ar na ceisteanna sin i gCuid 4.11 thuas.

4.10.5 Luaitear in S_008 go ndéanfar dochar do shábháilteacht coisithe agus nach dtugtar aghaidh air sin i TMTT.

### Freagraí

4.10.6 S_008 & S_028: Léirítear sonraí iomlána faoi na saoráidí do choisithe agus don rothaíocht i bhFíoracha 1.10.01 go 1.10.22 d'Aguisín A.1.13 den Fhreagra IFB.

4.10.7 Ob_116 & Ob_201: Ní chiallaíonn an bóthar cosanta go gcuirfear bac ar rothaithe ná coisithe é a úsáid. Ós rud é go dtarraingeoidh an bóthar cosanta trácht amach ó shráidbhaile Bhearna agus na bóithre áitiúla mórthimpeall air, beidh na bóithre sin ina rogha tosaíochta ansin do choisithe agus rothaithe araon, amhail is atá siad inniu.

4.10.8 Ob_116 agus Ob_141: Trasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe Bóthar na Foraí Maola agus Bóthar Throscaí ó thuaidh de Bhearna, ach coinneofar nascacht ann don phobal áitiúil a bheidh ar an dá thaobh den fhorbairt bóthair atá beartaithe trí Nasc Tardhroichid na Foraí Maola go Troscaigh agus na bóithre athailínithe ar an dá thaobh de sin, agus beidh cosáin ar an droichead chomh maith. Tá na bóithre áitiúla athailínithe sin níos sábháilte mar beidh léargas ceart uathu. Tiocfaidh laghdú suntasach ar an méid tráchta ar an R336 trí Bhearna, agus níos tábhachtaí fós do rothaithe, beidh na HGVanna geall le himithe ar fad uaidh.

4.10.9 Ob_201: Coinneofar Bóthar na hAille L5384 agus trasnóidh sé an fhorbairt bóthair atá beartaithe chun rochtain a sholáthar don phobal ó thuaidh agus ó dheas agus an scaradh fisiciúil a mhaolú. Dá bhrí sin, coinneofar rochtain ar an gclós súgartha agus ní bheidh ar leanaí an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thrasnú. Mar a léirítear i bhFíor 1.10.4 den Fhreagra IFB tá saoráidí do choisithe curtha ar fáil ag Bóthar na hAille L5384 ar an droichead os cionn na forbartha bóthair atá beartaithe.

4.10.10 Ob_607: Forbraíodh dearadh an ailínithe ingearaigh ar an N84 agus úsáid á baint as na caighdeáin gheoiméadracha iomchuí is infheidhme i leith luas deartha de 50km/u. Léiríonn Fíor 1.10.15 d'Aguisín A.1.13 den Fhreagra IFB, agus Fíor 5.4.08 de TMTT na saoráidí do choisithe agus na tograí soilsithe sa cheantar faoi seach.

## 4.11 Cóireáil Teorann ar thailte coinnithe

### Ceisteanna

4.11.1 Tarraingíodh anuas ceisteanna in aighneachtaí maidir leis an gcóireáil teorann atá beartaithe ar na tailte coinnithe, mar aon le himní faoi bhallaí cloiche a chailleadh: Ob_103, Ob_108_125, Ob_116, Ob_117, Ob_131_132, Ob_134, Ob_141, Ob_145.1, Ob_147, Ob_158, Ob_194, Ob_195, Ob_199, Ob_204, Ob_207, Ob_213, Ob_216, Ob_222, Ob_226, Ob_230, Ob_233_234_235, Ob_239, Ob_246, Ob_249_467, Ob_251, Ob_252, Ob_254, Ob_255_256, Ob_259_463, Ob_273_461, Ob_296, Ob_311, Ob_298, Ob_313, Ob_480, Ob_481, Ob_492, Ob_493, Ob_496, Ob_238, Ob_272_462, Ob 468_501, Ob_485, Ob_498, Ob_521_O_517.14_02, Ob_626, Ob_628_702, Ob_629, Ob_631, Ob_634, Ob_639, Ob_684, Ob_603, Ob_620, Ob_O_651, Ob_688, Ob_716, Ob_751, Ob_761, S_008, S_067.

4.11.2 Tarraingíodh anuas ceist eile maidir le cóireáil teorann i dtaca le slándáil agus príobháideachas ag tithe: Ob_111, Ob_116, Ob_134, Ob_136, Ob_159, Ob_195, Ob_207, Ob_219, Ob_222, Ob_663.02, S_008.

4.11.3 Tarraingítear anuas ceisteanna maidir leis an gcineál claí a úsáidfear agus an leibhéal slándála a bheidh i gceist timpeall ar na linnte maolúcháin sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: Ob_151, S_043, S_056, S_031, S_057, S_065, Ob_246, Ob_311, S_029 agus S_044.

4.11.4 Luaitear in Ob_505 nach leor an fál nó an claí san Ordú Ceannaigh Éigeantaigh agus maítear nach mór bacainní sábháilteachta arna ndearadh go cuí a sholáthar i gcás ina bhfuil bóthar cóiríochta os cionn bóthar gearrtha isteach. Luaitear in Ob_505, Ob_506 & Ob_507 go bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe gearrtha go domhain sa cheantar agus nach bhfuil an fál cuaillí agus na ráillí adhmaid atá beartaithe maith go leor ná sábháilte go leor.

4.11.5 Iarrtar le Ob_531.01 go ndéanfaí na geataí atá ag na bealaí isteach ag eastát Achadh an Churraigh a atógáil tar éis na tógála toisc go mbaineann tábhacht 'oidhreachta' leo.

## Freagraí

4.11.6 Tá gá le fál ar feadh theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe chun achar na forbartha bóthair sin a dhaingniú agus cosc a chur ar dhaoine nó ar fhiadhúlra ar strae le nach féidir leo dul isteach ar an líonra agus úsáideoirí bóthair a chur i mbaol. De réir chaighdeáin BIÉ, chun críocha sábháilteachta d'úsáideoirí bóthair, cinnteofar leis an bpríomhchonradh tógála go soláthrófar suíomh slán le fál teorann mórthimpeall air i bhfoirm fál cuaillí agus ráillí adhmaid mar chuid de na príomhoibreacha tógála. Coinneofar an teorainn reatha a mhéid is indéanta go praiticiúil in áiteanna eile.

4.11.7 Mar a leagtar síos i gCuid 5.5.4.3 de Chaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bhóthair atá Beartaithe, de TMTT agus i gCuid 2.5.5 de NIS; agus i gCuid 2.6 den Fhreagra IFB, roghnófar cineálacha difriúla fálta ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe ag brath ar chúinsí éagsúla.

4.11.8 Leagtar amach sa mhéid a leanas an cineál teorann arna sholáthar do na láithreacha a aithníodh thuas, agus léirítear sonraí na cóireála teorann ar na líníochtaí atá san áireamh in Aguisín 1.9 Sonraí na Cóireála Teorann agus léirítear sonraí na n-oibreacha cóiríochta in Aguisín 9.1, Sonraí na nOibreacha Cóiríochta d'Úinéirí Talún, den Fhreagra IFB:

- Láthair 103: Tógfar balla cloiche nua 2m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir GCRR-SK-C-001, chomh maith le bealach isteach nua do thithe de réir CC-SCD-02753 mar a léirítear i bhFíor 4.1.01 d'Aguisín A.9.1 leis an bhFreagra IFB.

- Láthair 108/125: Tógfar balla cloiche nua 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir GCRR-SK-C-001 in ionad an bhalla teorann reatha ar Láthair 125, chomh maith le bealach isteach nua do thithe de réir CC-SCD-02753 mar a léirítear i bhFíor 4.1.02 d'Aguisín A.9.1 leis an bhFreagra IFB. Rithfidh an balla teorann sin ar feadh achar iomlán na teorann le Bóthar na Foraí Maola athailínithe agus coinneofar an chuid den ghairdín atá níos airde ná Bóthar na Foraí Maola athailínithe atá beartaithe.

- Láthair 111: Cuirfear fál a choinneoidh mamaigh amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge), mar a léirítear i bhFíor 1.6.01 d'Aguisín A.1.9 den Fhreagra IFB, ar an teorainn idir N6 GCRR agus cúl na réadmhaoine.

Toisc go mbeidh an N6 GCRR atá beartaithe thart ar 2m níos ísle ná leibhéal na talún faoi láthair ag an teach sin agus go bhfuil sé beartaithe beirm scagtha a chur in DA02 mar a léirítear i bhFíor 7.301 de TMTT, agus go gcuirfear na plandaí scagtha ar feadh 3.0m ar a laghad de réir mar a léirítear i bhFíor 12.1.01 de TMTT, ní bheifear ábalta féachaint isteach sa teach ón N6 GCRR ná rochtain a fháil ar an réadmhaoin ón N6 GCRR.

- Láthair 116: Cuirfear fál a choinneoidh mamaigh amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge), mar a léirítear i bhFíor 1.6.01 d'Aguisín A.1.9 den Fhreagra IFB, ar an teorainn idir N6 GCRR agus cúl na réadmhaoine. Soláthrófar scáthphlandú atá 3.0m ar a laghad ar leithead, mar a léirítear i bhFíor 12.1.01 de TMTT, idir an N6 GCRR agus líne na teorann. Coinneofar an teach slán agus príobháideach mar ní bheifear ábalta féachaint isteach sa teach ón N6 GCRR ná rochtain a fháil ar an réadmhaoin ón N6 GCRR.
- Láthair 117: Beidh fál ann a choinneoidh mamaigh amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge), mar a léirítear i bhFíor 1.6.01 d'Aguisín A.1.9 den Fhreagra IFB maidir leis an teorainn leis an N6 GCRR. Tá sé beartaithe fál slándála Paladin a chur timpeall ar na linnte ar an taobh thiar den N6 GCRR
- Láthair 131/132: Tógfar balla cloiche nua 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir GCRR-SK-C-001 in ionad an bhalla teorann reatha ar Láthair 131/132, chomh maith le bealach isteach nua do thithe de réir CC-SCD-02753 mar a léirítear i bhFíor 4.1.02 d'Aguisín A.9.1 leis an bhFreagra IFB. Rithfidh an balla teorann ar feadh na teorann tosaigh le Bóthar na Foraí Maola athailínithe ach ní rithfidh sé ar feadh na teorann thuaidh
- Láthair 134 agus 136: Coinneofar teorainn tosaigh an dá réadmhaoine sin mar atá sé faoi láthair ar feadh Bhóthar na Foraí Maola. Beidh fál ann a choinneoidh mamaigh amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge), mar a léirítear i bhFíor 1.6.02 d'Aguisín A.1.9 den Fhreagra IFB maidir leis an teorainn leis an N6 GCRR. Cuirfear fál cuaillí agus ráillí adhmaid timpeall ar na tailte a fhaightear ó Láthair 144 ar chúl na réadmhaoine sin, in éineacht leis an bhfál atá ann faoi láthair ar feadh na teorann comhroinnte sin. Coinneofar an teach slán tríd an teorainn tosaigh reatha a choinneáil agus tríd an teorainn ar chúl a atreisiú le dhá shraith fála bhreise.
- Láthair 141: Bainfear an chuid den teorainn tosaigh reatha ó dheas den mbealach isteach reatha, coinneofar na clocha agus déanfar an balla a atógáil mar atá sé de réir mar a léirítear i bhFíor 1.6.02 d'Aguisín A.1.9 den Fhreagra IFB. Is gá an balla sin a bhogadh siar chun línte amhairc slána a thabhairt ar an acomhal tosaíochta atá beartaithe ó dheas
- Láthair 145: Coinneofar an teorainn atá beartaithe ar feadh Bhóthar na Foraí Maola i ngar don bhaile, ach cuirfear balla cloiche a bheidh 1.05m ar airde de réir GCRR-SK-C-001 i ngar don acomhal tosaíochta atá beartaithe ó thuaidh. Cuirfear fál cuaillí agus ráillí adhmaid timpeall ar na tailte a

fhaightear ó Láthair 144 ó dheas den réadmhaoin sin, in éineacht leis an bhfál atá ann faoi láthair ar feadh na teorann comhroinnte sin, agus cuirfear fál a choinneoidh mamaigh amach (fál cuaillí agus ráillí le líontán sreinge) níos cóngaraí d'imeall oibreacha créafóige an N6 GCRR. Cuirfear fál a choinneoidh mamaigh amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) ar feadh na teorann leis na tailte arna gcoinneáil ó dheas den N6 GCRR. Léirítear sonraí iomlána na cóireála teorann i bhFíoracha 1.6.02 go 1.603 d'Aguisín A.1.9 den Fhreagra IFB.

- Láthair 147: Coinneofar an bealach isteach reatha agus an balla teorann reatha ó dheas den bhealach isteach reatha ar Bhóthar na Foraí Maola agus soláthrófar balla teorann nua thar an láthair laghdaithe de 147x.201. Is leasú é sin ar an gcóireáil teorann a léirítear i bhFíor 1.603 d'Aguisín A.9.1 agus i bhFíor 4.1.03 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB.
- Láthair 158: Leagfar an balla teorann tosaigh reatha agus tógfar balla cloiche nua 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir GCRR-SK-C-001, siar ón suíomh reatha mar a léirítear i bhFíor 4.1.03 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Tógfar an bealach isteach do thithe de réir CC-SCD-02753-01.
- Láthair 159: Tógfar balla cloiche nua 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir GCRR-SK-C-001 ar feadh na teorann tosaigh ar Bhóthar Throscaí L5387, mar a léirítear i bhFíor 4.1.03 d'Aguisín A.9.1 leis an bhFreagra IFB. Cuirfidh an balla sin bac ar thrácht atá ag dul thart féachaint isteach ar an teach. Tógfar bealach isteach do thithe de réir CC-SCD-02753-01.
- Láthair 195: Tógfar balla cloiche nua 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir GCRR-SK-C-001 ar feadh na teorann tosaigh ar an mBóthar ó Bhearna go Maigh Cuilinn L1321, mar aon le bealach isteach do thithe de réir CC-SCD-02753 mar a léirítear i bhFíor 4.1.03 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Tabharfar príobháideachas éigin don teach arís leis an mballa sin.
- Láthair 197: Beidh fál cuaillí agus ráillí adhmaid, mar a léirítear i bhFíor 1.6.05 d'Aguisín A.1.9 den Fhreagra IFB, ar theorainn an riain rochtana BR 3/02 atá in aice leis an ngabháltas seo. Sa chás go mbainfear ballaí cloiche ar réadmhaoin an Uasail Concannon, coinneofar an chloch agus cuirfear ar fáil í lena hathúsáid ag an Uasal Concannon chun balla cloiche nua a thógáil ar a thaobh féin de theorainn na forbartha atá beartaithe más mian leis.
- Láthair 199: Coinneofar an teorainn reatha chun tosaigh agus an teorainn theas ar réadmhaoin an Uasail Concannon ag an mBaile Ard Thiar mar atá sé faoi láthair, de réir mar a léirítear i bhFíor 1.6.05 d'Aguisín A.1.9 den Fhreagra IFB. Ní chuirfear isteach ar na ballaí cloiche ar theorainneacha na réadmhaoine sin ar chor ar bith. Cuirfear fál cuaillí agus ráillí adhmaid timpeall ar na tailte a fhaightear ó Láthair 198 ó dheas den réadmhaoin sin, in éineacht leis an bhfál atá ann faoi láthair ar feadh na teorann comhroinnte sin. Níl ach ciseal bóthair sa ghabháil atá i gceist

- Láthair 204: Coinneofar an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine thar achar iomlán an ghairdín chun tosaigh. Tógfar balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún ag teorainn tosaigh a láithreach talún breise ó dheas den ghairdín, de réir GCRR-SK-C-001, ar aon dul leis an mballa cloiche atá sa ghairdín cheana féin. Coinneofar an teorainn reatha ar an taobh theas den réadmhaoin agus tógfar fál cuaillí agus ráillí adhmaid nua de réir CC-SCD-00301 ar thaobh an bhóthair atá beartaithe den teorainn, mar a léirítear i bhFíor 1.6.05 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Is ciseal bóthair atá suite siar atá sna tailte a chuirtear san áireamh i láthair 204b.201.
- Láthair 207: Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine, le Bóthar na hAille agus go dtógfaí balla cloiche nua taobh thiar de sin, a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001. Tabharfar príobháideachas éigin don teach arís leis an mballa sin.
- Láthair 213: Tá sé beartaithe go ndéanfaí cuid den bhalla teorann reatha os comhair an tí a bhaint agus go dtógfaí balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001, a cheanglófar leis an mballa atá ann cheana féin. Soláthrófar bealach isteach nua do thithe chomh maith de réir CC-SCD-02753. Coinneofar an teorainn reatha ar an taobh ó theas den láthair
- Láthair 216: Soláthrófar balla cloiche a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún ar theorainn na réadmhaoine leis an mbóthar rochtana BR 4-05 atá beartaithe i gcomhréir le sonra tógála GCR-SK-C-001. Coinneofar an bealach isteach reatha chuig an teach dormánta a tógadh i 1989 agus cuirfear bealach isteach nua ar fáil don teachín ar chúl na réadmhaoine a tógadh thart ar 1910. Níl sé beartaithe ceart slí poiblí a chruthú ann
- Láthair 222: Tá sé beartaithe go ndéanfaí an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine a leagan agus go dtógfaí balla cloiche nua a bheidh 2.5m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir GCRR-SK-C-001. Tá sé beartaithe balla coinneála (R04/01) a thógáil ag an gcuid ó thuaidh den teorainn tosaigh mar atá léirithe i bhFíor 5.1.04 de TMTT
- Láthair 226: Coinneofar an teorainn reatha a mhéid is indéanta go praiticiúil. Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair an tí agus go dtógfaí balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001. Tá sé beartaithe Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) a chur ar feadh phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319, mar a léirítear i bhFíor 4.1.06 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Beidh an t-úinéir talún freagrach as an teorainn reatha agus an balla cloiche nua a chothabháil sa todhchaí, ach beidh an t-údarás áitiúil nó a ghníomhairí freagrach as an bhfál a choinneoidh mamaigh amach a chothabháil amach anseo

- Láthair 230: Coinneofar an balla teorann reatha a mhéid is indéanta go praiticiúil. Tá sé beartaithe Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) a chur ar feadh phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319. Tá sé beartaithe Fál a Choinneoidh Madraí Uisce Amach a chur ar chuid den teorainn atá siar ó dheas ó na tailte coinnithe i gcomhréir le líníocht GCOB-300-D-101, a léirítear i bhFíoracha 4.1.07 & 4.1.08 ó Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB

- Láithreacha 233 & 234 & 235: Coinneofar na ballaí teorann reatha a mhéid is indéanta go praiticiúil. I gcás ina mbeidh gá le teorainn nua, tógfar balla cloiche nua 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir GCRR-SK-C-001 mar a léirítear i bhFíor 4.1.08 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB.

- Láthair 238: Soláthrófar Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) i gcomhréir le sonraí Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319 ar feadh theorainn na réadmhaoine in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe

- Láthair 239: Coinneofar an balla teorann reatha a mhéid is indéanta go praiticiúil. Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair an tí ar Bhóthar an Chlaí Bháin, agus go dtógfaí balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001.

- Láthair 246 & Láthair 311: Soláthrófar Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) i gcomhréir le sonraí Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319 ar feadh theorainn thuaidh na dtailte coinnithe leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe 4.1.10 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Sa chás go mbainfear ballaí cloiche ag an teorainn thuaidh, coinneofar an chloch agus cuirfear ar fáil í lena hathúsáid ag úinéir na réadmhaoine chun balla cloiche nua a thógáil ar a thaobh féin de theorainn na forbartha atá beartaithe más mian leis. Cuirfear fál slándála Paladin timpeall ar na linnte maolúcháin go léir. Beidh scáth san fhál sin, rud a rachfar i ngleic leis sa Ráiteas Fianaise Tírdhreacha agus Amhairc

- Láthair 249_467: Bainfear an balla teorann reatha agus tógfar balla cloiche nua, a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-0019

- Láthair 251: Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine, go Bóthar Leitrí, agus go dtógfaí balla cloiche nua taobh thiar de sin, a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001. Tógfar bealach isteach nua do thithe de réir CC-SCD-02753 chomh maith. Tá próiseas ann ina bhféadfaí talamh laistigh den bhalla a thabhairt ar ais d'úinéir na talún tar éis don tógáil a bheith curtha i gcrích

- Láthair 252: Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine, go Bóthar Leitrí, agus go dtógfaí balla cloiche nua taobh

thiar de sin, a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001. Tógfar bealach isteach nua do thithe de réir GCRR-SK-C-001 chomh maith. Cuirfear rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus geata rochtana singil goirt de réir CC-SCD-00309 ar fáil ag an gcúinne thoir theas

- Láthair 254: Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine, go Bóthar Leitrí, agus go dtógfaí balla cloiche nua taobh thiar de sin, a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001. Cuirfear rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus geata singil goirt de réir CC-SCD-00309 ar fáil

- Láithreacha 255 & 256: Tá sé beartaithe go mbainfí na ballaí teorann reatha os comhair na réadmhaoine, in aice le Bóthar Leitrí. Déanfar 2 bhealach isteach nua do thithe a thógáil de réir CC-SCD-02753 le ballaí cloiche a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, mar aon le 4 phiara le cóipeáil ar na ballaí agus na piaraí i gcomhréir le GCRR-SK-C-001

- Láthair 259_463: Soláthrófar bealach isteach nua do thithe de réir CC-SCD-02753 in éineacht le balla cloiche 2m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir GCRR-SK-C-001 mar a léirítear i bhFíor 4.1.25 d’Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Tá próiseas ann ina bhféadfaidh an t-údarás áitiúil fáil réidh le tailte barrachais tar éis don tógáil a bheith curtha i gcrích

- Láthair 272_462: Soláthrófar Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) i gcomhréir le sonraí Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319 ar feadh theorainn na réadmhaoine in aice le príomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe agus an Bóthar Ceangail N59 Theas. Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair an tí ar feadh Bhóthar Leitrí, agus go dtógfaí balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001

- Láthair 273_461: Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine, le Bóthar Leitrí, agus go dtógfaí balla cloiche nua taobh thiar de sin, a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001. Tá sé beartaithe Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00301 agus CC-SCD00319 a chur ó thuaidh agus ó dheas ón bpríomhlíne faoi seach, mar a léirítear i bhFíor 4.1.10 d’Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Tá sé beartaithe fál cuaillí agus ráillí adhmaid breise a chur ar an teorainn ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe chun an díog dhraenála a scaradh ón láthair 273_461 seo. Sa chás go mbainfear ballaí cloiche ag an teorainn thuaidh, coinneofar an chloch agus cuirfear ar fáil í lena hathúsáid ag úinéir na réadmhaoine chun balla cloiche nua a thógáil ar a thaobh féin de theorainn na forbartha atá beartaithe más mian leis

- Láthair 296: Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine, go Bóthar Leitrí, agus go dtógfaí dhá bhealach isteach nua

do thithe de réir CC-SCD-02753, le balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001.

- Láthair 298: Tá sé beartaithe go leagfaí an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine agus go dtógfaí bealach isteach nua do thithe ina ionad, de réir CC-SCD-02753, le balla cloiche nua taobh thiar den suíomh reatha, a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001.
- Láthair 313: Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine, go Bóthar Leitrí, agus go dtógfaí balla cloiche nua 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún taobh thiar de sin de réir GCRR-SK-C-001 mar a léirítear i bhFíor 4.1.10 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB.
- Láthair 480: Coinneofar an balla teorann reatha thar an achar a léirítear i bhFíor 1.6.26 d'Aguisín A.1.9 den Fhreagra IFB. Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair an tí ar Bhóthar Rathúin, agus go dtógfaí balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001. Tógfar Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319, mar a léirítear i bhFíor 4.1.26 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB
- Láthair 481: Tógfar Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319, mar a léirítear i bhFíor 4.1.26 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB
- Láthair 492: Ní bheidh aon tionchar ag na hoibreacha atá beartaithe ar bhalla teorann reatha na réadmhaoine agus coinneofar é mar a léirítear i bhFíor 4.1.23 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB
- Láthair 493: Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha ar thaobh na réadmhaoine, le Bóthar N59 Mhaigh Cuilinn, agus go dtógfaí balla cloiche nua taobh thiar de sin, a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001. Coinneofar an fásra ag an réadmhaoin mar atá sé, de réir mar a léirítear i bhFíor 12.1.12 de TMTT
- Láthair 496: Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair na réadmhaoine, go Bóthar N59 Mhaigh Cuilinn. Tógfar bealach isteach nua do thithe de réir CC-SCD-02753 le balla cloiche a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, ó dheas den bhealach isteach reatha i gcomhréir le GCRR-SK-C-001. Tógfar balla coinneála (R08/09) in ionad an bhalla teorann reatha ó thuaidh den bhealach isteach reatha. Coinneofar an teorainn reatha leis an láthair in aice leis ar an taobh theas. Tógfar fálta graí de chineál B i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ in CC-SCD-00322 chun tosaigh ag Bóthar Ceangail N59 ó Thuaidh mar a léirítear ar Fhíor 4.1.24
- Láthair 506: Tógfar fál cuaillí agus ráillí adhmaid a choinneoidh mamaigh amach i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319 ag an réadmhaoin. Pléitear le leordhóthanacht an fháil sa Choimre Fianaise Talmhaíochta

- Láthair 521: Coinneofar ballaí gairdín mar atá siad. Ní bhfaighfear aon talamh ó shuíomh an tí. Dá brí sin, ní bheidh aon tionchar ar an tírdhreachú, an tsaoráid cóireála fuíolluisce ná ar an gcoilíneacht éan laistigh de bhallaí teorann an tí seo ar láthair 521.
- Ob_603: Tá sé beartaithe fál cuaillí agus ráillí adhmaid a choinneoidh mamaigh amach a chur ar feadh BR11/02, i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00301
- Ob_620: Coinneofar teorainneacha na réadmhaoine ar Bhóthar Áth Cinn an N84 mar atá, agus dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ar na hárais chónaithe san áit sin. Coinneofar an naprún coincréite / limistéar taispeána atá mar chuid de láthair 620d.201 mar atá sé faoi láthair. Maidir leis na réadmhaoine ar Bhóthar Thuama; leagfar an balla teorann atá ann chun uasghrádú an N83 a éascú. Tógfar balla cloiche nua de réir GCRR-SK-C-001, agus soláthrófar rochtain goirt geata shingil do na tailte coinnithe de réir Shonra Tógála Chaighdeán BIÉ CC-SCD-00309 de Chineál 3. Coinneofar na plaiceanna, an chros, an t-umar uisce agus an loca eallaigh agus cuirfear ar bun arís iad. Déanfar an chros a shocrú isteach sa bhalla arís chun na rialacháin maidir le sábháilteacht ar bhóithre a shásamh
- Láthair 751: Tá sé beartaithe Fálta Graí de Chineál B i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ in CC-SCD-00322 a thógáil ar feadh phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe ó dheas den réadmhaoin
- Láthair 239: Coinneofar an balla teorann reatha a mhéid is indéanta go praiticiúil. Tá sé beartaithe go mbainfí an balla teorann reatha os comhair an tí ar Bhóthar an Chlaí Bháin, agus go dtógfaí balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001. Sa chás go mbainfear ballaí cloiche, coinneofar an chloch agus cuirfear ar fáil í lena hathúsáid ag úinéir na talún chun balla cloiche nua a thógáil ar thaobh an úinéara de theorainn na forbartha atá beartaithe más mian leis
- Láthair 531.01: Tá fótamontáisí d’eastát Achadh an Churraigh roimh an tógáil agus ina diaidh in TMTT agus léirítear leo go mbeifear tuisceanach faoin timpeallacht atá ann faoi láthair nuair a bheidh atógáil ar siúl. Déanfar na geataí stairiúla maisiúla atá ann faoi láthair a bhaint, a stóráil agus a chur suas arís ag an mbealach isteach chun tosaigh nuair a bheidh an tógáil curtha i gcrích, agus tugtar faoi deara nach féidir iad a dhúnadh faoi láthair, nach mbeifí ábalta iad a dhúnadh amach anseo ná leithead an bhealaigh isteach a chlúdach leo
- Láthair 468_501: Soláthrófar Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319 ar feadh theorainn na réadmhaoine in aice le Bóthar Ceangail Thuaidh an N59 agus an Bóthar Rochtana BR 07/09. Coinneofar an teorainn reatha i ngach limistéar eile agus cuirfear fál sealadach laistigh di ar feadh thréimhse an chonartha tógála. Cuirfear na tailte arna gcur san áireamh sa

Scéim Mhótarbhealaigh mar ghabháil shealadach ar ais ina staid reatha nuair a bheidh tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe curtha i gcrích agus tabharfar ar ais d'úinéir na talún iad tar éis na tógála

- Láthair 485: Ós rud é go bhfaighfear na tailte seo ina n-iomláine chun tógáil agus oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú, níl gá le cóireáil teorann ná le sonraí tírdhreachaithe
- Láthair 498: Soláthrófar Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319 ar feadh theorainn na réadmhaoine in aice le Bóthar Ceangail Thuaidh an N59 agus coinneofar an teorainn reatha timpeall ar an teach reatha a gheofar
- Láithreacha 505 & 507: Soláthrófar Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319 ar feadh theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe leis an dá réadmhaoin. Mar a léirítear i bhFíor GCOB-400-D-006 den Tuarascáil Dearaidh, cuirfear bacainn sábháilteachta N2/A/W4, de réir DN-REQ-03034 agus DN-STR-03011 mar a luaitear i gcuid 3.10 de Chaibidil 3 Geoiméadracht Ailínithe na Tuarascála Dearaidh, ar fáil chomh maith
- Láthair 626: Soláthrófar Fál a Choinneoidh Mamaigh Amach (cuaillí agus ráillí adhmaid le líontán sreinge) i gcomhréir le sonra Chaighdeán BIÉ CC-SCD00319 ar feadh theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe. Soláthrófar fál cuaillí agus ráillí adhmaid caighdeánach de réir SCD00301 ag an gceann thoir den teorainn chun ligean do mhamaigh dul thart
- Láthair 628_702: Tógfar balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir shonra tionscadail GCRR-SK-C-001 mar an teorainn ar feadh na forbartha bóthair atá beartaithe ar chúl na réadmhaoine
- Láthair 629: Tógfar balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir shonra tionscadail GCRR-SK-C-001 mar an teorainn ar feadh na forbartha bóthair atá beartaithe ar chúl na réadmhaoine
- Láthair 631: Is fál cuaillí agus ráillí adhmaid de réir SCD00301 a bheidh sa teorainn ar feadh an taobh ó dheas de na tailte coinnithe ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus ar feadh Bhóthar Rochtana BR13/01. Coinneofar an teorainn reatha ar na tailte coinnithe ar Bhóithrín Uí Spealáin ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe mar atá sí ar an teorainn theas
- Láthair 634: Coinneofar an teorainn reatha ar an réadmhaoin choinnithe a mhéid is indéanta go praiticiúil ach tógfar balla cloiche nua a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún i gcomhréir le CC-SCD-02401 ag cúinne thoir thuaidh na réadmhaoine mar imfhálú do chúl an ghairdín

- Láthair 639: Coinneofar an balla teorann reatha chun tosaigh ar Bhóthar na Scoile mar atá sé
- Láthair 651: Coinneofar na teorainneacha reatha go léir mar atá siad
- Láthair 663: Tógfar balla cloiche nua de réir GCRR-SK-C-001 in ionad an bhalla teorann reatha, chomh maith le bealach isteach nua do thithe de réir CC-SCD-02753
- Láthair 684: Coinneofar an teorainn atá ann anois ar an réadmhaoin seo ar Bhóthar Thuama N83 mar atá sé
- Láthair 688: Tá sé beartaithe balla cloiche 1.2m ar airde a chur ar feadh theorainn Bhóthar Thuama
- Láthair 761: Tógfar balla cloiche nua de réir GCRR-SK-C-001 in ionad an bhalla teorann reatha ar Eastát Gharrán Ard, mar a léirítear i bhFíor 4.1.21 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB.
- S_008, S_067: Léirítear le Fíor 4.1.11 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB go gcoinneofar tromlach na mballaí teorann reatha laistigh den eastát mar atá siad. I gcás ina bhfuil sé beartaithe balla teorann a leagan ag an teach in aice leis an N59, tógfar balla cloiche nua ina ionad ar aon dul leis an gceann atá ann anois, de réir mar a léirítear leis na fótamontáisí d'Achadh an Churraigh a chuirtear i láthair in TMTT

## 4.12 An iomarca talamh buan a fháil

### Ceisteanna

4.12.1 Maítear i roinnt aighneachtaí/agóidí go bhfuil méid iomarcach talún á ghabháil chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thógáil: Ob_102.1, Ob_116, Ob_145, Ob_155, Ob_197.2, Ob_198, Ob_199, Ob_213, Ob_216, Ob_226, Ob_238, Ob_272_462, Ob_451_489, Ob_452, Ob_485, Ob_495, Ob_521_O_517.14_02, Ob_626, Ob_629, Ob_631, Ob_634, Ob_639, Ob_673, Ob_648, Ob_684, S_008, Ob_528_541_543_537, Ob_752, Ob_688, Ob_566_598, Ob_705, Ob_716, Ob_751, Ob_754.

4.12.2 Tarraingítear anuas ceisteanna maidir leis an méid talún a gheofar chun rian rochtana nó balla teorann a thógáil agus iarrtar nach gcuirfí an talamh sin san áireamh sa ghabháil talún bhuan iomlán. Iarrtar iontu chomh maith go dtabharfadh an tÚdarás Áitiúil tailte barrachais laistigh den teorainn ar ais d'úinéir na talún: Ob_103, Ob_108_125, Ob_147, Ob_195, Ob_207, Ob_216, Ob_219, Ob 251, Ob_252, Ob_255_256, Ob_480, Ob_486, Ob_496, S_049, Ob_233_234_235, Ob_259_463, Ob_296, Ob_O_666.01, Ob_654 agus Ob_259_463.

4.12.3 Is é an cheist a tharraingítear anuas nach léir don agóideoir cad atá beartaithe maidir le codanna de thailte barrachais atá in aice lena réadmhaoin: Ob_108_125, Ob_134,

Ob_152, Ob_199, Ob_201, Ob_204, Ob_229, Ob_251, Ob_531.01, Ob_570, Ob_603, Ob_688.

4.12.4 Déantar agóid in Ob_583 i gcoinne talamh tríú páirtithe a fháil chun gnáthóg áirithe a sholáthar in ionad Ghnáthóg Iarscríbhinn 1 a chaillfear mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a thógáil.

4.12.5 Luaitear in Ob_649 nach bhfuil na tailte arna bhfáil ón láthair seo riachtanach don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus nár cuireadh san áireamh iad ach ag na céimeanna deiridh agus an t-iarratas pleanála á chur i gcrích; nach ndearnadh aon mhachnamh ar an tionchar diúltach ar a gcearta maoine, agus nach mbeadh an tionchar is lú ag an mbealach reatha i gcomparáid leis na roghanna malartacha a breithníodh nuair a bhí an bealach á roghnú.

4.12.6 Ob_229: Luaitear an méid seo a leanas i gCaibidil 5 de TMTT, '*is ionann an achar iomlán laistigh de lorg theorainn na forbartha agus thart ar 280 heicteár*' ach as an achar iomlán sin '*tá achar thart ar 180 heicteár ag teastáil le haghaidh oibreacha tógála na forbartha bóthair atá beartaithe.*' Ceistítear anseo an dtabharfar conair oibre an bhóthair nó tailte barrachais ar ais d'úinéir na talún nuair a bheidh céim na tógála curtha i gcrích.

4.12.7 Déantar agóid le Ob_553_561 mar tá tailte sa bhreis ar an méid atá riachtanach chun an bóthar a thógáil á ngabháil ag Láthair 553a.201 ar mhaithe le maolú ialtóg, ach níor tugadh aon ghealltanas go leanfar lena n-úsáid chun na críche sin sa todhchaí tar éis do Chomhairle Chontae na Gaillimhe iad a fháil.

4.12.8 Déantar agóid le Ob_572_574_591 i gcoinne méid fairsing talún a ghabháil chun rochtain a sholáthar do dhaoine eile d'fhonn a n-éilimh ar chúiteamh a laghdú.

4.12.9 Ob_696.13_14: Creideann an t-agóideoir go gcaillfear líon suntasach spásanna páirceála ag an réadmhaoin agus luann sé nár chuir an Chomhairle aon phlean i láthair maidir le háiseanna páirceála sealadacha don fhoireann.

4.12.10 Ob_531.01: Tá imní ar úinéir na réadmhaoine faoi ghabháil láthair 540 atá ar theorainn theas a láithreach féin agus nach bhfuil ach 3m óna theach in eastát Achadh an Churraigh. Creideann sé gur cheart go gcoinneofaí an teorainn slán agus tá imní air go n-éireodh na tailte sin ina 'scrobarnach tréigthe', rud a tharla cheana féin ar chuid eile den eastát a raibh sé beartaithe spás oscailte a dhéanamh ann. Luaitear S_049 nach bhfuil údar ceart le bóthar an eastáit a ghabháil in Achadh an Churraigh.

## Freagraí

4.12.11 Tá na tailte atá riachtanach agus a bhfuil gá leo curtha san áireamh laistigh de theorainn na gabhála talún chun tógáil agus oibriú / cothabháil na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú, lena n-áirítear, inter alia, sruthanna éalaithe draenála agus linnte maolúcháin, spásanna oibre don chonraitheoir, seirbhísí a atreorú, comharthaí agus bunsraitheanna lena mbaineann, gabháltais scoite, bearta maolaithe comhshaoil, bainistiú tráchta, agus oibreacha cóiríochta. I gcás na

láithreacha uile atá liostaithe thuas, tá na tailte sin riachtanach nó teagmhasach i leith thógáil nó oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe.

4.12.12 Ob_452. Fuarthas na tailte chun an Bóthar Ceangail N59 Theas a thógáil. Tá an cinneadh maidir le hailíniú an bhóthair ceangail sin léirithe i gCuid 4.3 thuas. Rinneadh an ghabháil talún a íoslaghdú agus a bharrfheabhsú laistigh de na srianta nádúrtha agus saorga.

4.12.13 Ob_229: Tá na tailte scoite soir ó láthair 229 riachtanach chun tógáil agus oibriú / cothabháil na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú. Mar a léirítear i bhFíor 7.301 de TMTT, aithníodh na tailte sin mar limistéir sil-leagain ábhar, tagairt DA-15. Tá gá le MDA DA-15 chomh maith chun gnáthóg éiceolaíochta a chruthú amhail is a léirítear i bhFíor 8.23.5 de TMTT.

4.12.14 Ob_229: Mar a thugtar faoi deara i gCuid 2.1 den Ráiteas Tionchair Natura (RTN) '*Is ionann an achar iomlán laistigh de lorg theorainn na forbartha agus 280 heicteár. As an achar iomlán sin, tá achar thart ar 180 heicteár ag teastáil le haghaidh lorg na forbartha bóthair atá beartaithe.*' Ní chuimsítear leis an 180ha sin ach achar an chosáin agus na n-oibreacha créafóige amháin. Cuimsítear leis an 100ha breise an stiall cothabhála feadh fhad iomlán na forbartha bóthair atá beartaithe, na tailte arna bhfáil chun críocha maolúcháin agus láithreacha scoite.

4.12.15 Ob_102.1: Éilítear leis seo go ngabhtar an iomad talún le Timpeallán Bhearna Thiar mar tá 30% den ghabháltas á thógáil ó ghabháltas atá an-bheag cheana féin. Áitíonn siad gur cheart an timpeallán a bhogadh ó thuaidh ionas go laghdófaí an ghabháil talún ón ngabháltas áirithe sin. Soláthrófar rochtain ar na tailte coinnithe i Láthair 102 ó ghéag theas an timpealláin cheithre ghéag seo. Roghnaítear timpeallán do shuíomh an acomhail seo mar is gné fhisiceach mhór atá ann a chuireann in iúl do thiománaithe go bhfuil athrú le teacht agus nach mór dóibh a luas a laghdú ionas go mbeadh tiománaithe ábalta dul timpeall an mhórphointe cinnidh sin go sábháilte. Éilítear le caighdeán DN-GEO-03060 maidir le dearadh timpealláin go soláthrófar sraonadh leordhóthanach lena chinntiú nach rachaidh feithiclí ar aghaidh tríd an timpeallán ar ardluas. Dá bhrí sin, ní mór an timpeallán a chur i suíomh lárnach chun an sraonadh sin a bhaint amach agus caithfear na géaga isteach chuige a shocrú go cothrom timpeall imeall an charrbhealaigh imshruthaithe. Ní féidir an timpeallán a bhogadh níos faide ó thuaidh amach as Láthair 102 agus dearadh timpealláin slán a bhaint amach go fóill.

4.12.16 Ob_103: Tá Láthair 103a.203 riachtanach chun an bóthar rochtana atá beartaithe, BR 0/01, a thógáil. Cuirfear an balla teorann reatha atá ar Láthair 103 siar ón áit ina bhfuil sé faoi láthair ionas go mbeadh léargas sábháilte ón mbealach isteach chuig an réadmhaoin, rud a chiallaíonn go mbeidh gabháil talún i gceist i Láthair 103c.201. I gcás nach féidir an láthair sin a thabhairt ar ais don úinéir talún sa riocht ina bhfuarthas í, caithfear í a fháil ar bhonn buan.

4.12.17 Ob_108_125: Cuirfear an balla teorann reatha atá ar Láthair 125 siar ón áit ina bhfuil sé faoi láthair ionas go mbeadh radharc sábháilte ón mbealach isteach chuig an réadmhaoin agus chun athailíniú a dhéanamh ar Bhóthar na Foraí Maola, rud a

chiallaíonn go mbeidh gabháil talún i gceist i Láthair 125a.201. I gcás nach féidir an láthair sin a thabhairt ar ais don úinéir talún sa riocht ina bhfuarthas í, caithfear í a fháil ar bhonn buan.

4.12.18 Ob_108_125: Tá na tailte a chuimsítear i láthair 124a.202 atá díreach ó thuaidh ó Láthair 125, agus in aice léi, riachtanach chun tógáil agus oibriú/cothabháil na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú, lena n-áirítear, inter alia, Bóthar Ceangail na Foraí Maola go Troscaigh a thógáil, an phríomhlíne a thógáil, mar aon le láthair oibre don chonraitheoir, seirbhísí a atreorú, comharthaí agus bunsraitheanna lena mbaineann, gabháltais scoite, bearta maolaithe comhshaoil, bainistiú tráchta, agus oibreacha cóiríochta. Mar a léirítear i bhFíor 7.301 de TMTT, aithníodh na tailte sin mar limistéir sil-leagain ábhar, tagairt DA-04. Tá gá le MDA DA-04 chun gnáthóg éiceolaíochta a chruthú amhail is a léirítear i bhFíor 8.23.1 de TMTT. Tugtar tuilleadh eolais air sin in Aguisín A.8.26 a ghabhann le TMTT.

4.12.19 Ob_134, Ob_136: Fiafraítear anseo faoi úsáid beartaithe nó mí-úsáid fhéideartha na dtailte iarmharacha arna bhfáil ó Láthair 144 a bhfuil teorainn acu léi. Ní chuirfear na tailte sin ar fáil mar spás poiblí mar tá gá leo chun gnáthóg éiceolaíochta a chruthú amhail is a léirítear i bhFíor 8.23.1 de TMTT. Tugtar sonraí faoi rialú agus bainistiú an tsuímh sin in Aguisín A.8.26 de TMTT.

4.12.20 Ob_147: Déantar agóid anseo i gcoinne ghabháil beartaithe na láithreach dar tagairt 147a.201. Tá gá le cuid de láthair 147a.201 chun cuaille atreoraithe BSL lasnairde a atreorú, balla teorann nua a thógáil agus athailíniú a dhéanamh ar an gceangal idir Bóthar Ceangail Theas na Foraí Maola go Troscaigh agus Bóthar Throscaigh L5387 atá ann faoi láthair. Ní bheidh aon tionchar ar an tseid laistigh den bhalla teorann ná ar an mbealach isteach reatha chuig an teach cónaithe. I gcás nach féidir an láthair sin a thabhairt ar ais don úinéir talún sa riocht ina bhfuarthas í, caithfear í a fháil ar bhonn buan.

4.12.21 Ob_152: Fiafraítear leis seo conas a phléifear leis na tailte tréigthe sa cheantar mórthimpeall na linnte maolúcháin siar óna réadmhaoin. Ní tailte tréigthe iad na tailte sin mar tá na linnte iontu atá ina gcuid riachtanach de dhearadh an chórais draenála agus d’oibriú leanúnach na forbartha bóthair atá beartaithe. Téann Thomas Burns i ngleic le tírdhreachú an cheantair ina ráiteas fianaise.

4.12.22 Ob_155: Gabhadh cuid den ghairdín sin chun léargas ar aghaidh a thabhairt ar Bhóthar Throscaí athailínithe, mar níl léargas maith go leor timpeall an chúinne sin atá mar theorainn tosaigh ag an láthair seo.

4.12.23 Ob_195: Tá gá leis an ngabháil talún atá beartaithe i Láthair 195a.202 chun athghrádú a dhéanamh ar an mbealach isteach chuig an réadmhaoin seo. I gcás nach féidir an láthair sin a thabhairt ar ais don úinéir talún sa riocht ina bhfuarthas í, caithfear í a fháil ar bhonn buan. Pléifear le haon oibreacha breise chun athghrádú a dhéanamh ar an gcabhsán nua a cheanglófar leis an mbealach isteach nua mar oibreacha cóiríochta nó cúiteamh.

4.12.24 Ob_199, Ob_201 agus Ob_204: Mar fhreagra ar an bhfiosrú faoi chuspóir na dtailte a chuimsítear i láthair 198a.203 & 203a.201, tá gá leo chun tógáil agus

oibriú/cothabháil na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú, go háirithe Acomhal na Cloiche Scoilte. Mar a léirítear i bhFíor 7.301 de TMTT, aithníodh na tailte sin mar limistéir sil-leagain ábhar, tagairt DA-09. Tá gá le MDA DA-09 chun gnáthóg éiceolaíochta a chruthú amhail is a léirítear i bhFíor 8.23.3 de TMTT. Tugtar tuilleadh eolais air sin in Aguisín A.8.26 ina léirítear an ceantar a úsáidfear mar shuíomh bronntach agus mar áit chun gnáthóg nua a chruthú. Coinneofar an fásra ag Láthair 203a.201 mar atá sé, de réir mar a léirítear i bhFíor 8.23.3 agus i bhFíor 12.1.03 araon de TMTT. Fiafraítear le Ob_204 an bhféadfaidís cuid den talamh atá in aice leo a cheannach ón gComhairle tar éis an cheannaigh éigeantaigh, ach ní féidir é sin a dhéanamh áfach mar gheall ar an limistéar sil-leagain ábhar (MDA) beartaithe atá leagtha síos thuas.

4.12.25 Ob_201 agus Ob_204: Tarraingítear anuas ceist faoin méid a tharlóidh le Láthair 203a.201 nuair a bheidh céim na tógála curtha i gcrích. Mar a léirítear i bhFíor 15.3.03 de TMTT, ní mór teach an Uasail Cloherty ar Láthair 203a.201 a fháil ina iomláine mar gheall ar fhairsinge na n-oibreacha tógála ar thrí thaobh de ach ní leagfar é. Nuair a bheidh céim na tógála curtha i gcrích, déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe an teach cónaithe sin a dhiúscairt i gcomhréir le ceanglais an Achta Rialtais Áitiúil. Mar a léirítear i bhFíor 4.1.05 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB, ní bheidh aon chuid dhíomhaoin den bhóthar poiblí fágtha ar Bhóthar na Cloiche Scoilte mar cuirfear geata sa bhealach amach ó bhóthar rochtana BR 3/01 lena ndéanfar rochtain a shrianadh ó dheas den teach, a bheidh á ghabháil go hiomlán ag an údarás áitiúil.

4.12.26 Ob_201: Tarraingítear anuas ceist faoin méid a tharlóidh do Láthair 168a.210 nuair a bheidh céim na tógála curtha i gcrích. Mar a léirítear i bhFíor 7.301 de TMTT, aithníodh na tailte sin mar limistéar sil-leagain ábhar (MDA), dar tagairt DA-08. Tá gá le MDA DA-08 chun gnáthóg éiceolaíochta a chruthú amhail is a léirítear i bhFíor 8.23.03 de TMTT. Tugtar tuilleadh eolais air sin in Aguisín A.8.26 ina léirítear an ceantar a úsáidfear mar shuíomh bronntach agus mar áit chun gnáthóg nua a chruthú.

4.12.27 Ob_207: Mar chuid de láthair 207a.201 a fháil, cuimsítear tailte chun athailíniú Bhóthar na hAille a thógáil, mar aon le balla teorann nua agus athghrádú a dhéanamh ar chabhsán úinéir na réadmhaoine. I gcás nach féidir an talamh laistigh den bhalla teorann a thabhairt ar ais don úinéir talún sa riocht ina bhfuarthas é, caithfear é a fháil ar bhonn buan.

4.12.28 Ob_222: I sceideal Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe déantar cur síos ar láthair 222b.201 mar chuid de bhóthar poiblí agus cuireadh san áireamh maidir leis an gcur siar go bhfuil an cion sin de na tailte atá curtha siar mar chuid den bhealach isteach chuig an réadmhaoin. Tá gá leis an láthair sin chun athghrádú a dhéanamh ar an mbealach isteach sin ionas go bhféadfaí é a cheangal le Bóthar na Ceapaí athailínithe.

4.12.29 Ob_216: Rinneadh an tionchar ar ghairdín na réadmhaoine sin a mheas i dTábla 15.5 de Chaibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta, de TMTT agus aithnítear go mbeidh tionchar beag air.

4.12.30 Ob_219: Níl geoiméadracht reatha Bhóthar na Ceapaí ar chaighdeán maith go leor don acomhal atá beartaithe ó dheas den réadmhaoin. Tá srian ar an trasghearradh mar gheall ar theorainneacha reatha na réadmhaoine, agus tá sé beartaithe an dá thaobh den bhóthar a leathnú.

4.12.31 Ob_233_234_235: Áirítear oibreacha créafóige le haghaidh Bhóthar Bhaile an Mhóinín athailínithe le láthair 234a.201 a fháil. Beidh tionchar ar an teorainn reatha ar an taobh thuaidh mar thoradh ar na hoibreacha créafóige sin. Cé go gcoinneofar teorainn reatha an tí cónaithe a mhéid is indéanta go praiticiúil, tógfar balla cloiche nua, a bheidh 1.2m ar airde os cionn leibhéal na talún, de réir GCRR-SK-C-001.

4.12.32 Ob_528_541_543_537: Scaoilfear dhá láthair agus cuid de dhá láthair eile ó Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar tá siad i mbun a bpleananna féin maidir le soláthar na bpáirceanna a chreideann siad atá ag teastáil chun na tionchair de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe a mhaolú: Scriostar 543a.212 agus 543c.201 agus cuid de láithreacha 543a.209 agus 528c.06 agus déantar athlipéadú ar an dá láthair nua níos lú sin mar 543a.209 agus 528c.06 faoi seach. Tá sé beartaithe leasú a dhéanamh ar na Sceidil a ghabhann le Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe agus na léarscáileanna sil-leagain ábhartha.

4.12.33 Láthair 251: Tá sé beartaithe láthair 251a.201 a fháil chun an mion-atreorú sruthchúrsa ag Bóthar Leitrí a éascú. I gcás nach féidir an láthair sin a thabhairt ar ais don úinéir talún sa riocht ina bhfuarthas í, caithfear í a fháil ar bhonn buan.

4.12.34 Láithreacha 252 & 313: Nuair a bheidh an balla teorann nua curtha i gcrích, tá próiseas ann ina bhféadfaí na tailte laistigh den bhalla a thabhairt ar ais d’úinéir na talún nuair a bheidh céim na tógála curtha i gcrích. I gcás nach féidir an láthair sin a thabhairt ar ais don úinéir talún sa riocht ina bhfuarthas í, caithfear í a fháil ar bhonn buan.

4.12.35 Ob_255_256: Áirítear láthair 255c.201 a fháil chun athghrádú a dhéanamh ar an mbealach isteach d’fhonn é a cheangal le Bóthar Leitrí athailínithe. I gcás nach féidir an láthair sin a thabhairt ar ais don úinéir talún sa riocht ina bhfuarthas í, caithfear í a fháil ar bhonn buan.

4.12.36 Ob_259_463 & Ob_296: Tá sé beartaithe ailíniú ingearach Bhóthar Leitrí a athrú chun achar radhairc sábháilte a bhaint amach feadh a fhaid mar tá gleannta ceilte ann faoi láthair. Áirítear oibreacha créafóige le haghaidh Bhóthar Leitrí athailínithe, a bhfuil gá leo ar chúiseanna sábháilteachta, le gabháil na dtailte laistigh de ghairdíní tosaigh sa cheantar.

4.12.37 Ob_259_463: Is caillteanas buan a bheidh i gcailleadh na seide mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus ní féidir é a mhaolú ach le cúiteamh airgeadais.

4.12.38 Ob_486: Soláthraítear tírdhreachú de réir Fhíor 12.1.06 de TMTT sna tailte scoite arna bhfáil siar ón teach sin chun an teach a sciathadh ón mBóthar Ceangail N59. Tá fál timpeall ar an dáileacht talún sin chun rochtain ar an bhforbairt bóthair atá

beartaithe a chosc agus chun a chinntiú nach ndéanfaí dumpa neamhúdaraithe sna limistéir sin. I gcás nach féidir an talamh laistigh den bhalla teorann atá beartaithe ar Bhóthar Leitrí a thabhairt ar ais don úinéir talún sa riocht ina bhfuarthas é, caithfear é a fháil ar bhonn buan.

4.12.39 Ob_495: Mar fhreagra ar an bhfiosrú faoi chuspóir na dtailte a chuimsítear i láthair 495, tá gá leo chun tógáil agus oibriú / cothabháil na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú, go háirithe Acomhal Pháirc na Sceach. Mar a léirítear i bhFíor 7.301 de TMTT, aithníodh na tailte sin mar limistéar sil-leagain ábhar (MDA), dar tagairt DA-18. Tá gá le MDA DA-18 chun gnáthóg éiceolaíochta a chruthú amhail is a léirítear i bhFíoracha 8.23.6 & 8.23.12 de TMTT. Leis an agóid seo, fiosraítear an fhéidearthacht maidir leis an talamh atá in aice leo a cheannach ar ais ón údarás áitiúil nuair a bheidh céim na tógála curtha i gcrích, ach ní féidir é sin a dhéanamh áfach mar gheall ar an limistéar sil-leagain ábhar beartaithe atá leagtha síos thuas.

4.12.40 Ob_496: Tugtar tuairisc i gCaibidil 9 den Tuarascáil Dearaidh, atá san áireamh in Aguisín A.4.1 leis an bhFreagra IFB ar na bearta arna nglacadh chun na príomhphíobáin uisce phoiblí de chuid Uisce Éireann a nascadh agus a atreorú chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a éascú. Tá cur síos ar na tograí le haghaidh atreorú na bpríomhphíobán sin i bhFíor GCOB-2700-D-417 den Tuarascáil Dearaidh atá san áireamh in Aguisín A.4.1 den Fhreagra IFB. Tá sé riachtanach láthair 496a.201 a fháil chun an atreorú sin a dhéanamh. I gcás nach féidir an láthair sin a thabhairt ar ais don úinéir talún sa riocht ina bhfuarthas í, caithfear í a fháil ar bhonn buan.

4.12.41 Ob_553_561: Mar a luaitear i gCuid 2 den dréacht-Iarratas ar Cheadúnas um Maolú Ialtóg, a chuirtear san áireamh in Aguisín A.8.25 le TMTT, coinneofar na tailte sin agus déanfaidh an t-údarás áitiúil iad a chothabháil mar thailte talmhaíochta agus fanfaidh siad faoina sheilbh.

4.12.42 Ob_566_598: Roghnaigh éiceolaí na tailte a roghnaíodh chun foráil a dhéanamh do na speicis ialtóg faoi chosaint mar chuid den dréacht-Iarratas ar Cheadúnas um Maolú Ialtóg a chuirtear san áireamh in Aguisín A.8.25 de TMTT. Tugann Aebhin Cawley tuilleadh faisnéise ina ráiteas fianaise ar Bhithéagsúlacht don MTT faoin gcúis gur roghnaíodh na tailte sin i láthair 598a.201 le haghaidh maolú ialtóg.

4.12.43 Ob_531.01 & S_049: Agus láthair 540 á fáil, coinneofar an teorainn idir í agus an láthair atá i gceist in Ob_531.01 agus feabhsófar í a thuilleadh trí thírdhreachú a chur le láthair 540 de réir Fhíor 12.1.06 de TMTT. Coinneofar an suíomh seo i seilbh an údaráis áitiúil agus déanfaidh an t-údarás áitiúil é a chothabháil de réir mar a chuireann sé bearta maolaithe riachtanacha i bhfeidhm maidir leis na hialtóga. Fuarthas bóthar an eastáit chun rochtain leanúnach a chinntiú chun an maolú sin a chothabháil, chomh maith le cothabháil leanúnach a dhéanamh ar an gclaífort ithreach treisithe ‘glas’ R08/07, atá san áireamh sa dearadh chun gabháil na talún in Achadh an Churraigh a mhaolú agus tírdhreachú a cheadú air.

4.12.44 Láthair 570: Is gá láithreacha 570a.203 & 570a.205 a fháil chun línte cumhachta ísealvoltais lasnairde a atreorú mar a léirítear ar GCOB-2700-D-382 sa Tuarascáil Dearaidh, a chuirtear san áireamh in Aguisín A.4.1 den Fhreagra IFB.

4.12.45 Ob_572_574_591: Tá sé beartaithe cuid de na tailte ó Láithreacha 572 & 591 a fháil chun tógáil na mbóithre rochtana BR 10/02, BR 10/03, BR 10/04, BR 10/05, BR 10/06 & BR 10/07 a éascú, lena dtugtar rochtain ar roinnt láithreacha in aice leo a mbainfear an rochtain atá orthu faoi láthair. Tá sé riachtanach rochtain a sholáthar ar na tailte coinnithe uile a scoithfear leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe; ní hiarracht é sin ar chaoi ar bith chun éilimh daoine eile ar chúiteamh a laghdú.

4.12.46 Ob_583: Ón tráth ar foilsíodh TMTT, tugadh faoi obair shuntasach ar na limistéir sil-leagain ábhar a athmhúnlú agus tugtar tuairisc ar an obair sin i gCuid 2.8 agus Aguisín A.1.11 leis an bhFreagra IFB. De thoradh air sin, laghdaíodh an t-achar iomlán is gá a fháil ar bhonn buan. Molann Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil láithreacha 583a.209, 583c.201, 583c.202; 583c.203 agus 583a.208 ina láithreacha sealadacha, nach mbeidh ag teastáil ach ar feadh thréimhse na tógála lena n-úsáid mar chuid den champún tógála foriomlán agus chun tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe a chumasú. Dá bhrí sin, tabharfar achar 3.01 heicteár nó 7.44 acra ar ais d’úinéir na talún nuair a bheidh céim na tógála curtha i gcrích. Cuirfear ceart slí ar fáil thar Bhóthar Rochtana BR 11/01 i bhfabhar McHugh Properties chun rochtain a sholáthar ar na tailte sin.

4.12.47 Ob_603: Tá na tailte a chuimsítear i láthair 601a.202 á bhfáil chun tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú. Mar a léirítear i bhFíor 8.23.8 de TMTT, tá Láthair 587a.202 á fáil chun gnáthóg bhreise a sholáthar. Léirítear i gCuid 3.5.1.7 d’Aguisín A.8.26 de TMTT gur suíomh gabhdóra é an limistéar sin le haghaidh talamh féaraigh tirim cailcreach agus neodrach.

4.12.48 Ob_648: Roghnaíodh na tailte atá á bhfáil chun maolú a dhéanamh d’ialtóga. Tugtar údar leis an ngabháil sin i Ráiteas Fianaise an Uasail Aebhin Cawley ar Bhithéagsúlacht don MTT.

4.12.49 Ob_649: Roghnaíodh na tailte atá á bhfáil chun maolú a dhéanamh d’ialtóga. Tugtar údar leis an ngabháil sin i Ráiteas Fianaise an Uasail Aebhin Cawley ar Bhithéagsúlacht don MTT. Tugtar tuairisc ar an tionchar ar an bhfeirm theaghlaigh i Ráiteas Fianaise an Uasail Curtin ar Thalmhaíocht. Cuireadh roghnú na Conaire Bealaigh is Dealraithí a Roghnófar (EPRC) i gcrích in 2015 tar éis measúnú iomlán a dhéanamh ar na tionchair ar an timpeallacht ghlactha ó thaobh tionchar ar dhaoine, ar an éiceolaíocht agus ar thosca comhshaoil eile. Roghnaíodh an EPRC de rogha ar Rogha an Bhealaigh Ghlais ar measadh go mbeadh tionchar diúltach aige ar na réadmhaoine pobail agus cónaitheacha seanbhunaithe i Mionlach, chomh maith le tionchair oidhreachta chultúrtha shuntasacha ar Shráidbhaile Mhionlaigh mar a leagtar amach i gCuid 4.7.3 de TMTT. Measadh go raibh an réadmhaoin sin mar chuid de phobal Mhionlaigh agus bhí sí ina cuid den mheasúnú seo ar roghnú an EPRC. Cé nach raibh tionchar díreach ag an EPRC iarbhír ar an réadmhaoin seo, ba ghá tailte a fháil le haghaidh bearta maolaithe ialtóg mar gheall ar dhearadh an

bhóthair, a aithnítear agus an próiseas deartha á chur i gcrích tar éis breithniú a dhéanamh ar na bearta maolaithe uile, agus ar an drochuair, shíl úinéir na réadmhaoine ansin nár cuireadh na tailte san áireamh ach ag na céimeanna deiridh den iarratas pleanála a chur i gcrích.

4.12.50 Ob_654: Tá Láthair 654b.201 a bhfuil sé beartaithe é a ghabháil chun tosaigh na réadmhaoine mar chuid den bhóthar rochtana reatha amháin. Níl sé beartaithe aon talamh a fháil laistigh den bhalla teorann agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ar an ngairdín tosaigh, mar a léirítear i bhFíor 4.1.17 in Aguisín A.9.1 leis an bhFreagra IFB.

4.12.51 Ob_O_666.01: Liostaítear na hagóideoirí mar áititheoirí ar an láthair dar tagairt 666, mar tá ceart slí acu chun a dtailte ar chúl a rochtain. Níl aon ghabháil talún beartaithe a mbeidh tionchar aici ar an áititheoir seo.

4.12.52 Ob_688: Ní mór talamh a fháil ó láthair 688 chun Acomhal Bhóthar Ceangail na Páirce Móire a thógáil. Tabharfar rochtain ar an gcuid a choinneofar trí dhá rochtain díreach amach ó Bhóthar N83 Thuama. Tá sé beartaithe plandaí a chur ar na tailte scoite arna bhfáil ó dheas den láthair sin.

4.12.53 Ob_696.13_14: Ní bheidh aon tionchar ar na spásanna páirceála atá ag an tsaoráid faoi láthair. Caillfear talamh go buan laistigh den ghabháltas chun tógáil balla teorann nua a éascú agus tá an talamh sin in úsáid mar limistéar plandála faoi láthair.

4.12.54 Ob_705: Leagfar an foirgneamh beostoic feirme chun tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú, agus chun nascacht a sholáthar leis an láthair scoite in aice leis atá soir ón bhfoirgneamh feirme agus ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Ní mór cúiteamh a íoc as an tsócmhainn sin a chailleadh. Tá láithreacha 705c.202 agus 705b.204 á bhfáil chun bóthar rochtana BR 13/03 a thógáil, chun rochtain a thabhairt d’úinéir na réadmhaoine seo agus d’úinéirí talún in aice leis ar na tailte coinnithe atá ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

4.12.55 Ob_716: Roinneadh láthair 716a.202 in dhá fholáthair; 716x.202 agus 716y.202. Tá Láthair 716x.202 riachtanach chun an bóthar rochtana BR 15/02 a thógáil, lena dtugtar rochtain d’úinéirí ar na tailte coinnithe, ar Reilig an Lisín agus ar na tailte in aice leo. 716y.202. Is é láthair 716y.202 an cion den talamh atá ag teastáil chun oibreacha séarachais amháin a éascú.

4.12.56 Ob_751: Tá Láthair 751a.202 á fáil chun atreorú línte cumhachta ardvoltais a éascú, agus chun foráil a dhéanamh do dhá thrinse insíothlaithe mhóra (INF-E-N-023 & INF-E-N-024) agus an bonneagar um dhíog dhraenála réamhchréfoirt lena mbaineann, bearta maolaithe tírdhreachaithe agus amhairc, chomh maith le limistéar oibre chun cothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

4.12.57 Ob_754: San áireamh le gabháil láthair 754a.203 tá oibreacha créafóige le haghaidh oibreacha créafóige a thógáil d’Acomhal Chúil Each atá beartaithe. Tá láthair 754a.205 á fáil chun atreorú línte cumhachta ardvoltais a éascú.

4.12.58 Tá gá leis an láthair dar tagairt 226a.205 mar chuid de dhíchoimisiúnú struchtúr an chrainn. Nuair a bheidh an crann sin díchoimisiúnaithe agus an bhunsraith

coincréite bainte, cuirfear féar sna tailte sin arís agus tabharfar ar ais d'úinéir na talún iad.

4.12.59 Is gá an limistéar cuasaithe a fháil chun atreorú seirbhíse a éascú de réir mar a shonraítear i bhFíor GCOB-2700-D-297 den Tuarascáil Dearaidh atá san áireamh in Aguisín A.4.1 den Fhreagra IFB.

## 4.13 Rochtain i rith na tógála

### Ceisteanna

4.13.1 Is í an cheist a tharraingítear anuas ná gur gá rochtain ar an réadmhaoin a choinneáil i gcónaí le linn na n-oibreacha. In agóidí eile iarrtar deimhniú a fháil nach ndéanfaidh an Chomhairle ná an conraitheoir aon fheithiclí a pháirceáil gan údarú ag an réadmhaoin: Ob_103, Ob_117, Ob_136, Ob_147, Ob_195, Ob_197.1, Ob_199, Ob_204, Ob_207, Ob_209, Ob_213, Ob_222, Ob_226, Ob_230, Ob_233_234_235, Ob_239, Ob_246, Ob_249_467, Ob_250_466, Ob_251, Ob_252, Ob_254, Ob_255_256, Ob_259_463, Ob_273_461, Ob_296, Ob_298, Ob_311, Ob_313, Ob_480, Ob_481, Ob_492, Ob_493, Ob_495, Ob_496, Ob_503, Ob_521_O_517.14_02, S_004, S_011, S_029, S_043, S_044, S_051, S_056, S_057, S_060, S_065, Ob_506, Ob_545, Ob_603, Ob_620, Ob_691, Ob_575, Ob_O_550_583.04, Ob_589, Ob_602_698_699_704, Ob_632, Ob_663.01, Ob_O_666.01, Ob_685, Ob_750, Ob_757, S_062, S_063, S_064 agus S_066.

4.13.2 Léirítear imní in Ob_584 faoi shábháilteacht a cuid leanaí toisc go dtiocfaidh méadú ar an trácht tógála a úsáidfidh bóthar rochtana Chairéal Leacaigh agus tá deimhniú á lorg aici go gcoinneofar an bóthar sin i gcaoi mhaith ar feadh thréimhse na n-oibreacha tógála.

4.13.3 Éilítear le Ob_691 go dtabharfaí rochtain leanúnach ar feadh na bliana le haghaidh chothabháil agus bhainistiú áiseanna uile an ráschúrsa.

4.13.4 Ob_677 & Ob_678: I bhFíor 7.110 de TMTT léirítear campún suímh atá beartaithe, SC 14/01, díreach os comhair na dtithe cónaithe ar Cheapach na Boirne, a bheadh ann ar feadh thréimhse na n-oibreacha. Déantar agóid ina choinne toisc nach mbeadh rochtain éasca ná shábháilte ag na cónaitheoirí ar a dtithe cónaithe le linn thréimhse na tógála mar gheall ar an gcampún sin.

### Freagra

4.13.5 Coinneofar rochtain ar na réadmhaoin le linn na n-oibreacha i gcónaí de réir mar a shonraítear i gCuid 7.4.5 de Chaibidil 7 den TMTT. Tugtar ceisteanna sainiúla faoi deara mar a leanas:

- Láthair 136: Cé go bhfuil sé beartaithe an ciseal bóthair os comhair na réadmhaoine a fháil, níl sé beartaithe aon oibreacha tógála a dhéanamh ar an láthair talún seo 136a.201 agus beidh rochtain ar fáil i gcónaí le linn thréimhse na n-oibreacha

- Fiafraítear faoi rochtain ar Rosán Glas in S_011, S_029, S_043, S_044, S_051, S_056, S_057, S_060, agus S_065 agus tugtar aghaidh ar an gceist sin thuas i gCuid 4.10.7
- Láthair 691: Forbraíodh sraith na tógála de réir Aguisín A.15.2 de TMTT i gcomhchomhairle le Ráschúrsa na Gaillimhe chun a chinntiú nach gcuirfí isteach ar na féilte rásaíochta leis an obair

4.13.6 Mar a leagtar amach i gCuid 7 den Phlean Bainistíochta Comhshaoil don Tógáil (PBCT) in Aguisín A.7.5 le TMTT, déanfar an pháirceáil don Chomhairle agus don chonraitheoir a shrianadh go dtí na suíomhanna campúin a léirítear i bhFíoracha 7.001 agus 7.002 de TMTT.

4.13.7 Ob_521_O_517.14_02: Coinneofar rochtain ar Ard na Locha agus ar an réadmhaoin le linn thréimhse na n-oibreacha. D'fhéadfadh gá a bheith ann cuid de na bóithre reatha a dhúnadh istoíche ar bhonn sealadach áfach, in áiteanna ina mbeidh tardhroichid á dtógáil amhail Bóthar N59 Mhaigh Cuilinn mar a léirítear i bhFíor 7.106 de TMTT. Mar a shonraítear sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil don Tógáil (Aguisín A.7.5 le TMTT), cuirfidh an Conraitheoir Straitéis Cumarsáide Poiblí ar bun lena n-áireofaí nósanna imeachta chun sceidil le haghaidh aon ghníomhaíochtaí fíor-shuaiteacha a chur in iúl do bhaill den phobal a bhféadfadh tionchar díreach a bheith ag an gcéim tógála sin orthu; ar cosúil go gcuirfí isteach ar a gcuid réadmhaoine dá mbarr, amhail trí bhóthar a dhúnadh nó trácht a atreorú, mar aon le haon ghníomhaíochtaí maolaithe a ghlacfar (sciathadh, srian a chur ar uaireanta oibre, etc.) chun an suaitheadh sin a íoslaghdú. Geallfaidh an t-údarás áitiúil go dtabharfaidh siad fógra do Ob_521_O_517.14_02, mar chuid dá chomhaontú le húinéir talún, faoi aon dúnadh bóthair i rith an lae nó istoíche i ngar dá réadmhaoin.

4.13.8 Ob_584: Ní cheadófar d'aon trácht tógála an bóthar áitiúil a úsáid ó T-Acomhal Bhóthar Nua go Geata Mhionlaigh, Caisleán Mhionlaigh agus siar go dtí Reilig Mhionlaigh. Le bealach tarlaithe HR 09/01 déanfar rochtain a éascú d'oibreacha tógála na forbartha bóthair atá beartaithe ó thrasnú Abhainn na Gaillimhe go dtí an Bóthar Nua, agus beidh rochtain ar an suíomh tógála ó Bhóthar Nua ag Ch. 10+100. Tá sonraí iomlána an bhealaigh tarlaithe sin le fáil i bhFíor 7.002 de TMTT; léirítear go sainiúil ansin nach ritheann an bealach tarlaithe ach ó dheas ó phointe iontrála/imeachta an tsuímh ar an mBóthar Nua. Ní bheidh aon trácht tógála ná HGVanna a mbeidh baint acu leis na hoibreacha tógála don fhorbairt bóthair atá beartaithe ag dul thar Gheata Mhionlaigh.

4.13.9 Ob_584 & Ob_757: Mar a leagtar amach i gCuid 11 den PBCT in Aguisín A.7.5 de TMTT, déanfar foráil leis an bPlean Bainistíochta Trácht Tógála don phobal a chosaint ó thrácht tógála agus cinnteofar go n-íoslaghdófar an tionchar iarmharach ar an ngréasán bóithre poiblí le linn chéim na tógála.

4.13.10 Ob_677 & Ob_678: Tá sé beartaithe campún suímh a chur os comhair na dtithe sin, SC 14/01. Aithnítear N83 Bóthar Thuama mar bhealach tarlaithe féideartha do thrácht tógála mar is bóthar poiblí é atá oiriúnach don chuspóir sin mar atá sé faoi

láthair. Cuirfidh an conraitheoir Plean Bainistíochta Trácht Tógála ar bun lena chinntiú go ndéanfar bainistiú agus monatóireacht éifeachtúil agus shábháilte ar thrácht tógála ar feadh chéim na tógála. Rachfar i ngleic le ceisteanna amhail rochtain ar shuíomhanna agus imeacht uatha, teorainneacha luais, comharthaí bainistithe tráchta etc. sa Phlean sin. Féach ar Chaibidil 11 d'Aguisín A.7.5 de TMTT le haghaidh tuilleadh faisnéise.

4.13.11 Ob_757: Ní rachaidh aon trácht tógála trí Shráidbhaile Chúil Each mar a léirítear i bhFíor 7.111 de TMTT mar ní bheidh aon bhealaí tarlaithe tógála ag dul trí Shráidbhaile Chúil Each.

4.13.12 Ob_503: Ní rachaidh aon trácht tógála trí Bhóithrín Kearns mar a léirítear i bhFíor 7.106 de TMTT mar tá cosc ar bhóithríní den sórt sin a úsáid le haghaidh bealaí tarlaithe tógála.

## 4.14 Rochtain a sholáthar tar éis na tógála

### Ceisteanna

4.14.1 Is é an chéad cheist go ndéanfaí rochtain ar thalamh coinnithe a laghdú nó a scoitheadh, agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar na tailte coinnithe: Ob_102.2, Ob_103, Ob_108, Ob_115, Ob_117, Ob_139, Ob_141.1, Ob_145.1, Ob_145.2, Ob_145.3, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_187, Ob_205, Ob_208, Ob_209, Ob_211, Ob_212, Ob_217, Ob_229, Ob_233_234_235, Ob_238, Ob_239, Ob_250_466, Ob_298, Ob_452, Ob_261, Ob_273_461, Ob_272_462, Ob_468_501, Ob_480, Ob_ 485, Ob_498, Ob_503, Ob_523, Ob_626, Ob_628_702, Ob_629, Ob_631, Ob_634, Ob_O_635, Ob_639, Ob_673, Ob_684, Ob_688, Ob_506, Ob_553_561, Ob_563, Ob_568, Ob_570, Ob_571_579_592_600, Ob_572_574_591, Ob_580_581_599, Ob_603, Ob_O_651, Ob_705, Ob_241_245, Ob_312, Ob_679, Ob_724, Ob_486, S_001, S_019, S_038, S_008, Ob_250_466, O_259_463, S_062, S_063, S_064, S_066, S_040, Ob_677, Ob_685, Ob_678 agus Ob_679.

4.14.2 Cuireadh imní in iúl freisin faoi stádas dlíthiúil bóithre rochtana poiblí agus príobháideacha arna gcur san áireamh leis na hoibreacha atá beartaithe chun rochtain a sholáthar ar thailte coinnithe sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: Ob 716 agus Ob_553_561

4.14.3 Tarraingíodh anuas ceisteanna i roinnt aighneachtaí/agóidí maidir le Bóthar na Foraí Maola agus Bóthar Throscaí a cheangal trí bhóithre áitiúla comhthreomhara a sholáthar, chomh maith le Nasc Tardhroichid na Foraí Maola go Troscaigh: Ob_134, Ob_135, Ob_136, Ob_141, Ob_145.1, Ob_145.2, Ob_145.3, Ob_151, Ob_152 agus Ob_158. Fiafraítear faoin ngá le nascacht d'fheithiclí in Ob_131_132 chomh maith.

4.14.4 Beidh Bóthar Ann Gibbons L13215 ina cul-de-sac ar an taobh thuaidh mar níl sé beartaithe trasnú a sholáthar thar an N6 GCRR, ná faoina bhun, ag an bpointe trasnaithe. Tarraingítear anuas imní in Ob_179 go bhféadfadh daoine an bóthar a

úsáid mar limistéar campála thar oíche nó go bhféadfadh daoine páirceáil ann gan údarú sa todhchaí.

4.14.5 Tarraingítear anuas ceist faoi rochtain shábháilte ar na réadmhaoine sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: Ob_158, Ob_312, Ob_ 663.02, Ob_603, Ob_222 Ob_226 agus Ob_230.

4.14.6 Léirítear imní in Ob_503 faoin bhféidearthacht go gcruthófaí bealach chun trácht a sheachaint idir a lána amach ón gCuarbhóthar agus bóthar rochtana BR 07/08.

4.14.7 Iarrtar le Ob_531.01 go gcoinneofaí an socrú rochtana reatha trí rochtain lúibe in eastát Achadh an Churraigh tar éis chéim na tógála mar gheall ar imní faoi rochtain d'fheithiclí éigeandála agus seachadtaí á ndéanamh. Measann S_008 nach bhfuil an leibhéal rochtana ar an eastát seo maith go leor.

4.14.8 Iarrtar le Ob_584 go dtabharfaí ráthaíocht nach ndéanfaí an bóthar rochtana chuig a réadmhaoin ina bhealach amach ón bhforbairt bóthair atá beartaithe riamh, mar dá ndéanfaí amhlaidh scoithfí a rochtain shábháilte óna cuid réadmhaoine ar an mbóthar poiblí, go bunúsach. Iarrtar le Ob-584 go dtabharfaí deimhniú go gcoinneofaí rochtain feadh an tSeanbhóthair.

4.14.9 Ob_716: Níor cuireadh aon sonraí ar fáil faoin gcaoi a ndéanfar an rochtain ar an mótarbhealach, agus amach uaidh, ar BR 15/07 a rialú.

## Freagraí

4.14.10 Ba cheart tagairt a dhéanamh do shonraí na cóireála teorann de réir mar a léirítear ar na líníochtaí atá san áireamh in Aguisín 1.9 Sonraí na Cóireála Teorann leis an bhFreagra IFB agus sonraí na n-oibreacha cóiríochta in Aguisín 9.1 Sonraí na nOibreacha Cóiríochta d'Úinéirí Talún den Fhreagra IFB. Mar chuid de na líníochtaí in Aguisín 9.1 tá an mhósáic de ghabháltais úinéirí réadmhaoine ar a bhfuil gach láthair lipéadaithe go soiléir. Leagtar amach sa mhéid seo a leanas conas a sholáthrófar rochtain ar na láithreacha thuasluaite agus tugtar aghaidh ar a gcuid imní ina leith sin:

- Láthair 102: Soláthrófar rochtain ar na tailte coinnithe trí bhóthar rochtana BR 0/01 lena gcinnteofar rochtain shábháilte tríd an gceathrú géag de Thimpeallán Bhearna Thiar atá beartaithe. Bóthar príobháideach a bheidh i mbóthar rochtana BR 0/01, faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe, agus cuirfear ceart slí príobháideach ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB.
- Láthair 103: Mar gheall ar shuíomh Thimpeallán Bhearna Thiar atá beartaithe, ní mór an bealach isteach reatha chuig an bhfeirm ar an R336 a athlonnú chun rochtain shábháilte a chur ar fáil. Beifear ábalta na tailte coinnithe a rochtain ón mbóthar rochtana BR 0/01. Bóthar príobháideach a bheidh in BR 0/01 le ceart slí príobháideach ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB. Cuirfear rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus geata singil goirt de réir CC-SCD-00309 ar fáil ó

Bhóthar Rochtana BR 0/01 ag an ionad a léirítear i bhFíor 4.1.01 in Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB.

- Láthair 108: Dearadh an bóthar rochtana BR 0/02 chun rochtain shábháilte talmhaíochta a sholáthar ar na tailte scoite ar an réadmhaoin seo. Bóthar príobháideach a bheidh in BR 0/02 le ceart slí príobháideach ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB. Cuirfear rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus geata singil goirt de réir CC-SCD-00309 ar fáil ó Bhóthar Rochtana BR 0/02 ag an ionad a léirítear i bhFíor 4.1.01 in Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB.

- Láthair 115: Beifear ábalta rochtain a fháil go fóill ar na tailte coinnithe siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe tríd an gceart slí atá ann faoi láthair. Beifear ábalta rochtain a fháil go fóill ar na tailte coinnithe soir ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ó Bhóthar na Foraí Maola

- Láthair 117: Gheofar rochtain ar na tailte coinnithe siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe trí bhóthar rochtana BR 0/04. Bóthar príobháideach a bheidh in BR 0/04 le ceart slí príobháideach ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB. Cuirfear rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus geata singil goirt de réir CC-SCD-00309 ar fáil ó Bhóthar Rochtana BR 0/02 ag an ionad a léirítear i bhFíor 4.1.01 in Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Ní chuirfear aon rochtain ar fáil ó BR 0/03 ar na tailte coinnithe siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe.

- Láthair 131_132: Tá gá leis an gceangal idir Bóthar na Foraí Maola agus an tardhroichead chun nascacht a choinneáil don phobal áitiúil a bheidh fágtha ar an dá thaobh den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Gan an ceangal sin, bheadh atreorú thart ar 2km i gceist do chónaitheoirí ar Na Foraí Maola ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar mian leo taisteal ó thuaidh, agus bheadh Bóthar na Foraí Maola ina cul-de-sac ag an suíomh sin. Scoithfí an pobal a thuilleadh mar gheall air sin

- Láthair 134: Beidh an ‘ceann caoch’ sin ar Bhóthar na Foraí Maola casta d’aon fheithiclí móra seachadta a rachaidh chuig na tithe sa bhóthar cul-de-sac siar ón acomhal. Aon áit a mbeidh spás breise fágtha, cuirfear plandaí ann, déanfar tírdhreachú air agus cuirfear fál timpeall air chun rochtain ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a chosc agus chun a chinntiú nach ndéanfar dumpa neamhúdaraithe de na limistéir sin

- Láthair 135, Láthair 136, Láthair 139, Láthair 141: Bheadh atreorú thart ar 1.0km i gceist do na cónaitheoirí sin ar Na Foraí Maola díreach ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar mian leo taisteal ó dheas, toisc go bhfuil Bóthar Ceangail Thuaidh na Foraí Maola go Troscaigh suite ó thuaidh den chnuasach tithe ag trasnú na forbartha bóthair atá beartaithe ar Bhóthar na Foraí Maola. Is comhréiteach cothrom é seo agus tabharfar tosaíocht do shrian a chur ar a thuilleadh scartála agus ar na tionchair ar thithe ag an bpointe a thrasnóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe Bóthar na Foraí

Maola. Luaitear freisin in Ob_135 go mbeidh níos mó tráchta ag dul thar an teach sin, ach is é a mhalairt a bheidh i gceist mar beidh Bóthar na Foraí Maola ina cul-de-sac ó dheas den teach sin, agus dá bhrí sin, beidh níos lú tráchta ag dul thairis ná mar atá faoi láthair.

- Láthair 151, Láthair 152 agus Láthair 158: Beidh na cónaitheoirí sin ar Bhóthar Throscaí díreach ó dheas agus ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ábalta leanúint lena gciorcad siúil laethúil 4km cé go mbeidh sé thart ar 1.0km níos faide toisc go mbeidh orthu siúl chuig Nasc Tardhroichid na Foraí Maola go Troscaigh, nó uaidh, chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thrasnú. Tá an ceangal sin thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe tábhachtach le cur ar chumas cónaitheoirí leanúint ag siúl ar an gciorcad sin agus leanúint de bheith páirteach ina bpobal mar a leagtar amach in Ob_151 agus Ob_158. Soláthrófar rochtain don dá réadmhaoin ó dheas, i.e. Láthair 151 agus Láthair 152, trí BR 1/06 a cheanglaíonn an cul-de-sac le Bóthar Throscaí athailínithe. Bóthar príobháideach a bheidh i mbóthar rochtana BR 1/06, faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe, agus cuirfear ceart slí príobháideach ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB.
- Láthair 139 agus Láthair 141: Coinneofar an rochtain ar na réadmhaoine sin mar atá sé faoi láthair amach ó Bhóthar na Foraí Maola
- Láthair 145: Coinneofar an rochtain ar an teach seo mar atá sé faoi láthair amach ó Bhóthar na Foraí Maola. Beifear ábalta na tailte coinnithe ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe a rochtain trí gheata goirt atá beartaithe in aice leis an teach cónaithe amach ó Bhóthar na Foraí Maola. Gheofar rochtain ar na tailte coinnithe ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe trí bhóthar rochtana BR 1/03. Bóthar príobháideach a bheidh in BR 1/03 le ceart slí príobháideach ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB. Cuirfear rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus geata singil goirt de réir CC-SCD-00309 ar fáil ó Bhóthar Rochtana BR 1/03 ag an ionad a léirítear i bhFíor 4.1.03 in Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB.
- Láthair 147c.201 agus Láthair 167: Cuirfear rochtain ar na réadmhaoine seo ar fáil tríd an BR 2/02 atá beartaithe. Bóthar príobháideach a bheidh in BR 2/02 le ceart slí príobháideach ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB. Cuirfear rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus geata singil goirt de réir CC-SCD-00309 ar fáil ó Bhóthar Rochtana BR 2/02 ag na háiteanna a léirítear i bhFíoracha 4.1.03 & 4.1.04 in Aguisín A.9.1 leis an bhFreagra IFB
- Láthair 156: Coinneofar an rochtain atá ann anois ar an réadmhaoin seo leis an rian rochtana atá ann faoi láthair, a bhfuil sé beartaithe é a cheangal leis an BR 1/04 atá beartaithe. Bóthar príobháideach a bheidh in BR 1/04 le ceart slí príobháideach ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB.

- Láthair 158: Gheofar rochtain ar an réadmhaoin seo tríd an mbealach isteach atá beartaithe amach ó Bhóthar Throscaí. Tá léargas acomhail ag an mbealach isteach seo curtha ar fáil de réir chaighdeáin BIÉ DN-GEO-03043 lena n-úsáidtear fad ‘y’ 50m i dtreo amháin ar an rochtain nach n-úsáidtear rómhinic le 70m sa treo eile, agus cuirtear fad ‘x’ iomlán 2.4m ar fáil. Faightear an réadmhaoin atá díreach ó dheas mar téann an leathnú atá riachtanach chun an léargas ar aghaidh a theastaíonn timpeall an chúinne seo isteach ar an áitreabh
- Láthair168: Scoiltear an réadmhaoin seo leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Cuirfear rochtain ar chuid thuaidh na réadmhaoine seo ar fáil trí BR 2/02 atá beartaithe. Bóthar príobháideach a bheidh in BR 2/02 le ceart slí príobháideach ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB. Cuirfear rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus geata singil goirt de réir CC-SCD-00309 ar fáil ó Bhóthar Rochtana BR 2/02 ag an ionad a léirítear i bhFíor 4.1.04 in Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Fanfaidh rochtain ar an gcuid theas mar a bhí amach ó Bhóthar Ann Gibbons L13215
- Láthair 177: Fanfaidh rochtain ar an láthair seo mar a bhí amach ó Bhóthar Ann Gibbons L13215
- Láthair 187: Fanfaidh rochtain ar an láthair seo mar a bhí amach ó Bhóthar Ann Gibbons L13215
- Láthair 179: Déanfaidh na daoine atá ina gcónaí ar Bhóthar Ann Gibbons L13215 monatóiriú ar an tsaincheist de pháirceáil neamhúdaraithe/champáil thar oíche agus déanfaidh siad é a thuairisciú do Chomhairle Chontae na Gaillimhe má thagann aon fhadhb aníos sa todhchaí
- Láthair 205: Dearadh an rochtain ar bhóthar rochtana BR 3/02 chun rochtain shábháilte talmhaíochta a sholáthar ar na tailte scoite ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus cuirfear rochtain ar thailte ó thuaidh ar fáil ó Bhóthar na hAille mar a léirítear ar Fhíor 4.1.05 d’Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB
- Láthair 208 & 209: Dearadh an rochtain ar bhóthar rochtana BR 3/02 chun rochtain shábháilte talmhaíochta a sholáthar ar na tailte scoite ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus coinneofar rochtain ar thailte ó thuaidh ó Bhóthar na hAille mar a léirítear ar Fhíor 4.1.05 d’Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB
- Láthair 211 & 212: Ní chuirtear rochtain ar na tailte scoite ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ar fáil toisc go dteastaíonn an talamh ar fad le haghaidh tógáil agus oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe. Coinneofar rochtain ar thailte ó thuaidh ó Bhóthar na hAille mar a léirítear ar Fhíor 4.1.06 d’Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB
- Láthair 217: Dearadh an rochtain ar bhóthar rochtana BR 4/05 chun rochtain shábháilte talmhaíochta a sholáthar ar na tailte scoite ar an réadmhaoin seo agus léirítear é ar Fhíor 4.1.06 d’Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB

- Láthair 222: Coinneofar an tslí isteach atá ann faoi láthair d'fheithiclí, agus athghrádófar an cabhsa chun teacht le Bóthar na Ceapaí a bheidh ailínithe in athuair. Cuirfear an rochtain atá ann faoi láthair do choisithe ar ais, ag úsáid an gheata atá ann faoi láthair do choisithe agus ag atógáil na gcéimeanna rochtana
- Láthair 226: Cuirfear rochtain ar na tailte coinnithe ó thuaidh agus ó dheas ó N6 CBCG atá beartaithe ar fáil trí BR4/05 agus BR4/06 faoi seach, mar a léirítear ar Fhíor 4.1.06 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Dearadh BR4/05 agus BR4/06 araon de réir caighdeán BIÉ Sonraí Tógála CC-SCD-02754 agus CC-SCD-00706 agus áirítear bóthar 4.0m ar leithead, le ciumhais féir 1.0m ar leithead ar gach taobh
- Láthair 229: Coinneofar rochtain ar an teach cónaithe ó thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ag an ionad ina bhfuil sé anois agus cuirfear siar é chun dóthain léargais a sholáthar. AA Cuirtear rochtain agus geata goirt ar fáil chun freastal ar an talamh talmhaíochta atá ann faoi láthair ó thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe
- Láthair 230: Dearadh bóthar rochtana BR 05/01 chun rochtain shábháilte talmhaíochta a sholáthar ar na tailte scoite ar an réadmhaoin seo agus léirítear é ar Fhíor 4.1.08 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB
- Láthair 233_234_235: Coinneofar an rochtain ar ionaid réadmhaoine na n-úinéirí talún 233, 234 agus 235 mar atá. Athghrádófar an rochtain ar láthair 234 chun teacht le Bóthar Bhaile an Mhóinín a bheidh athailínithe
- Láthair 239: Scoiltear an réadmhaoin seo leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Beartaítear rochtain ar láthair 239b.409 trí BR 06/03. Dearadh BR 06/03 chun rochtain shábháilte talmhaíochta a sholáthar ar na tailte scoite ar an réadmhaoin seo agus léirítear é ar Fhíor 4.1.09 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Coinneofar an rochtain ar an gcuid eile den láthair, 239b.410, mar atá faoi láthair
- Láthair 241: Fáil iomlán atá i 241a.209 chun tógáil an bhóthair rochtana BR 06/03 a éascú a chuireann rochtain ar fáil ar thailte coinnithe ó thuaidh ón bpríomhlíne, agus mar sin ní bheidh sé aonarach. Coinneofar an rochtain mar atá sé ar na tailte coinnithe siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Tá leibhéal beartaithe Bhóthar an Chlaí Bháin athailínithe tuairim is 1.5m faoi leibhéal na talún ar láthair 241 an úinéara talún feadh theorainn Bhóthar an Chlaí Bháin athailínithe. Níl aon rochtain dhíreach beartaithe don chuid seo talún ar Bhóthar an Chlaí Bháin
- Láthair 312: Cuirtear línte radhairc dóthanacha 70 méadar le haghaidh luas 50km/u ar fáil ag an dá rochtain de réir fhoilseacháin BIÉ
- Láthair 452: Cuirtear rochtain ar an talamh a scoiltear ag Bóthar Ceangail Ghort na Bró ar fáil trí dhá gheata rochtana mar a imlínítear i bhFíor 4.1.26 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB

- Láthair 250_466: Dearadh an rochtain ar bhóthar rochtana BR 07/04 chun rochtain shábháilte talmhaíochta a sholáthar ar na tailte scoite ar an réadmhaoin seo agus léirítear é ar Fhíor 4.1.08 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB. Síneoidh BR 07/04 thar atreorú an tsrutháin, le hatreorú an tsrutháin á phíobú faoin mbóthar rochtana. Dearadh an bóthar rochtana seo de réir chaighdeán BIÉ Sonraí Tógála CC-SCD-02754 agus CC-SCD-00706 agus áirítear bóthar 4.0m ar leithead, le ciumhais féir 1.0m ar leithead ar gach taobh. Éascaítear úsáid reatha agus criosú na dtailte seo (talmhaíocht) leis an dearadh seo. Beidh aon fhorbairt ar na tailte seo sa todhchaí faoi réir cead pleanála ón údarás áitiúil

- O_259_463: Ceaptar bóthar rochtana BR 07/05 chun rochtain a sholáthar ar linnte draenála agus ar thailte scoilte eile. Ní féidir rochtain a sholáthar ar an réadmhaoin seo 259_463 ón mbóthar rochtana seo mar tá atreorú srutháin idir na tailte seo agus an bóthar rochtana atá beartaithe. Coinneofar an rochtain mar atá sé ar na tailte ó thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe laistigh de láthair réadmhaoine 259_463 mar atá faoi láthair, agus ní bheidh gá le rochtain bhreise ó BR 07/05 mar sin

- Láthair 261: Cuirtear bóthar rochtana BR 05/01, a bhfuil acomhal aige le Bóthar Bhaile an Mhóinín, ar fáil chun rochtain a sholáthar ar na tailte ó thuaidh. Tá rochtain ar na tailte ó dheas trí rochtain bóthair dhírigh ag slí isteach geata goirt ó Bhóthair Bhaile an Mhóinín. Soláthraítear línte radhairc dóthanach agus spréanna léargais ag an dá shlí isteach. Ní gá íosbhealach a sholáthar chun na láithreacha a nascadh mar tá na láithreacha ó thuaidh agus ó dheas araon gar d'Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín agus tá rochtain éasca acu ar a chéile, más gá. Ós rud é go bhfuil an bóthar gearrtha ag an ionad seo, ní bheadh íosbhealach praiticiúil nó inmhianta ó thaobh úsáid coisithe de

- Láthair 273_461: Cuirfear rochtain ar na tailte ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar fáil trí rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus trí gheata singil goirt de réir CC-SCD-00309 Cineál 3 ar Bhóthar Leitrí. Cuirfear rochtain ar na tailte ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar fáil trí rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus trí gheata singil goirt de réir CC-SCD-00309 Cineál 3 ar Bhóthar Leitrí

- Láthair 298: Tá leathnú beag ar an mbóthar atá ann faoi láthair i gceist leis na hoibreacha ar Bhóthar Leitrí mar aon le feabhsúchán ar ailíniú ingearach an bhóthair a dhéanfaidh níos sábháilte d'fheithiclí é. Beidh an luasteorainn ar an mbóthar fós 50km/u. Scrúdaíodh línte radhairc agus spréanna léargais de réir BIÉ DN-GEO-03060 le haghaidh 50km/u agus freastalaítear orthu leis an rochtain atá beartaithe, a dhéanfaidh rochtain shábháilte chuig an réadmhaoin agus uaidh. Beidh laghdú i méid na tráchta os comhair na réadmhaoine seo

- Láthair 312: Cuirfear rochtain ar na tailte ó dheas ón réadmhaoin agus ó na foirgnimh feirme ar fáil ó Bhóthar an Chlaí Bháin athailínithe trí rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus trí gheata singil goirt de réir CC-SCD-00309 Cineál 3. Cuirfear rochtain ar an teach cónaithe agus ar na tailte ó thuaidh den teach cónaithe ar fáil trí gheata singil goirt de réir CC-SCD-00309 Cineál 3 ar bhóthar rochtana BR 06/02.
- Láthair 480: Cuirfear slí isteach nua baile 1.2m de réir CC-SCD-02753 ar fáil don teach cónaithe le balla ard cloch thar leibhéal na talún de réir GCRR-SK-C-001 ó Bhóthar Rathúin. Coinneofar an rochtain reatha goirt thiar agus tá sé oiriúnach mar sin don úsáid reatha talún
- Láthair 484: Soláthrófar rochtain ar na tailte thiar trí Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas agus ar na tailte thoir trí Bhóthar Leitrí L1323. Beartaítear rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus geata singil goirt atá oiriúnach don úsáid reatha talún
- Láthair 486: Tá rochtain ar na tailte amach ó Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas ó BR 07/07. Beidh rochtain ó bhóthar rochtana BR 07/06 amach ó Bhóthar Leitrí. Bóithre príobháideacha a bheidh i mbóthar rochtana BR07/06 agus BR07/07 araon le cearta slí príobháideacha ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 den Fhreagra IFB
- Láthair 503: I bhFíor 4.1.10 d’Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB, imlínítear an togra d’fhál adhmaid cuaillí agus ráillí trí Láthair 457, go garbh timpeall theorainn na n-áitreabh atá ann faoi láthair. Ar an gcaoi sin, seachnófar cóngar sciuirde féideartha amach ó phóirse an Chuarbhóthair tríd an láthair agus ar aghaidh chuig Bóthar Ceangail N59 ó Dheas. Lena chois sin, bheadh nasc dá leithéid chuig Bóthar Ceangail N59 ó Dheas ón gCuarbhóthar ag teacht salach ar chaighdeáin an deartha bóthair, toisc go gcuirfeadh sé isteach ar fheidhmiúlacht Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas, d’fhéadfadh sé cur isteach go dona ar acmhainneacht oibríochta N59 Acomhal Leitrí agus mheallfadh sé leibhéil tráchta mhíchuí ar an gCuarbhóthar trí Bhóithrín Kearns
- Láthair 506: Dearadh an bóthar rochtana BR 07/10 de réir chaighdeán BIÉ Sonraí Tógála CC-SCD-02754 agus CC-SCD-00706 agus áirítear bóthar 4.0m ar leithead, le ciumhais féir 1.0m ar leithead ar gach taobh. Dearadh an rochtain seo chun úsáid reatha agus criosú na dtailte seo (Talmhaíocht) a éascú agus ní le haghaidh forbartha féideartha sa todhchaí. Beidh aon fhorbairt ar na tailte seo sa todhchaí faoi réir cead pleanála ón údarás áitiúil
- Láthair 523: Bóthar príobháideach a bheidh i BR 08/02 le ceart slí príobháideach ar fáil d’úinéir réadmhaoine 519 mar a liostaítear i dTábla 9.3 de Chuid 9 den Fhreagra IFB. Ní bheartaítear rochtain ar BR 08/02 do réadmhaoin 523
- Láthair 553: Ós rud é go bhfuil an bóthar (Bóithrín Chaisleán Mhionlaigh) chuig na tailte gar d’Abhainn na Gaillimhe atá ann cheana á fháil, tá ceart slí

ag an úinéir réadmhaoine ar an mbóthar seo agus tá faisnéis á lorg aige ar thoisí na n-íosbhealach S 09/01 agus S 10/02. Le bóthar rochtana BR 09/02 coinnítear rochtain feadh Bhóithrín Chaisleán Mhionlaigh faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe mar a léirítear i bhFíor 14.1.07 den TMTT. Beidh réise 10m thar an mBóithrín ag Tardhroichead Bhóithrín Chaisleán Mhionlaigh (S09/01) chomh maith le híosairde 5.3m, i.e. spás faoin struchtúr

- Láthair 561: Deirtear in Ob_553_561 nár cuireadh aon sonraí ar fáil maidir le stádas dlíthiúil na mbóithre áise BR 10/03, BR 10/04 ná BR 10/05 ná ar fheidhm BR 10/07. Bóithre príobháideacha a bheidh i mbóithre rochtana BR 10/03, BR 10/04 agus BR 10/05 le ceart slí príobháideach ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 den Fhreagra IFB. Beidh réise 9.8m ag Tardhroichead an tSeanbhóthair (S10/02) thar an Seanbhóthar agus íosairde 5.3m, i.e. fad idir an struchtúr agus an bóthar. Is slí amach éigeandála é bóthar rochtana BR 10/07 d'fheithiclí ró-arda atá ag taisteal soir sula dtéann siad isteach i dTollán Leacaigh. Níl an bóthar rochtana seo ag cur rochtain ar fáil don fhorbairt bóthair atá beartaithe
- Láthair 563: Gheofar rochtain ar na tailte ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar Bhóthar Nua tríd an rochtain atá ann faoi láthair ar Bhóthar Nua. Gheofar rochtain ar na tailte ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar an mBóthar Nua trí bhóthar rochtana BR 10/01 ón mBóthar Nua. Gheofar rochtain ar na tailte ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus soir ón Seanbhóthar trí bhóthar rochtana BR 10/03 amach ó bhóthar rochtana BR 10/02. Gheofar rochtain ar an láthair talún is faide siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe tríd an rochtain atá ann faoi láthair
- Láthair 570: Coinneofar an rochtain ar an réadmhaoin atá ann cheana amach ón mBóthar Nua. Cuirfear rochtain ar na tailte ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar fáil faoin tarbhealach. Clárófar ceart slí 10m ar leithead i bhfabhar an úinéara talún ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun rochtain idir na dáileachtaí talún ó thuaidh agus ó dheas a éascú.
- Láthair 571: Coinneofar an rochtain mar atá sé ón Seanbhóthar ar na tailte coinnithe ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Gheofar rochtain ar na tailte coinnithe ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe tríd an rochtain atá ann faoi láthair ar Bhóthar Nua. Cuirfear rochtain ar fáil freisin faoin tarbhealach chun an dáileacht talún a nascadh
- Láithreacha 572 & 574: Coinneofar rochtain ar thailte siar ón Seanbhóthar mar atá sé, le rochtain idir tailte ó thuaidh agus ó dheas den phríomhlíne curtha ar fáil faoi Tharbhealach Mhionlaigh atá beartaithe. Cuirfear rochtain ar thalamh coinnithe soir ón Seanbhóthar ar fáil le BR 10/02. Beidh rochtain ar BR 10/02 ón Seanbhóthar agus ón bpríomhlíne ó BR 10/07
- Láithreacha 580 & 581: Cuirfear rochtain ar na tailte ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar fáil le BR 10/02. Is de shiúl na gcos amháin a bheidh rochtain bhreise soir ó cheann bhóthar rochtana BR 10/02

- Láthair 584: Is slí amach éigeandála é bóthar rochtana BR 11/01 d'fheithiclí ró-arda atá ag taisteal siar sula dtéann siad isteach i dTollán Leacaigh. Níl an bóthar rochtana seo ag cur rochtain ar fáil don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Cuirfidh sé rochtain ar fáil freisin ar na linnte maolaithe, ar fhoirgneamh seirbhísí an tolláin agus ar limistéir na ngnáthóg éiceolaíoch. Bóthar poiblí a bheidh in BR 11/01 le ceart slí ar fáil do pháirtithe a liostaítear i dTábla 9.4 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB
- Láthair 584: Coinneofar rochtain feadh an tSeanbhóthair tar éis na tógála
- Láthair 603: Nascfaidh BR 11/02 leis an mbóithrín atá ann faoi láthair. Coinneofar an rochtain atá ann cheana ar an ngort a bhaineann le láthair 603a.201
- Láthair 663.02: Tógfar slí isteach nua baile de réir Chaighdeán BIÉ Sonra Tógála CC-SCD-02753 agus cuirfidh sé línte radhairc dóthanacha ar fáil chun rochtain agus imeacht sábháilte a éascú ón réadmhaoin chuig Bóthar N83 Thuama. Léirítear i bhFíor 1.10.19 d'Aguisín A.1.13 den IFB an leagan amach d'Acomhal Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach. Téitear i ngleic le himní maidir le trácht sa Ráiteas Fianaise ar Thrácht
- Láthair 673: Cuirfear rochtain ar na tailte coinnithe ón N83 ar fáil le BR 13/06. Leathnaíodh an t-ailíniú colbha seo ar an acomhal laistigh de theorainn na forbartha chun ligean do ghluaiseachtaí HGVanna. Cuireadh rochtain ó BR 13/06 ar na tailte coinnithe laistigh de theorainn na forbartha ar fáil freisin chun freastal ar HGVanna
- Láthair 679: Cuirfear rochtain ar an réadmhaoin ar fáil le BR 13/06, díreach amach ó Bhóthar N83 Thuama. Coinneofar an balla teorann agus slí isteach mar atá siad
- Láthair 685: Is ciseal bóthair (Cuid de Bhóthar Poiblí) amháin é an talamh atá beartaithe le fáil, láithreacha 685a.201, 685a.202 agus 685b.201. Ní bheidh aon athrú ar an rochtain/imeacht atá ann anois ag an tslí isteach chuig an gcairéal
- Láithreacha 705, 627 & 658: Tabharfar rochtain don úinéir talún ar gach dáileacht talún atá scartha i rith thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe. Cuirfear isteach go sealadach ar an rochtain ar an láthair choinnithe talún ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe chun an foirgneamh beostoic feirme atá ann a scartáil toisc go bhfuil sé chomh gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe. I gcás ina gcuirtear isteach go sealadach ar an rochtain sin tabharfar fógra roimh ré do na húinéirí talún.
- Láthair 716: Le BR 15/07, soláthraítear an pointe deiridh imeachta d'fheithiclí ró-arda atá ag taisteal siar ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe sula dtéann siad isteach i dTollán Ráschúrsa na Gaillimhe. Bóithre rochtana poiblí a bheidh in BR 15/01, BR 15/02, BR 15/03 agus BR 15/06. Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcuirtear BR 15/06 ar fáil chun ligean d'fheithiclí atá

ró-ard bóthar rochtana BR 15/02 a fhágáil tar éis dóibh an fhorbairt bóthair atá beartaithe a fhágáil ó BR 15/07, agus mar sin cuirfear geata ar fáil anseo chun úsáid an bhóthair rochtana a shrianadh

- Láthair 724: Tugann bóthar rochtana BR 16/01 rochtain ar dháileacht talún mar go scoilteann an fhorbairt bóthair atá beartaithe an bealach isteach a úsáidtear faoi láthair
- Láthair 499: Coinneofar an rochtain ar thailte mar atá sé mar a léirítear i bhFíor 4.1.24 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB
- Láthair 531.01: Coinneofar an socrú rochtana lúibe tar éis don tógáil a bheith críochnaithe in Achadh an Churraigh
- S-040: Beidh rochtain idir an réadmhaoin agus an t-áitreabh bunaidh (láthair 239) trí na bóithre/sráideanna áitiúla mar a léirítear i bhFíor 1.10.07 a áirítear in Aguisín A.1.13 den Fhreagra IFB. Áirítear leis sin cosáin feadh Bhóthar Rathúin idir an dá chuid de Bhóthar an Chlaí Bháin athailínithe
- Láthair 603: Cuirfear bosca buí ar fáil ar lána tráchta N84 ó dheas chun spás agus deis a sholáthar d'fheithiclí ó Bhóithrín Bhaile an Dúlaigh rochtain a fháil ar an N84. Téann sé sin i ngleic leis an gceist a tarraingíodh anuas faoin réadmhaoin a fhágáil toisc go bhfuil sé chomh gar d'acomhal Bhóthar N84 Áth Cinn a bhfuil soilse tráchta air
- Láthair 238: Coinneofar an rochtain atá ann faoi láthair ar láthair 238 ó Bhóthar an Chlaí Bháin mar atá agus cuirfidh sé rochtain ar fáil do na tailte coinnithe ar fad
- Láthair 272_462: Tá an láthair seo roinnte i dtrí chuid ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Beidh rochtain ar na tailte coinnithe ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ó Bhóthar Leitrí atá ann cheana trí gheata singil rochtana goirt amach ó Bhóthar Rochtana BR 07/05. Beidh rochtain ar na tailte coinnithe talmhaíochta ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus siar ó Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas ó Bhóthar Leitrí atá ann anois trí dhá gheata shingile rochtana goirt de réir CC-SCD-00309. Beidh rochtain ar an teach cónaithe trí shlí isteach baile de réir CC-SCD-02753 le balla cloiche 1.2m ar airde i gcomhréir le GCRR-SK-C-001. Beidh rochtain ar na tailte coinnithe soir ó Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas trí gheata singil rochtana goirt amach ó Bhóthar Rochtana BR 07/07. Bóithre príobháideacha a bheidh i mbóithre rochtana BR 07/05 agus BR 07/07 le ceart slí príobháideach ar fáil do na páirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB
- Láthair 468_501: Beidh rochtain ar na tailte coinnithe siar ó Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh de Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh trí rochtain goirt de réir CC-SCD-02754 agus trí gheata singil rochtana goirt i gcomhréir le CC-SCD-00309. Beidh rochtain ar an talamh coinnithe soir ó Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh trí bhóthar rochtana BR 07/09 a nascann le Bóthar Ceangail N59 ó Thuaidh. Bóthar príobháideach a bheidh in BR 07/09 le ceart

slí príobháideach ar fáil do na páirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB

- Láthair 485: Ós rud é go bhfaighfear na tailte seo ina n-iomláine chun tógáil agus oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú, níl gá le rochtain agus ní chuirtear ar fáil é
- Láthair 498: Cuirfidh an rochtain atá ann cheana amach ó bhóthar áitiúil L5007 rochtain ar fáil ar thailte coinnithe láthair 498 toisc go bhfuil na tailte ar fad ar an taobh thiar de Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh atá beartaithe
- Láthair 626: Gheofar rochtain ar na tailte coinnithe ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe tríd an rochtain atá ann cheana ó Bhóthar an Chóiste a choinneofar mar atá sé. Beidh rochtain ar na tailte coinnithe ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ó bhóthar rochtana BR 12/04 a nascfaidh le Bóthar na Scoile. Bóthar príobháideach a bheidh in BR 12/04 le ceart slí príobháideach ar fáil do na páirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chaibidil 9 den Fhreagra IFB
- Láthair 628: Coinneofar an rochtain atá ann faoi láthair amach ó Bhóthar an Chóiste mar atá sé agus cuirfear rochtain ar fáil leis ar thailte coinnithe láthair 628
- Láthair 629: Coinneofar an rochtain atá ann faoi láthair amach ó Bhóthar an Chóiste mar atá sé agus cuirfear rochtain ar fáil leis ar thailte coinnithe láthair 629
- Láthair 631: Coinneofar an rochtain atá ann anois ar an talamh coinnithe ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar Bhóthar na Scoile mar atá sé. Coinneofar an rochtain mar atá sé ar na tailte coinnithe ar Bhóithrín Uí Spealáin ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Nascfar Bóithrín Uí Spealáin le Bóthar na Scoile le bóthar rochtana BR 13/01
- Láthair 634: Coinneofar an rochtain atá ann faoi láthair amach ó Bhóthar an Chóiste mar atá sé agus cuirfear rochtain ar fáil leis ar an teach coinnithe i láthair 634
- Láthair 635 & 651: Coinneofar rochtain ó Bhóithrín Uí Spealáin ar Bhóthar an Chóiste agus cuirfear bóthar rochtana poiblí nua BR 13/01 ar fáil chun Bóithrín Uí Spealáin a nascadh le Bóthar na Scoile. Coinneofar an rochtain atá ann anois ar an teach seo ó Bhóithrín Uí Spealáin mar atá sé
- Láthair_639: Coinneofar an rochtain atá ann anois ar an réadmhaoin seo ar Bhóthar na Scoile mar atá sé
- Láthair 677, Láthair 678 & Láthair 179: Le BR 13/06 tugtar rochtain ar thithe aonair agus ar dháileachtaí talún a bhfuil rochtain dhíreach orthu ó Bhóthar N83 Thuama faoi láthair. Cuirfear rochtain níos sábháilte ar fáil ó na tithe seo leis an mbóthar rochtana scartha seo le cosáin. Féach ar Fhíor 1.10.17 in Aguisín A.1.13 den Fhreagra IFB

- Láthair 684: Coinneofar an rochtain atá ann anois ar an réadmhaoin seo ar Bhóthar N83 Thuama mar atá sé
- Láthair 688: Coinneofar an dá rochtain atá ann anois ar Bhóthar N83 Thuama: beidh siad suite siar óna n-ionad bunaidh áfach. Scrúdaíodh línte radhairc agus spréanna léargais de réir BIÉ DN-GEO-03060 le haghaidh 50km/u agus freastalaítear orthu leis an rochtain atá beartaithe
- Láthair 701: Coinneofar an rochtain ar an láthair choinnithe ar Bhóthar na Páirce Móire mar atá sé. Cuirfear rochtain ar an láthair scoilte ar Bhóthar na Páirce Móire ar fáil trí BR 15/02. Cuirfear rochtain ar an láthair scoilte siar ó Ráschúrsa na Gaillimhe ar fáil trí BR 14/04
- Láthair 724: Tugann bóthar rochtana BR 16/01 rochtain ar dháileacht talún mar go scoilteann an fhorbairt bóthair atá beartaithe an bealach isteach a úsáidtear faoi láthair
- S_008: Bóthar príobháideach a bheidh in BR 08/03 le ceart slí príobháideach ar fáil do na páirtithe sin a liostaítear i dTábla 9.3 den Fhreagra IFB. Coinneofar gach rochtain ar na 8 dteach aonair atá fágtha mar atá siad, seachas ceann amháin. Cuirfear slí isteach baile de réir CC-SCD-02753 mar aon le balla cloiche i gcomhréir le GCRR-SK-C-001 ar fáil do láthair 533. Léirítear fótamontáisí de bhóthar inmheánach an eastáit atá taobh leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe i bhFíoracha 1.2.1 go 1.4.3 in Aguisín 12.3 den TMTT. Níl aon laghdú ar leithead bhóthar inmheánach an eastáit
- S_019: Beidh soilse tráchta ag acomhail Chúil Each agus na Linseach araon ag acomhail gráid a ligfidh an trácht i ngach treo. Mar sin, ní chuirfear isteach ar an rochtain ó roinnt treonna atá ag Dunnes Stores agus ag na tionóntaí thart air
- S_038, S_062, S_063, S_066: Cuirtear rochtain ar Reilig an Lisín ar fáil faoi láthair ó Ascaill an Ráschúrsa agus ceadaítear páirceáil sa limistéar páirceála leantóra capaill de Ráschúrsa na Gaillimhe le comhaontú le haghaidh sochraidí. Faightear an limistéar páirceála seo mar chuid de na hoibreacha tógála don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Cuirtear rochtain mhalartach ar fáil trí bhóthar rochtana BR 15/02 ó Chnoc Mhaoil Drise. Cuirtear carrchlós le 30 spás ar fáil freisin in aice na reilige. Ós rud é go bhfuil an bóthar rochtana seo ag freastal ar úinéirí réadmhaoine in aice láimhe freisin, beidh faireachas air a stopfaidh aon pháirceáil gan chead
- S_038 & S_055: Mar fhreagra ar an imní seo nach mbeidh Ascaill an Ráschúrsa in ann déileáil leis an trácht ó na rampaí atá beartaithe amach ó N6 CBCG, ba chóir a thabhairt faoi deara nach gcuirtear rampaí rochtana ar fáil ó N6 CBCG chuig Ascaill an Ráschúrsa. Mar bhealach amach éigeandála amháin d’fheithiclí ró-arda sula dtéann siad isteach i dTollán Ráschúrsa na Gaillimhe atá bóithre rochtana BR 15/07, BR 15/06 agus BR 14/09 ceaptha le húsáid

4.14.11 Dearadh na bóithre rochtana ar fad de réir chaighdeán BIÉ Sonraí Tógála CC-SCD-02754 agus CC-SCD-00706 agus beidh siad 4m ar leithead ar a laghad le ciumhais féir 1m ar leithead ar gach taobh.

## 4.15 Tionchair na tógála

### Ceisteanna

4.15.1 Is féidir an cheist a tarraingíodh anuas i ndáil le tionchair tógála a ghrúpáil mar seo a leanas:

- Leibhéil mhéadaithe brú agus crá croí le linn tógála: Ob_119, S_046 agus Ob_641
- Éiginnteacht maidir leis an amscála le haghaidh na n-oibreacha tógála: Ob_111, agus Ob_696.13_14
- Agóidí i gcoinne campún suímh gar do thithe: Ob_677 agus Ob_678
- Tionchair ar línte cumhachta lasnairde: S_008, Ob_521.3 agus S_037
- Gan dóthain sonraí ar leibhéal na dtionchar tógála agus/nó maolú: Ob_691, Ob_528_541_543_537 agus Ob_528_541_543_537
- Conas a thógfar struchtúr Dhroichead Abhainn na Gaillimhe agus an mbeidh nascacht ag coisithe faoi. Déileáiltear leis sin i gCuid 4.7 thuas

4.15.2 Cuirtear imní in iúl in Ob_216 faoi más gá dá dhabhach shéarachais a bheith nasctha le seirbhísí camrais na n-údarás áitiúil toisc go bhfuil a réadmhaoin á laghdú.

4.15.3 S_078: Rinne FSS aighneacht chuig an bhFreagra IFB a dúirt, *"Níor tháinig an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil ar aon tagairt do bhearta srianta lotnaidí le forfheidhmiú ag an gconraitheoir le linn chéim tógála na forbartha atá beartaithe. D'fhéadfadh seanfhoirgnimh agus seideanna a bheith ina dtearmann do lotnaidí, creimirí san áireamh. Is féidir na creimirí sin a scaipeadh ar fud an cheantair máguaird nuair a scartáiltear foirgnimh atá lán le creimirí. Tá srianadh lotnaidí ar an suíomh riachtanach ó thaobh sláinte phoiblí a chosaint."*

### Freagra

4.15.4 Déileálann an Dr Martin Hogan leis an mbrú agus an crá croí mar a chuireann sé isteach ar shláinte ina Ráiteas Fianaise.

4.15.5 Láthair 216: Dar le Plean Leagan Amach an tSuímh a cuireadh ar fáil leis an iarratas ar phleanáil don teach seo, tá an dabhach shéarachais agus láthair shíothlúcháin suite ó thuaidh de na háitribh ar an suíomh seo. Ós rud é nach bhfuil bóthar rochtana BR 4/05 atá beartaithe suite sa láthair shíothlúcháin ná sa dabhach shéarachais a úsáidtear ag an réadmhaoin seo agus nach bhfuil sé gar dóibh, ní athróidh sé iad ná ní chuirfidh sé isteach orthu.

4.15.6 Bunófar clár cumarsáide soiléir chun áititheoirí na bhfoirgneamh in aice láimhe a chur ar an eolas roimh aon oibreacha a d'fhéadfadh cur isteach ar dhaoine agus a bhféadfadh leibhéil chreathaidh éirí as a d'fhéadfadh leibhéil inbhraite a shárú. Beidh cineál agus fad na n-oibreacha leagtha síos go soiléir i ngach ciorclán cumarsáide.

4.15.7 Cuirtear sonraí ar fáil i gCuid 7.4.1 agus 7.4.2 de Chaibidil 7 den TMTT ar na gníomhaíochtaí tógála, agus leagtar amach amscála na tógála a bhaineann le gach cuid i dTábla 7.1 de Chuid 7.4.7.1.

4.15.8 Ob_521.3 & S_008: Léirítear i bhFíor 15.1.05 den TMTT an t-atreorú atá beartaithe ar na línte cumhachta sa cheantar. Ní bheartaítear na línte cumhachta a atreorú laistigh d'eastát Achadh an Churraigh; i gcás go mbeidh línte le hatreorú, áiríodh an talamh a theastaíonn i dteorainn na forbartha atá beartaithe.

4.15.9 Ob_677 & Ob_678: Tá an campún beartaithe le bheith ar leibhéal íochtarach an ghoirt seo in aice le Bóthar N83 Thuama. Beartaítear campún ar leith ar an laftán uachtarach. Ní campún singil é an campún agus mar sin, níl aon ghá ábhar a bhaint/thochailt/athdheascadh sa cheantar seo chun an campún a chruthú. Leagtar amach sonraí i ndáil le cúrsaí tógála sa CEMP in Aguisín A.7.5 den TMTT a bheidh mar chuid de na doiciméid conartha le haghaidh chéim tógála na forbartha atá beartaithe.

4.15.10 Ob_641: Tá an iarraidh ar athlonnú sealadach le linn thréimhse na tógála á plé leis an údarás áitiúil. Téitear i ngleic le saincheist chothabháil agus chosaint an tí le linn thréimhse na tógála ann freisin.

4.15.11 Ob_691: Mionsonraítear na gníomhaíochtaí tógála a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear bealaí tarlaithe le haghaidh trácht tógála agus campún suímh, i gCaibidil 7 den TMTT agus sna fíoracha agus aguisíní gaolmhara.

4.15.12 Ob_528_541_543_537: Tabhair faoi deara go dtagraítear do chrios tionchair (ZoI) na tógála hidrigeolaíochta i bhFíor 10.7.108 den TMTT agus gur chóir é a léamh i gcomhar le Caibidil 10 den TMTT. Ní comhartha iad na limistéir haitseáilte seo de chrios tógála fisicí.

4.15.13 Ob_528_541_543_537: Téann an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar tharbhealach thar Champas Spóirt OÉG sula dtrasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe (agus cSAC Loch Coirib). Fad iomlán an struchtúir trí Champas Spóirt OÉG agus thar Abhainn na Gaillimhe ná 620m.

4.15.14 Dearadh Droichead Abhainn na Gaillimhe chun na tionchair ionchasacha ar Chaisleán Mhionlaigh agus a dhiméin, cSAC Loch Coirib, Campas Spóirt OÉG, agus ar Abhainn na Gaillimhe í féin a íoslaghdú. Beidh forstruchtúr an droichid déanta de dheic choincréite a mhúnlófar in-situ, rud a chiallaíonn go dtógfar an droichead ina ionad deiridh le coincréit threisithe. Níl aon tacaí don droichead san abhainn, rud a chiallaíonn go dtacófar leis an réise thar an abhainn ag piaraí ar bhruach na habhann.

4.15.15 Áirítear sonraí iomlána shraith na tógála de Dhroichead Abhainn na Gaillimhe in Aguisín A.7.1 den TMTT agus léirítear sonraí iomlána na mbealaí rochtana tógála ar Fhíoracha 7.001 agus 7.002 den TMTT.

4.15.16 Is iad na codanna de Champas Spóirt OÉG a bhfuil tionchar díreach orthu ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe an pailliún spóirt, an pháirc féir atá díreach in aice leis an bpailliún spóirt agus páirc féir CLG lánmhéide amháin atá díreach in aice le hAbhainn na Gaillimhe mar a léirítear i bhFíor 8.

4.15.17 Coinnítear nascacht trí Champas Spóirt OÉG faoin tarbhealach tríd an líonra cosán agus siúlán atá ann cheana sa chás deiridh toisc go mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar íosairde 5.8m os cionn na gcosán sin. Le linn tógála, coinnítear rochtain freisin trasna an tsuímh tógála trí shraith conairí. Mar sin, beidh an pobal in ann leanúint ar aghaidh ag úsáid an cheantair seo le haghaidh áineasa agus traenála a mhéid is indéanta.

4.15.18 Déanfar pailliún spóirt OÉG atá ann a leagan amach as an nua mar gheall ar fhorluí an tarbhealaigh le taobh thiar an fhoirgnimh. Tugtar sonraí iomlána na n-oibreacha sin in Aguisín A.15.1 den TMTT. Coinneofar úsáid iomlán na n-áiseanna i rith thréimhse an leagan amach nua.

4.15.19 Trasnaítear Abhainn na Gaillimhe ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe le híos-spás 6m thar an 1 bhliain in 100 uasleibhéal uisce ag an mbruach agus spás 10.7m ag an réise lárnach chun ligean do loingseoireacht abhann agus do ghluaiseacht bád seoil faoi.

4.15.20 Láthair 677 & Ob_678: Mar a thagraítear dó san aighneacht, tá pléascadh beartaithe idir Slabhraíocht 14+200 agus 14+600. Rinneadh measúnú ar thionchair na dtionchar féideartha de bharr pléasctha i gCaibidil 17 den TMTT.

4.15.21 S_078: Déanfar Plean Srianta Lotnaidí a chorprú sa CEMP in Aguisín A.7.5 den TMTT. Tá bileog faisnéise táirgthe ag an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil ina sonraítear conas creimirí a shrianadh i dtionscal na tógála. Féachadh ar an mbileog faisnéise sin agus ar mholtaí aighneacht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nuair a cuireadh na bearta thíos le chéile.

(https://www.hse.ie/eng/services/publications/environmentalhealth/rodent-control-for-the-construction-industry.pdf).

4.15.22 Tá an Plean Srianta Lotnaidí (PSL) thíos i gcomhréir leis na Tiomantais Chomhshaoil atá sa TMTT agus RTN agus sa CEMP in Aguisín A.7.5 den TMTT. Féach freisin ar na bearta a imlínítear i gCuid 7.6.3 den TMTT a chuireann sonraí ar fáil de na bearta a ghlacfar lena chinntiú go gcoinnítear an suíomh tógála agus timpeall air chuig ardchaighdeán glaineachta.

***1. Suirbhé***

Déanfaidh cuideachta ghairmiúil srianta lotnaidí suirbhé suímh ceithre seachtaine ar a laghad sula dtosaíonn aon oibreacha scartála chun fianaise fínithe creimirí a shainaithint. I gcás go sainaithnítear aon fhíniú creimire, comhaontófar cóireálacha cuí ar dtús leis an Éiceolaí Tionscadail. Cuirfear na cóireálacha i bhfeidhm chun fíriú a dhíothú roimh an scartáil. Déanfar monatóireacht ar lotnaidí ar an suíomh le linn oibreacha scartála/tógála.

***2. Suíomh tógála***

Cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm ar an suíomh:

- Bainfear an bruscar ar fad ón suíomh
- Líonfar seandraenacha agus píobáin eile nach n-úsáidtear le coincréit, nó tochlófar amach iad agus séalófar na hacomhail le draenálacha a oibríonn
- Aislíonfar sean-dúshraitheanna, linnte séarachais, cuasa, etc. le truncáil chuí, daingneofar go maith iad agus clúdófar iad le sraith concréite

***3. Séaraigh agus Draenacha***

Glacfaidh an Conraitheoir cúram gan damáiste a dhéanamh do dhraenacha ná séaraigh fad is atá innealra á úsáid, toisc go bhfuil siad in ann francaigh a scaoileadh isteach ar an suíomh. Cuirfear caipín ar sheanséaraigh agus seandraenacha nach bhfuil feidhm acu a thuilleadh agus bainfear iad nuair is féidir. Ina theannta sin, cuirfear an méid a leanas i bhfeidhm:

- Nuair a bheidh na draenacha nua á leagan, cosnófar na séaraigh, na píobáin oscailte agus na dúnphoill in aghaidh creimirí nuair nach mbíonn obair ag tarlú – go háirithe san oíche
- Feisteofar flapa frith-thuile ag an oscailt ar phíobáin uisce dromchla a sceitheann isteach i sruthchúrsa

***4. Sláinteachas***

Coinneofar ardchaighdeán sláinteachais ar an suíomh le linn na tógála:

- Stórálfar dramhbhia, stáin bhia fholmha, agus dramhaíl eile a d'fhéadfadh creimirí a mhealladh i mboscaí bruscair le cláir theanna
- Glanfar carnadh seanadhmaid, brící agus smionagair a d'fhéadfadh a bheith ina dtearmann do chreimirí as an mbealach a thapa agus is féidir
- Stórálfar stoic d'ábhar tógála chomh néata agus is féidir
- Cinnteoidh conraitheoirí go gcoinneofar an suíomh tógála chomh glan agus néata agus is féidir, agus stórálfar aon bhia ar an suíomh i gcoimeádán lotnaid-díonach sa tsaoráid leasa

## 4.16 Truailliú solais

### Ceisteanna

4.16.1 Tarraingíodh anuas ceist i roinnt aighneachtaí/agóidí go mbeadh truailliú méadaithe solais ag a réadmhaoin: Ob_111, Ob_195, Ob_201, Ob_213, Ob_216, Ob_220, Ob_222, Ob_512.2, S_031, Ob_296, Ob_298, Ob_311, Ob_O_517.05, Ob_521_O_517.14_02, S_029, S_051, Ob_677 & Ob_678, Ob_688, Ob_751, S_008, S_059, S_071, Ob_103 agus Ob_468_501.

4.16.2 Tarraingíodh ceist anuas maidir le truailliú méadaithe solais nuair a bheidh oibreacha tógála ag tarlú le linn uaireanta an dorchadais, sa bhreis ar an ngnáthshoilsiú sráide. Tarraingíodh anuas an cheist seo in aighneacht S_029.

### Freagraí

4.16.3 Dearadh an tsuiteáil soilse bóthair atá beartaithe le foghail theoranta solais mar eochairthosaíocht. Glacadh roinnt bearta lena chinntiú go gcuirtear solas i bhfeidhm díreach nuair is gá mar a leagtar amach i gCuid 10.3 den Tuarascáil Dearaidh in Aguisín A.10.1 den Fhreagra IFB.

4.16.4 Maidir le S_029, beidh na gnáthuaireanta oibre le linn oibreacha tógála mar a imlínítear i gCaibidil 7 den TMTT. Mar a luadh i gCaibidil 7 den TMTT, beidh srianadh dian ar an méid oibre a dhéanfar lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre.

4.16.5 Ob_111: Deir an aighneacht/agóid seo go soilseofar an ceantar iomlán de bharr a ngaireacht do Thimpeallán Bhearna Thiar. Beartaítear go gcuirfear soilsiú ar fáil ag Timpeallán Bhearna Thiar ar mhaithe le sábháilteacht. Tá réadmhaoin 111 suite tuairim is 200m ón gcolún soilse is gaire. Lena chois sin, léirítear i bhFíor 5.4.01 den TMTT go bhfuil an réadmhaoin seo suite lasmuigh de na hisilínte a léiríonn an leibhéal doirte solais ó na lóchrainn agus, mar sin, beidh leibhéal an tsolais ag an réadmhaoin seo mar thoradh ar shoilse an bhóthair atá beartaithe níos lú ná 1 lucsa (solas na gealaí ó ghealach lán).

4.16.6 Ob_195: Beartaítear go gcuirfear soilsiú ar fáil ag Timpeallán Bhearna Thoir ar mhaithe le sábháilteacht. Léirítear ionaid bheartaithe na soilse agus an doirteadh solais lena mbaineann i bhFíor 5.4.03 den TMTT d'ionad na réadmhaoine seo. Léirítear i bhFíor 5.4.03 den TMTT go bhfuil an réadmhaoin seo suite lasmuigh de na hisilínte a léiríonn an leibhéal doirte solais ó na lóchrainn agus, mar sin, beidh leibhéal an tsolais ag an réadmhaoin seo mar thoradh ar shoilse an bhóthair atá beartaithe níos lú ná 1 lucsa (solas na gealaí ó ghealach lán).

4.16.7 Ob_201& Ob_207: Beartaítear go gcuirfear soilsiú ar fáil ag Timpeallán Bhearna Thoir agus tá an réadmhaoin seo suite tuairim is 500m ón gcolún soilse is gaire. Léirítear i bhFíor 5.4.03 den TMTT go bhfuil an réadmhaoin seo suite lasmuigh de na hisilínte a léiríonn an leibhéal doirte solais ó na lóchrainn agus, mar sin, beidh leibhéal an tsolais ag an réadmhaoin seo mar thoradh ar shoilse an bhóthair atá beartaithe níos lú ná 1 lucsa (solas na gealaí ó ghealach lán).

4.16.8 Ob_213: Léirítear i bhFíor 5.4.04 go bhfuil an réadmhaoin seo suite lasmuigh de na hisilínte a léiríonn an leibhéal doirte solais ó na lóchrainn agus, mar sin, beidh leibhéal an tsolais ag an réadmhaoin seo mar thoradh ar shoilse an bhóthair atá beartaithe níos lú ná 1 lusca (solas na gealaí ó ghealach lán).

4.16.9 Ob_216 & S_042: De réir Fíor 5.4.04 den TMTT, ní bheartaítear soilsiú poiblí a chur in airde feadh an bhealaigh rochtana atá beartaithe, BR 4/05.

4.16.10 Ob_220: Léirítear i bhFíor 5.4.04 den TMTT go bhfuil an t-áitreabh suite lasmuigh de na hisilínte a léiríonn go mbeidh an leibhéal doirte solais ó na lóchrainn mar thoradh ar shoilse an bhóthair atá beartaithe níos lú ná 1 lucsa (solas na gealaí ó ghealach lán).

4.16.11 Ob_222: Beartaítear go gcuirfear soilsiú ar fáil ag Bóthar na Ceapaí ar mhaithe le sábháilteacht. Léirítear i bhFíor 5.4.04 den TMTT go bhfuil cuid den áitreabh suite laistigh de na hisilínte, a léiríonn an leibhéal doirte solais ó na lóchrainn. Mar sin, beidh leibhéal an tsolais ag imeall a n-áitreabh idir 1 agus 2 lusca (is ionann 1 lusca agus solas na gealaí ó ghealach lán).

4.16.12 Ob_296: Ní bheartaítear aon soilse sráide díreach lasmuigh den réadmhaoin nó in aice leis mar a léirítear i bhFíor 5.4.06 den TMTT.

4.16.13 Ob_298: Léirítear i bhFíor 5.4.06 go bhfuil an réadmhaoin seo suite lasmuigh de na hisilínte a léiríonn an leibhéal doirte solais ó na lóchrainn agus, mar sin, ní bheidh tionchar ar an réadmhaoin ag láthair 298 ó na soilse ó N59. Tá Bóthar Ceangail N59 ó Dheas atá beartaithe gearrtha go príomha, rud a léiríonn go mbeidh leibhéal an bhóthair faoin leibhéal ag réadmhaoin 298 a chabhróidh ó thaobh léargas na soilse feadh an bhóthair a theorannú. Féach ar na Fíoracha 5.3.05 agus 5.3.06 den TMTT le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi leibhéil an N59 atá beartaithe i gcomparáid leis an leibhéal talún atá ann anois.

4.16.14 Ob_311: Níl aon soláthar soilse beartaithe i bhfoisceacht na réadmhaoine mar a léirítear i bhFíor 5.4.05 den TMTT.

4.16.15 S_008, S_071: Léirítear i bhFíoracha 5.4.06 go 5.4.08 den TMTT nach bhfuil aon soilse breise sa cheantar ó N59 Acomhal Leitrí go dtí an taobh thiar d’Acomhal Bhóthar N84 Áth Cinn. Tá na réadmhaoine seo 600m agus 950m ón gcolún solais is gaire. Tá Ob_512.2, atá sa cheantar seo freisin, suite tuairim is 500m ón gcolún solais is gaire. Tá Ob_O_517.05 agus Ob_521_O_517.14_02 suite níos faide fós ó na colúin soilse sa cheantar seo. Tá na réadmhaoine seo ar fad suite lasmuigh den doirteadh solais a thuartar ó na lóchrainn agus, mar sin, beidh leibhéal an tsolais ag na réadmhaoine seo mar thoradh ar shoilse an bhóthair atá beartaithe níos lú ná 1 lucsa (solas na gealaí ó ghealach lán). Tá bacainní suntasacha torainn beartaithe ó rampaí N59 Acomhal Leitrí ar thaobh thoir Abhainn na Gaillimhe a chuirfidh cosaint ó dhallrú ar fáil ó shoilse feithiclí. Cuirfear tírdhreach agus sciathadh ar fáil freisin feadh an fhaid seo a íoslaghdóidh doirteadh soilse ó fheithiclí.

4.16.16 Ob_677, Ob_678 & Ob_688: Beartaítear go gcuirfear soilsiú ar fáil ar an N83 sa cheantar seo. Léirítear i bhFíor 5.4.10 den TMTT go bhfuil na réadmhaoine seo

suite lasmuigh de na hisilínte a léiríonn an leibhéal doirte solais ó na lóchrainn agus, mar sin, beidh leibhéal an tsolais mar thoradh ar shoilse an bhóthair atá beartaithe níos lú ná 1 lucsa.

4.16.17 Ob_751: Tá sé beartaithe soilse poiblí a chur ar fáil ag Acomhal Chúil Each agus ar na sliosbhóithre lena mbaineann ar mhaithe le sábháilteacht i gcomhréir le Treoirlínte TII. Léirítear airdí na gcolún soilse bóthair agus na hionaid atá beartaithe dóibh mar aon leis an doirteadh ionchasach solais le haghaidh na réadmhaoine seo ar Fhíor 5.4.11 den TMTT.

4.16.18 S_059: Ní léirítear aon togra do shoilse gar d'eastát Ard na Gaoithe i bhFíor 5.4.05 den TMTT.

## 4.17 Fáil Éigeantach tailte

### Ceisteanna

4.17.1 An cheist a tarraingíodh anuas ná, de réir dlí, nach féidir an réadmhaoin a dhíol fad is atá sé i mbaol ceannach éigeantach: Ob_136.

4.17.2 Fuarthas trí fhógra ar leith ó aturnaetha a bhí ag gníomhú ar son duine ina dtugtar faoi deara nach bhfuil aon éileamh ag an úinéir cláraithe ar an bhfóilió atá faoi chaibidil ar na tailte inar seirbheáladh fógra orthu: Ob_170.

4.17.3 Tarraingítear ceist anuas go bhfuarthas fógra mícheart i ndáil le sceidil Scéim Bóthair Chosanta agus Scéim Mhótarbhealach Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe a eisíodh: Ob_197.1, Ob_207, Ob_468_501.

4.17.4 Léirítear imní in Ob_222, Ob_488 & Ob_701 go gcuirtear an láthair talún atá le fáil in iúl go mícheart ar na doiciméid.

4.17.5 Tarraingítear ceist anuas nach bhfuair úinéir na réadmhaoine fógra i ndáil le fáil talún agus/nó múchadh ceart slí: Ob_511.06, Ob_511.25.

4.17.6 Tarraingítear ceist anuas go gcuireann an fháil éigeantach talún isteach ar cheanglais chead pleanála nó go bhféadfadh sé cur isteach orthu: Ob_194 agus Ob_222.

4.17.7 Ceist a tarraingíodh anuas in Ob_296 ná nach raibh a fhios ag na húinéirí réadmhaoine go raibh cuid dá ngairdín tosaigh agus bóthar poiblí á fháil go dtí roinnt seachtainí tar éis fhoilseachán Scéim Bóthair Chosanta agus Scéim Mhótarbhealach Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe.

4.17.8 Níl Ob_521_O_517.14_02 sásta gur tógadh aon cheann dá mballaí i gcúram riamh agus níl siad den tuairim gur leis an gcomhairle é an bóthar rochtana laistigh den suíomh.

4.17.9 Tarraingítear ceist anuas in Ob_566_598 & Ob_580_581_599 nár liostaíodh ceart dlíthiúil slí úinéirí na réadmhaoine ar Láthair 765c.201 ar an sceideal.

4.17.10 Léirítear imní in Ob_569 go bhfuil an léarscáil freastalaí agus an sceideal a eisíodh dóibh mícheart.

4.17.11 Éilítear in Ob_584 go bhfágtar neamhbhailí Scéim Bóthair Chosanta agus Scéim Mhótarbhealach Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe ó ba rud é nár tugadh ach seachtain amháin fógra di ina leith.

4.17.12 Deirtear in Ob_603 go sainaithnítear an réadmhaoin ar an léarscáil sócmhainní ábhartha mar dhá láthair ar leith, 603 & 8231, agus ba mhaith leo a shoiléiriú gur gabháltas leanúnach amháin é seo.

4.17.13 Ba mhaith le Ob_654 a shoiléiriú nach gcónaíonn siad ag an seoladh a úsáideadh le haghaidh comhfhreagrais agus, mar sin, go raibh gach comhfhreagras a fuarthas go dtí seo míchruinn.

4.17.14 Ob_677 & Ob_678: Déantar agóid iontu seo faoi fháil éigeantach na réadmhaoine dar tagairt 677a.201 agus 678a.201 ar an mbonn go bhfuil an réadmhaoin atá le fáil laistigh de limistéar údarás áitiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe ach go ndeirtear gurb é Comhairle Cathrach na Gaillimhe an t-áititheoir atá beartaithe.

4.17.15 Ob_688: Tugtar neamhréir faoi deara leis sin idir na Léarscáileanna Taiscthe a foilsíodh ar líne agus an Léarscáil Freastalaí a eisíodh do Ob_688. Ceistítear ann freisin cén fáth a n-áirítear láithreacha atá i Sceideal 4 i Scéim Mhótarbhealach Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe.

4.17.16 Ob_701: Cuirtear síos ar na tailte a bheartaítear a fháil sna sceidil mar a chriosaítear iad i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe, mar a léirítear i bhFíor 15.04.02 den TMTT.

4.17.17 Deirtear in Ob_717_720_721 gur seirbheáladh láthair 717 ach nach bhfuarthas fógra i ndáil le láithreacha 720 ná 721.

4.17.18 Léirítear imní i S_001 go mbeidh oibreacha ar siúl i bpóirse ina bhfuil leas aige agus nár tugadh fógra dó ina leith.

## Freagraí

4.17.19 Ob_136: Léirítear san fhógra i ndáil le fáil talún a seirbheáladh ar an láthair seo an fháil bheartaithe ar láthair amháin foghráid amháin, tagairt 136a.201. Níl aon bhac dlíthiúil ann chun an t-úinéir tí seo a stopadh ón réadmhaoin seo a dhíol.

4.17.20 Ob_170: Ní eiseofar aon chomhfhreagras eile maidir leis an láthair seo don duine a shainaithnítear san fhóilió.

4.17.21 Ob_194: Is faoin bpróiseas pleanála a bheidh an tionchar ar aon iarratas pleanála amach anseo.

4.17.22 Ob_197.1 & Ob_207: Nuair a seirbheáladh fógra den Scéim Bóthair Chosanta ar an Uas. Concannon (Mór) mar aon leis na sceidil agus an léarscáil freastalaí i nDeireadh Fómhair 2018, áiríodh tailte áirithe sna sceidil agus sna léarscáileanna a seirbheáladh ar an Uas. Concannon (Mór) a thug le fios gurb é fós úinéir na dtailte

áirithe sin a bhí aistrithe, mar a tharlaíonn, go Martin Concannon (Óg). Áiríodh láithreacha 197a.204, 197b.203 agus 197d.201, a bhí aistrithe, déanta na fírinne, go Martin Concannon (Óg), sna tailte a bhí sa sceideal agus sa léarscáil freastalaí a seirbheáladh ar an Uas. Concannon (Mór) ar an 25 Deireadh Fómhair 2018, agus, mar sin, níor cheart iad a léiriú ar sceideal agus léarscáil freastalaí an Uas. Concannon (Mór). Ina theannta sin, aistríodh cuid de cheithre láthair eile, (i) Láthair 197a.102, (ii) Láthair 197b.101, (iii) Láthair 197c.101, (iv) Láthair 197c.202, a léiríodh ar an léarscáil freastalaí a seirbheáladh ar an Uas. Concannon (Mór) ar an 25 Deireadh Fómhair 2018 go Martin Concannon (Óg), le cuid de na láithreacha sin ag fanacht i seilbh an Uas. Concannon (Mór). Tá na sleachta leasaithe sceidil ó Sceideal I Cuid 1, Sceideal 1 Cuid 2 agus Sceideal Cuid 4 den Scéim Bóthair Chosanta agus léarscáil freastalaí N6-SM-197,1_I2 eisithe ar an Uas. Concannon (Mór) a léiríonn na tailte ar fad i seilbh an Uas. Concannon, lena n-áirítear na codanna sin de na ceithre láthair a luadh thuas atá fós ina sheilbh, a léirítear anois leis na tagairtí láithreach a leanas: (i) Láthair 197y.101, (ii) Láthair 197x.101, (iii) Láthair 197w.101 agus (iv) Láthair 197w.202. Tabharfar na leasuithe thuas faoi deara san errata don Scéim Bóthair Chosanta atá á gcur faoi bhráid na hÉisteachta ó Bhéal.

4.17.23 Ob_222: Ní chuirfear as do chead pleanála an áitribh ag an réadmhaoin má cheadaítear Scéim Bóthair Chosanta N6 CBCG ag ABP.

4.17.24 Ob_296: Níl an réadmhaoin seo cláraithe le Clárlann na Talún agus ní raibh teideal na dtailte seo ar fáil d’ainneoin taighde chun úinéir na réadmhaoine a aimsiú. Tá brón orainn as aon anró a tarraingíodh.

4.17.25 Ob_222, Ob_488 & Ob_701: Admhaíodh an earráid agus nuashonraíodh an sceideal. Tabharfar na leasuithe thuas faoi deara san errata do Scéim Mhótarbhealach N6 CBCG atá á gcur faoi bhráid na hÉisteachta ó Bhéal.

4.17.26 Ob_511.06 & 511.25: Áiríodh na húinéirí réadmhaoine ar an dá agóid mar áititheoirí ar láthair 511, bóthar inmheánach an eastáit ag an bhFraoch, ag tráth an fhoilseacháin, ag a seoladh de réir a bhfóilió reatha. Seoladh na fógraí cláraithe ar ais sa phost. Crochadh fógra poiblí ar aghaidh an eastáit ar feadh na taispeána poiblí leis na sceidil chuí faoi iamh mar a léirítear ar an ngrianghraf thíos (Fíor 8) le húinéirí na réadmhaoine liostaithe. Leasaíodh na sceidil agus na léarscáileanna freastalaí a bhaineann leis na húinéirí réadmhaoine seo chun a seoltaí ag an bhFraoch a chur san áireamh freisin, agus eisíodh Fógra chuige sin le sleachta sceidil leasaithe ó Sceideal 1 Cuid 2 agus Sceideal 3 Cuid 2 de Scéim Mhótarbhealach N6 CBCG agus léarscáileanna freastalaí nuashonraithe chuig na húinéirí.

**Fíor 8: Grianghraf d'fhógra suímh**




4.17.27 Ob_521_O_517.14_02: Tá an teach seo suite ar thalamh faoi Fhóilió Uimh. GY61253F, agus is leo an suíomh os a chomhair freisin atá faoi Fhóilió Uimh. GY79017F. Tá an talamh idir an dá shuíomh (Fóilió Uimh. GY19960), i.e. an bóthar rochtana, cláraithe le páirtí eile, Ravenlake Ltd. Ní athróidh ceannach éigeantach beartaithe an bhóthair rochtana an rochtain atá cheana féin ar an teach seo agus ní chuirfidh sé isteach air. Tabhair faoi deara go liostaítear an t-úinéir tí seo mar áititheoir an bhóthair rochtana i sceidil Scéim Mhótarbhealach N6 CBCG.

4.17.28 Ob_468_501: Liostaítear Gloria Maguire mar úinéir cláraithe na dtailte ag láthair 468 i bhFóilió GY118124F (arna sheiceáil an 7 Márta 2019). Aithnítear éileamh an Uas. Maguire ar na tailte seo freisin toisc go liostaítear é i Sceidil Scéim Mhótarbhealach N6 CBCG freisin mar úinéir ainm.

4.17.29 Ob_566_598 & Ob_580_581_599: Ní ceart slí cláraithe é an ceart slí faoi chaibidil. Mar sin, ní rabhthas in ann fáil amach go raibh spéis féideartha ann chun tairbhe an úinéara ó na fiosruithe réasúnta a rinne CCG. Mar sin, níor áiríodh go raibh spéis ionchasach ag an úinéir talún, is é sin ceart slí, sa láthair. É sin ráite, nuashonraíodh taifid anois chun an t-easnamh sin a leasú.

4.17.30 Ob_569: Nuashonraíodh an sceideal le cur síos ar an láthair mar "Ghairdín Tí".

4.17.31 Ob_677 & Ob_678: Mar a mionsonraíodh sa sliocht ó Sceidil Scéim Mhótarbhealach N6 CBCG, níl i láthair 677a.201/láthair 678a.201 ach ciseal bóthair agus slánachar amháin. Coinneofar teorainn na dtithe agus an rochtain mar atá sé. Leasaíodh na taifid chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a liostú mar áititheoir agus áirítear sin san errata do Scéim Mhótarbhealach N6 CBCG atá á gcur faoi bhráid na hÉisteachta ó Bhéal.

4.17.32 Ob_603: Léirítear le cuardach chlárlann na talún go bhfuil láithreacha 603 agus 8231 cláraithe mar láithreacha ar leith le huimhreacha fóilió ar leith. Ba é sin an

chúis gur sannadh uimhreacha difriúla orthu. Admhaítear go sealbhaítear an gabháltas iomlán mar ghabháltas leanúnach amháin.

4.17.33 Ob_654: Is é an seoladh a úsáidtear i gcomhfhreagras an seoladh a liostaítear ar an bhfóilió cláraithe don réadmhaoin. Seoladh comhfhreagras chuig seoladh an fhóilió agus chuig seoladh an tí freisin.

4.17.34 Ob_688: Bhí neamhréiteach idir na Léarscáileanna Taiscí agus na Léarscáileanna Freastalaí maidir le tagairt do láthair 688. Tharla an earráid sa Léarscáil Taiscí agus, mar sin, cuirfear errata don Léarscáil Taiscí faoi bhráid na hÉisteachta ó Bhéal. Liostaítear na láithreacha ina mbeartaítear modh rochtana dírí a chosc, a dhúnadh, a stopadh, a bhaint, a athrú, a chur ar mhalairt slí nó a shrianadh chuig an mótarbhealach nó uaidh i Sceideal 4 Scéim Mhótarbhealach N6 CBCG. Beartaítear láthair 688a.203 agus láthair 688a.204 a fháil. É sin ráite, liostaítear fós iad i Sceidil Sceideal 4 toisc go mbeidh na láithreacha seo in aice an mhótarbhealaigh atá beartaithe agus beidh srianta orthu maidir le rochtain dhíreach ar an mótarbhealach.

4.17.35 Ob_717_720_721: Leasaíodh na sceidil agus na léarscáileanna freastalaí a bhaineann leis an úinéir réadmhaoine seo agus eisíodh litir chuige sin le sleachta sceidil leasaithe de Scéim Mhótarbhealach N6 CBCG agus léarscáileanna freastalaí nuashonraithe chuig na húinéirí ar an 24 Eanáir 2020.

4.17.36 S_001: Freastalaíonn an póirse seo ar roinnt daoine a bhfuil spéis acu sna tailte ar an dá thaobh de. An chuid den phóirse seo a fhaightear ná an 100 méadar deireanach den phóirse amháin. Ní chuirfear as do S_001 leis an bhfáil seo mar tá sé suite ó thuaidh den réadmhaoin seo.

## 4.18 Réadmhaoin gur chóir a Fháil

### Ceisteanna

4.18.1 Éilítear i roinnt agóidí go mbeidh tionchar N6 CBCG chomh suntasach sin ar réadmhaoine ar leith gur chóir iad a fháil ina n-iomláine ó na húinéirí réadmhaoine. Tarraingíodh anuas an tsaincheist seo in Ob_111, Ob_119, Ob_152, Ob_215, Ob_252, Ob_261, Ob_688.

4.18.2 Tarraingíodh anuas a mhalairt don chás thuas in aighneacht eile ina n-áirítear an réadmhaoin le haghaidh fáil iomlán mar gheall ar thionchar suntasach N6 CBCG ar an réadmhaoin ach ba mhaith le húinéirí na réadmhaoine fanacht ina dteach féin. Tarraingíodh anuas an tsaincheist seo in Ob_123.

### Freagra

4.18.3 I gcásanna áirithe, féadtar go meastar go bhfuil na tionchair ar an réadmhaoin thar fóir ar fad agus, mar sin, go mbeartaítear an réadmhaoin iomlán a fháil go héigeantach. Mura bhfuil gá leis an réadmhaoin iomlán nó mura mbaineann sé leis an tógáil nó le hoibriú an N6 CBCG atá beartaithe, ní áirítear é san fháil talún. Sna

cásanna a leanas, meastar nach gá an réadmhaoin iomlán a fháil mar thoradh ar thionchair an N6 CBCG atá beartaithe de bharr na gcúiseanna a imlínítear:

- Ob_111: Ní chomhlíonann na tionchair ionchasacha ar an áitreabh na riachtanais chun é a chur san áireamh san fháil talún a bheartaítear toisc go bhfuil an N6 CBCG atá beartaithe suite tuairim is 100m siar ón teach agus ag airde 2m níos ísle ná an teach, le beirm tírdhreacha ar fáil chun tionchair radhairc an N6 CBCG a mhaolú
- Ob_119: Ní chomhlíonann na tionchair ionchasacha ar an áitreabh na riachtanais chun é a chur san áireamh san fháil talún a bheartaítear toisc go bhfuil an N6 CBCG atá beartaithe suite tuairim is 50m siar ón teach agus ní cheileann sé na radhairc ó dheas den teach. Tá píosa beag talún á fháil ón láthair seo freisin. Déanann CCG nóta maidir leis an staid i ndáil le hOrdú Chúirt Chuarda na Gaillimhe dar dáta an 21 Iúil 2009
- Ob_123: Meastar go bhfuil na tionchair ionchasacha ar an réadmhaoin suntasach, go háirithe le linn tógála, agus áirítear an réadmhaoin iomlán san fháil talún atá beartaithe. Léiríonn fótamontáis a glacadh ón ngairdín tosaigh/paitió a chuirtear i láthair i bhFíoracha 1.1.1 go 1.1.3 d'Aguisín A.12.3 den TMTT cé chomh gar is atá an bóthar don teach
- Ob_152: Ní chomhlíonann na tionchair ionchasacha ar an áitreabh na riachtanais chun é a chur san áireamh san fháil talún a bheartaítear toisc go bhfuil an N6 CBCG atá beartaithe suite tuairim is 35m ó thuaidh den teach agus ní cheileann sé na radhairc ó dheas den teach, cuirtear bóthar rochtana ar fáil idir N6 CBCG agus teorainn thuaidh an tí seo, agus tá mionphíosa talún á fháil ón láthair. Áirítear measúnacht iomlán ar an N6 CBCG sa TMTT faoi gach disciplín timpeallachta. Léirítear fótamontáisí den teach seo i bhFíoracha 1.4.1 go 1.4.3 in Aguisín A.12.3 den TMTT
- Ob_215: Cé gur liostaíodh an réadmhaoin mar fháil iomlán ionchasach mar gheall ar acomhal timpealláin Bhóthar na Ceapaí a beartaíodh roimhe seo, is lú go mór iad tionchair an dearaidh reatha (acomhal le soilse tráchta) ar an réadmhaoin agus, mar sin, ní gá an réadmhaoin iomlán a áireamh san fháil talún. Tá teorainn tosaigh na réadmhaoine suite 28m ó imeall an charrbhealaigh atá beartaithe, agus cuirtear tírdhreachú ar fáil sa cheantar seo mar a léirítear i bhFíor 12.1.04 den TMTT. Tá an teach 11m breise ansin óna dteorainn theas. Léirítear fótamontáisí d'Acomhal Bhóthar na Ceapaí agus é ag dul thar na réadmhaoine seo i bhFíoracha 1.2.1 go 1.2.3 in Aguisín 12.3 den TMTT
- Ob_252: Teastaíonn fairsinge na dtailte chun atógáil an bhalla teorann a éascú. Tá sé beartaithe Bóthar Leitrí a athailíniú mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus beidh tionchar ar an mballa reatha teorann dá bharr. Níl aon ghá an t-áitreabh a scartáil

- Ob_261: Tá láthair bheag talún ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Maíonn úinéir na réadmhaoine go bhfuil sé talamhiata agus gur chóir é a fháil. Níor áiríodh an láthair talún faoi chaibidil san fháil talún toisc nach bhfuil sé talamhiata. Faightear rochtain ar an láthair talún trí stráice talún 7.3m ar leithead atá nasctha le tailte in aice láimhe atá i seilbh úinéir talún (Fóilió GY88233F). Ní dáileacht 'bheag' talún (954.9m2) é agus níl gá leis do thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe
- Níl gá le láthair 688 do thógáil na forbartha atá beartaithe agus ó tharla gur féidir rochtain a fháil ar an láthair atá fágtha ó Bhóthar N83 Thuama, ní bheartaítear an láthair seo a fháil

## 4.19 Ceart Slí

### Ceisteanna

4.19.1 Ós rud é go gciallaíonn fáil na talún trí cheannach éigeantach go mbainfear na cearta ar fad atá ag páirtithe eile ar na tailte sin ina dhiaidh sin, tá fiosruithe tagtha chun cinn i ndáil le láimhseáil na gcearta reatha slí nuair a bheidh an tógáil críochnaithe. Tháinig an cheist chun cinn in Ob_155, Ob_194, Ob_258_464, Ob_216, Ob_312, Ob_553_561, Ob_561_562, Ob_566_598, Ob 580_581_ 599, Ob_197.1.

4.19.2 Tarraingíonn Ob_603 & Ob_705 fiosruithe anuas i ndáil le stádas dlíthiúil an bhóthair nua rochtana BR 11/02 agus an chaoi a gcuirfear an rochtain dhlíthiúil ar bun arís go dtí an bóthar le rochtain a thabhairt don teach cónaithe agus do na tailte ag an réadmhaoin seo.

### Freagra

4.19.3 Leagtar amach thíos an chaoi a láimhseálfar na cearta slí do na láithreacha thuas:

- Láthair 155: Tá conair chúng, talamh nach bhfuil cláraithe, tagairt láithreach uimhir 182, díreach in aice le teorainn thuaidh na réadmhaoine seo. Tá rochtain ar an dabhach shéarachais le haghaidh láthair 155 tríd an gconair rochtana seo. Cuirtear deireadh le gach ceart slí poiblí agus príobháideach ar an gconair rochtana seo idir OB1 agus OB2 mar a sonraíodh ar Sceideal 3 Cuid 2 den Ordú Bóthair Chosanta toisc go dtógfar Bóthar Throscaigh athailínithe atá beartaithe ar na láithreacha seo 182a.201 agus 182b.201. Beidh rochtain ar an dabhach shéarachais mar atá sé anois tríd an gcuid a choinnítear den chonair rochtana nuair a bheidh an tógáil críochnaithe.
- Láthair 194: Níor thángthas ar aon cheart slí cláraithe mar a léirítear ar an agóid seo de réir chuardach chlárlann na talún agus na bhfóiliónna a rinneadh i bhFeabhra 2020. Is féidir rochtain a fháil ar na tailte eile tríd an mBóithrín atá ann faoi láthair atá suite soir ó dheas ó Thimpeallán Bhearna Thoir

- Láthair 197: Níor thángthas ar aon cheart slí cláraithe mar a léirítear ar an agóid seo de réir chuardach chlárlann na talún agus na bhfóiliónna a rinneadh i nDeireadh Fómhair 2019. Níl aon gheata goirt ann anois, aon slí isteach ná rochtain atá infheicthe nó soiléir ar Bhóthar reatha Bearna go Maigh Cuilinn L1321 ag an áit a dtrasnaíonn an ceart slí seo é. Má chruthaítear an ceart slí, fanfaidh sé mar atá sé faoi láthair go dtí an áit a sroicheann sé Bóthar reatha Bhearna go Maigh Cuilinn L1321. Má chruthaítear úinéireacht ar cheart slí ag an ionad seo don Uas. Concannon, beidh dúnadh an chearta slí ag Bóthar reatha Bhearna go Maigh Cuilinn L1321 ina ábhar cúitimh
- Láthair 216: Beidh rochtain ar na tailte coinnithe ón mbóthar rochtana atá beartaithe BR 4/05. Cuirfear ceart slí príobháideach ar fáil do na páirtithe a liostaítear i dTábla 9.3 de Chuid 9 den Fhreagra IFB. Caithfidh an bóthar rochtana seo rochtain a sholáthar ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair trí Bhóithrín na Buaile Bige
- Láithreacha 553, 561, 562, 598, 599: Ní bheidh aon tionchar ar chearta na n-úinéirí talún ar Bhóithrín Chaisleán Mhionlaigh. Deirtear i dTábla 9.3 i gCuid 9 den Fhreagra IFB go mbeidh bóthar rochtana BR 09/02 mar chuid de Bhóithrín Chaisleán Mhionlaigh atá ann anois agus, mar sin, caithfear a thabhairt faoi deara nach mbeidh aon tionchar ar chearta slí uile na n-úinéirí talún
- Láthair 312: Scoilteadh Láthair 312a.204 in dhá dháileacht agus cuireadh uimhreacha nua orthu - láithreacha 244x.201 agus 312x.204. Nuashonraíodh gach sceideal ábhartha dá réir sin. Atheisíodh léarscáil freastalaí nua agus sceideal nuashonraithe ar úinéir na réadmhaoine seo. Faightear láthair 312a.203 le haghaidh thógáil BR 06/02 agus sainaithnítear go bhfuil ceart slí ag an úinéir seo air i dTábla 9.3 de Chuid 9 den Fhreagra IFB
- Ob_603: Bóthar rochtana poiblí a bheidh i BR 11/02. Deirtear i dTábla 9.4 Bóithre Rochtana Poiblí i gCuid 9 den Fhreagra IFB go dtugann BR 11/02 rochtain ar Bhóithrín Bhaile an Dúlaigh mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair
- Ob_705: Bóthar rochtana príobháidí a bheidh i NR 13/03 a chuirfidh rochtain ar fáil don teach cónaithe agus do na tailte a shonraítear i dTábla 9.3 de Chuid 9 den Fhreagra IFB. Ní bheidh aon tionchar ar cheart slí úinéir na réadmhaoine ar an mbóthar

## 4.20 Leanúnachas easnamhach seirbhísí

### Ceisteanna

4.20.1 An cheist a tarraingíodh anuas i roinnt aighneachtaí/agóidí ná go gcoinnítear aon seirbhísí a gcuirtear as dóibh le linn na n-oibreacha i gcónaí agus go gcuirtear ar bun iad arís ina n-iomláine agus i gceart nuair a chríochnaítear na hoibreacha: Ob_103, Ob_117, Ob_147, Ob_195, Ob_197.1, Ob_199, Ob_201, Ob_204, Ob_207, Ob_213, Ob_216, Ob_219, Ob_222, Ob_226, Ob_230, Ob_233_234_235, Ob_239, Ob_246, Ob_249_467, Ob_250_466, Ob_251, Ob_252, Ob_254, Ob_255_256, Ob_259_463, Ob_273_461, Ob_296, Ob_311, Ob_313, Ob_480, Ob_481, Ob_492, Ob_493, Ob_495, Ob_496, Ob_468_501, Ob_506, Ob_553_561, Ob_603, Ob_691, Ob_705, Ob_716, S_008, S_062, S_063 agus S_066.

4.20.2 Iarrann aighneachtaí/agóidí eile leanúnachas sna seirbhísí ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe.

4.20.3 D'iarr roinnt úinéirí talún deimhniú go mbeidís in ann nascadh le seirbhísí poiblí ar nós príomhphíobáin uisce, séarach bréan, uisce stoirme, fóntais eile ar bhóithre nó tailte in aice láimhe sa todhchaí: Ob_229, Ob_230, Ob_261, Ob_480, Ob_481 agus Ob_484.

4.20.4 Deir Ob_571_579_592_600 go mbeidh soláthar uisce ag teastáil do Láthair 571a.404.

4.20.5 Deir Ob_580_581_599 go scoithfear soláthar uisce do thailte.

### Freagraí

4.20.6 Cuirfear gach seirbhís ar bun arís mar chuid de na hoibreacha tógála don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Seans go mbeidh briseadh gearrthéarmach ar sheirbhísí le linn na n-oibreacha seo chun atreorú na seirbhísí sin a éascú nuair is gá. Mar a leagtar amach i gCuid 15.6 de Chaibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta den TMTT, i gcás ina mbeidh tionchar ar an mbonneagar do sholáthraithe seirbhíse, cuirfear é sin ar mhalairt slí nó cuirfear ar ais é de réir cheanglais na soláthraithe seirbhíse roimh an tógáil. Tabharfar fógra roimh ré d'úsáideoirí seirbhíse maidir le haon chur isteach sealadach nó aon bhriseadh cumhachta a chaithfear a dhéanamh mar gheall ar na hoibreacha tógála. Beidh an cur isteach ar sheirbhísí nó an briseadh cumhachta pleanáilte go cúramach ionas nach dtarlóidh siad ach ar feadh achar gearr.

4.20.7 Athnascfar an soláthar uisce poiblí agus na córais uisce bhréin a bheidh i gceist. Déanfar na malairtí slí riachtanacha go léir de réir cheanglais an údaráis áitiúil agus Uisce Éireann. I gcás ina mbeidh tionchar ar sholáthairtí uisce óil príobháideacha, cuirfear tobar nua nó soláthar malartach uisce nó cúiteamh airgid ar fáil nuair a chaillfear an tobar.

4.20.8 Áirítear na gealltanais seo freisin i gCaibidil 21, Sceideal na dTiomantas Comhshaoil den TMTT.

4.20.9 De réir Chuid 14.6.2 de Chaibidil 14, Sócmhainní Ábhartha – Talmhaíocht den TMTT, i gcás ina gcuirtear isteach ar sholáthairtí uisce agus leictreachais reatha i rith na céime tógála, cuirfear foinse uisce nó soláthar leictreachais eile ar fáil e.g. umar uisce nó duchtáil cáblaí leictreacha. Má chuirtear srian buan ar rochtain ar fhoinsí uisce óil dromchla soláthrófar soláthairtí screamhuisce eile (nó cúiteamh chun deis a thabhairt don fheirmeoir a thobar féin a dhruileáil).

4.20.10 Láthair 229: Mar thoradh ar chomhairliúchán, ligtear do shéaraigh stoirme agus bréin trasnú ó na tailte ó dheas thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun freastal ar na tailte ó thuaidh.

4.20.11 Láithreacha 230, 261, 480, 481, 484: Beidh nascadh le príomhphíobáin uisce agus séaraigh phoiblí amach anseo ina ábhar plé agus comhaontaithe le hUisce Éireann agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ní cuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe seo é. Is ábhar do chomhaontuithe oibreacha cóiríochta é an duchtáil feadh na forbartha bóthair atá beartaithe.

4.20.12 Láthair 239: Cuirfear dhá dhucht seirbhíse 150mm trastomhas ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe a nascfaidh tailte coinnithe an úinéara talún soir agus siar.

4.20.13 Láthair 571: I gcás go scoitear soláthairtí uisce agus leictreachais chuig goirt nó clóis feirme, cuirfear an soláthar ar bun arís trí dhuchtáil a sholáthar nuair is féidir. Nó, i gcás nach féidir duchtú a úsáid cuirfear foinse uisce nó soláthar leictreachais eile ar fáil.

4.20.14 Láithreacha 580 & 581: Sa chás seo, níl sé indéanta duchtáil a chur faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe chun soláthar uisce a choinneáil. Íocfar cúiteamh chun ligean d’úinéirí talún soláthairtí cumhachta agus uisce a athsholáthar.

## 4.21 Suíomh ionchasach / forbairt amach anseo a chailliúint

### Ceisteanna

4.21.1 An cheist ná cailliúint na talún trí fháil éigeantach a bhí ceaptha le haghaidh forbairt amach anseo, tithe leanaí etc: Ob_134, Ob_194, Ob_207, Ob_216, Ob_228_229_540, Ob_230, Ob_236, Ob_241_245, Ob_243, Ob_250_466, Ob_260, Ob_273_461, Ob_300, Ob_312, Ob_486, Ob_571_579_592_600, Ob_572_574_591, agus Ob_613_657.

4.21.2 Deir Ob_716 nach bhfuil bóthar rochtana BR 15/02 atá beartaithe ar chaighdeán sásúil chun tailte a fhorbairt.

### Freagraí

4.21.3 Is ábhar criosaithe faoin bPlean Forbartha agus iarratas chuig an údarás pleanála ar chead pleanála é acmhainneacht forbartha aon suímh sa todhchaí.

## 4.21.3 Mar fhreagra ar na ceisteanna ar leith a sainaithníodh thuas:

- Láithreacha 194, 216, 207, 228,230,250_466, 273_461,241, 245, 243, 312, 486, 571,572, 574, 579, 591, 592, 600: Níl aon fhianaise go bhfuil a leithéid d'fhorbairt indéanta ag an ionad seo toisc nach talamh é arna chriosú le haghaidh úsáide cónaithe faoi láthair mar a léirítear i bhFíoracha 15.4.01 & 15.1.02 den TMTT

- Láthair 260: Tá an rochtain atá beartaithe ar Láthair 260 trí bhóthar rochtana BR 06/02 a dearadh de réir TII SCDanna CC-SCD-02754 agus CC-SCD-00706. Dearadh an rochtain seo agus is leor é chun úsáid reatha na dtailte seo a éascú

- Láthair 300: Ní bheidh aon tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an suíomh agus liostaítear é mar láthair Sceideal 4 a aibhsíonn tailte atá in aice an bhóthair cosanta. Tá an sceideal ann chun an t-úinéir talún a chur ar an eolas nach gceadófar rochtain ón láthair ar an mbóthar cosanta

- Láthair 716: Is leor an bóthar rochtana atá beartaithe BR 15/02 chun rochtain chuí a sholáthar don úsáid reatha talún

- Láthair 236: Luíonn bóthar rochtana BR 0/04 anuas ar cheann de dhá bhealach reatha isteach atá suite feadh an éadanais bóthair de chúirtealáiste na láithreach seo. Bóthar príobháideach é BR 0/04 chun rochtain a fháil ar thailte scoite le ceart slí d'úinéirí réadmhaoine 114 agus 117 de réir Thábla 9.3 de Chuid 9.4 den Fhreagra IFB. Cuirfear ceart slí ar fáil d'úinéir réadmhaoine 236 thar BR 0/04 chun an bealach reatha isteach a chaillfear a athsholáthar agus chun aon tionchair ar an gcuid eile den éadanas bóthair a sheachaint

## 4.22 Míchaoithiúlacht agus imní sábháilteachta maidir le hoibreacha tógála gaolmhara

### Ceisteanna

4.22.1 Tarraingítear anuas ceisteanna faoi mhíchaoithiúlacht agus sábháilteacht a bhaineann leis na hoibreacha tógála i roinnt aighneachtaí/agóidí: Ob_102.2, Ob_105, Ob_115, Ob_139, Ob_141.1, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_187, Ob_195, Ob_205, Ob_208, Ob_209, Ob_211, Ob_212, Ob_217, Ob_219, Ob_499, Ob_O_517.11_2, Ob_545, Ob_575, Ob_583, Ob_584, Ob_589, Ob_632, Ob_663, Ob_O_666.01, Ob_750, Ob_757, S_049 agus Ob_496.

4.22.2 Ob_216 & Ob_220: Cuireann an dá agóid imní in iúl go mbeidh méadú sna luasteorainneacha mar thoradh ar leathnú Bhóthar na Ceapaí agus go mbeidh méadú sa bhaol do chónaitheoirí Bhóthar na Ceapaí agus Bhóthar Bhaile an Mhóinín dá bharr.

4.22.3 Tarraingíodh fiosruithe anuas maidir le tréimhsí ama na tógála. Go háirithe, má thagann na ceanglais a imlínítear sa CEMP d'Aguisín A.7.5 den TMTT nó Caibidil 7 den TMTT salach ar a chéile. D'fhiosraigh na haighneachtaí/na hagóidí a leanas an mhír seo: S_029.

4.22.4 Luann S_059 gnáthuaireanta oibre 07:00-19:00 Luan go hAoine, agus 07:00-16:00 ar an Satharn. Molann an aighneacht/agóid don Bhord coinníoll cuí pleanála a chur i bhfeidhm i dtaca leis seo.

4.22.5 Ob_677 & Ob_678: Tá acomhal ag an mbealach áitiúil rochtana a fhreastalaíonn ar na réadmhaoine seo ag Ceapach na Boirne leis an N83 agus cuireadh imní in iúl nach mbeadh soilse tráchta ag an acomhal.

4.22.6 Teastaíonn ó Ob_757 go mbeadh an suíomh tógála daingnithe i gcónaí ionas nach mbeidh leanaí in ann dul isteach ann.

### Freagraí

4.22.7 Ceapfar foireann bainistíochta tógála le haghaidh thréimhse na céime tógála. Déanfaidh an fhoireann maoirseacht ar thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gconraitheoirí lena chinntiú go gcuirtear bearta maolaithe atá beartaithe do chéim na tógála i bhfeidhm agus go ndéantar tionchair thógála agus núis a íoslaghdú. Oibreoidh an fhoireann bainistíochta tógála le comharsana agus leis an bpobal i gcoitinne i rith na céime tógála lena chinntiú nach gcuirtear isteach ach a laghad is féidir ar aon duine.

4.22.8 Maidir le Ob_209 agus S_029, beidh na gnáthuaireanta oibre le linn oibreacha tógála mar a imlínítear i gCuid 7.4.11 de Chaibidil 7 den TMTT. Tagraíonn oibreacha oíche, mar a luaitear sa TMTT, d'oibreacha atá lasmuigh de na tréimhsí a shonraítear i gCuid 7.4.11. Seans go mbeidh gá le hoibreacha oíche ag céimeanna criticiúla áirithe le linn an tionscadail. Tá an freagra seo, mar aon le cinn eile thíos, ábhartha freisin do S_059.

4.22.9 Ob_219: Léirítear i bhFíor 7.001 go luíonn an réadmhaoin seo i gCuid Tógála S2 agus samhlaítear go mairfidh an tógáil sa limistéar sin ar feadh tréimhse 6-9 mí, mar a imlínítear i dTábla 7.1 i gCuid 7.4.7.1 de Chaibidil 7 den TMTT.

4.22.10 Ob_584 & Ob_757: Aithnítear go bhféadfadh míchaoithiúlacht áirithe a bheith ann don úinéir talún le linn chéim tógála na forbartha bóthair atá beartaithe. Chuige sin, áirítear i gCuid 11, Plean Bainistíochta Trácht Tógála, d'Aguisín A.7.5 den TMTT an ceanglas go n-oibreoidh an fhoireann bainistíochta tógála le comharsana agus leis an bpobal i gcoitinne i rith na céime tógála lena chinntiú nach gcuirtear isteach ach a laghad is féidir ar aon duine.

4.22.11 Mionsonraítear sláinte agus sábháilteacht na tógála i gCuid 7.4.12 de Chaibidil 7 den TMTT. I gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2013, ceapadh "Maoirseoir Tionscadail an Phróisis Deartha" agus ceapfar "Maoirseoir Tionscadail na Céime Tógála" ag céim na tógála. Baileoidh Maoirseoir Tionscadail na Céime Tógála an Comhad Sábháilteachta mar a théann an tionscadal ar aghaidh. Cuimseofar an comhad sábháilteachta sa chóras foriomlán taifid theicniúil ag deireadh na tógála agus na forbartha bóthair atá beartaithe.

4.22.12 Mionsonraítear modhanna chun sábháilteacht tráchta a choinneáil le linn na céime tógála i gCuid 7.4.9.6 de Chaibidil 7 den TMTT. Cuimseoidh sin teorainn shoiléir an limistéir suímh, tógáil na mbacainní sealadacha tráchta agus forfheidhmiú na bainistíochta tráchta ar líonraí bóthair reatha. Beidh ar an gconraitheoir oibriú sábháilte tráchta a chinntiú i gcónaí le linn na céime tógála. Cuimsítear faisnéis bhreise maidir le sábháilteacht tráchta na céime tógála i gCuid 11 den CEMP in Aguisín A.7.5 den TMTT lena n-áirítear Plean Bainistíochta Trácht Tógála don fhorbairt bóthair atá beartaithe.

4.22.13 Cuimsíodh an tsábháilteacht sa dearadh atá beartaithe ag gach céim. Cuirtear é sin i láthair i roinnt caibidlí den TMTT. Leagtar amach i gCuid 5.4 de Chaibidil 5 den TMTT na caighdeáin éagsúla deartha lenar dearadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe, leis an tsábháilteacht mar chritéar tábhachtach de na caighdeáin deartha. Ar thús cadhnaíochta an phróisis deartha bhí an gá lena chinntiú go mbeifear in ann an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thógáil go sábháilte gan aon bhaol don tsláinte, go bhféadfar é a chothú go sábháilte, agus go gcomhlíonann sé gach reachtaíocht ábhartha sláinte agus sábháilteachta.

4.22.14 Láthair 216: Is oibreacha athailínithe iad na hoibreacha atá beartaithe ar Bhóthar na Ceapaí ó Thuaidh agus ó Dheas chun Bóthar na Ceapaí a nascadh leis an acomhal le soilse tráchta atá beartaithe leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Is é 50km/u an luasteorainn deartha atá beartaithe do Bhóthar na Ceapaí ó Thuaidh agus ó Dheas araon.

4.22.15 Láthair 496: Tá bealach isteach/amach na réadmhaoine suite breis is 70m ón acomhal nua atá beartaithe ag bóthar ceangail an N59. Meastar go bhfuil soláthar an acomhail ag Bóthar Ceangail N59 le soilse tráchta sábháilte, oiriúnach agus cuí toisc gurb é an modh is fearr chun sruthanna tráchta faoi choimhlint a bhainistiú. Tá an spré léargais cothrománach agus ceartingearach sa bhreis ar an íosmhéid inmhianaithe don luasteorainn deartha feadh Bhóthar N59 Mhaigh Cuilinn athailínithe atá beartaithe. Mar sin, íoslaghdaítear an baol a bhaineann leis an réadmhaoin a fhágáil/iontráil leis an ngeoiméadracht atá beartaithe.

4.22.16 Láthair 677 & Láthair 678: Níl soilse tráchta ag acomhal BR 13/06 agus Bóthar N83 Thuama. Féach ar Fhíor 1.10.17 in Aguisín A.1.13 den fhreagra IFB i gcomhair léaráid de na lánaí tráchta agus na saoráidí do choisithe agus don rothaíocht atá beartaithe. Tá lána amháin ag dul ó thuaidh agus lána amháin ag dul ó dheas mar aon le lána bus ag dul ó dheas, rud a chiallaíonn nach gá don trácht atá

ag teacht amach ó BR 13/06 ach an lána tráchta ó thuaidh a thrasnú chun taisteal i dtreo Chathair na Gaillimhe, mar an gcéanna leis an scéal mar atá sé anois ag na tithe seo. Ní bheartaítear aon oibreacha a dhéanamh ag an rochtain ar an gcairéal ó thuaidh ón acomhal seo agus coinneofar na socruithe rochtana/imeachta mar atá siad anois. Maidir HGVanna ag úsáid BR 13/06, féach ar Fhíor 1.10.17 in Aguisín A.1.13 den Fhreagra IFB i gcomhair leagan amach beartaithe an acomhail a dearadh leathan go leor chun freastal ar ghluaiseachtaí iompaithe feithiclí ar nós HGVanna agus feithiclí éigeandála.

4.22.17 Ob_757: Coinneofar na suíomhanna tógála daingnithe i gcónaí agus faoi réir cothú agus cothabháil leanúnach.

## 4.23 Leibhéil an bhóthair atá beartaithe i gcomparáid leis na tailte máguaird

### Ceisteanna

4.23.1 Fiosraítear leibhéal an bhóthair atá beartaithe i gcomparáid leis na tailte máguaird sna haighneachtaí/agóidí a leanas: Ob_102.2, Ob_103, Ob_105, Ob_115, Ob_131_132, Ob_134, Ob_139, Ob_141.1, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_187, Ob_194, Ob_195, Ob_205, Ob_207, Ob_208, Ob_211, Ob_212, Ob_213, Ob_217, Ob_499, Ob_255_256, Ob_311, Ob_496, Ob_545, Ob_575, Ob_O_550_583.04, Ob_589, Ob_632, Ob_663.01, Ob_O_666.01, Ob_750.

4.23.2 Fiosraítear cibé an bhféadfadh na leibhéil atá beartaithe athrú le linn na céime tógála sna haighneachtaí/agóidí a leanas: Ob_103, Ob_195, Ob_222, Ob_255_256, Ob_311, Ob_496, Ob_505, Ob_507.

4.23.3 Mar thoradh ar nascadh Na Foraí Maola go Bóthar Throscaigh trí bhóithre áitiúla comhthreomhara a sholáthar agus Na Foraí Maola go Ceangal Tardhroichid Throscaigh, beidh na bóithre ardaithe sa cheantar seo: beifear in ann é a fheiceáil ó na réadmhaoine máguaird, beidh sé réasúnta nocht agus sainaithníodh an airde mar cheist sna hagóidí a leanas: Ob_134, Ob_131_132, Ob_136, Ob_151 agus Ob_158.

4.23.4 Cuirtear i gcoinne an chlaífort ag trasnú tailte na réadmhaoine in Ob_239, agus go mbeidh an claífort sin 6-7m ar airde, rud a mhillfidh an radharc ar Chuan na Gaillimhe.

4.23.5 Tarraingítear ceist eile anuas in aighneacht 103 faoi chomhairliúchán agus leigheasachán má athraíonn na leibhéil atá beartaithe ar chor ar bith.

### Freagra

4.23.6 Ob_103, Ob_195, Ob_222, Ob_255_256, Ob_311, Ob_496, Ob_505, Ob_507: I ndáil leis na fiosruithe faoi cibé an bhféadfadh na leibhéil atá beartaithe athrú le linn na céime tógála, ní cheadaítear aon athrú deartha a d’athródh líne theorann na fála talún nó a chruthódh tionchair níos díobhálaí comhshaoil ná iad siúd a chuirtear i láthair sa TMTT.

4.23.7 Leagtar amach anseo thíos leibhéal na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomparáid leis na tailte máguaird do na láithreacha a shainaithnítear thuas:

- Láthair 102.2: Beidh an bóthar rochtana atá beartaithe BR 0/01 ar chlaífort, ar airde éagsúil suas go 1.6m ar airde, mar a nascann sé le Timpeallán Bhearna Thiar mar a léirítear ar Fhíor 5.3.01 den TMTT. Ceanglóidh sin ar ais le leibhéal reatha na talún san áit ina gcuirtear rochtain geata ar fáil do Láthair 102
- Láthair 103: Léirítear i bhFíoracha 5.2.1 go 5.2.11 agus 5.3.1 go 5.3.21 na leibhéil chothrománacha agus cheartingearacha ailínithe atá beartaithe don R336 athailínithe. Mar a leagtar amach i gCuid 13 den CEMP in Aguisín A.7.5 den TMTT, cuirfidh an Conraitheoir Straitéis Cumarsáide Poiblí i bhfeidhm a chuirfidh modh dhá threo ar fáil don phobal (na húinéirí talún a mbaineann sé go díreach leo) chun cumarsáid a dhéanamh le comhalta ainmnithe fhoireann an Chonraitheora agus don Chonraitheoir chun faisnéis thábhachtach faoi ghnéithe éagsúla den fhorbairt bóthair atá beartaithe a chur in iúl don phobal. I gcás go ndéanann an conraitheoir dochar do theorainn na réadmhaoine, beidh an conraitheoir freagrach as an dochar sin a leigheas.
- Láthair 105: Tá an láthair seo faighte ina hiomláine; mar sin, níl an cheist seo ábhartha
- Láthair 115: Léirítear i bhFíor 5.2.01 den TMTT go bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe gearrtha ag doimhneachtaí éagsúla ó 1.5m go 3.0m thar fhad na réadmhaoine seo.
- Láthair 131/132: Léirítear i bhFíor 5.201 den TMTT go bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar chlaífort de thuairim is 1m nuair a thrasnaíonn sé ó thuaidh den réadmhaoin seo idir Ch. 1+150 go 1+200. Tá an bóthar ceangail atá beartaithe níos gaire don réadmhaoin agus tá sé ar chlaífort ar leibhéil éagsúla idir 1.5m agus 2.0m mar a théann sé thart. Léirítear i bhFíoracha 1.2.1 go 1.2.3 d’Aguisín A.12.3 den TMTT foisceacht an bhóthair don teach agus nach mbeidh an trácht a théann thart ag féachaint síos ar an teach seo.
- Láthair 134: Áirítear trasghearrthacha leis an agóid a léiríonn airde choibhneasta na forbartha bóthair atá beartaithe, na mbóithre ceangail agus theorainn na réadmhaoine. Ós rud é go bhfuil an teach ar aghaidh na gréine, ní bheidh na radhairc i dtreo an bhóthair ceangail áitiúil ardaithe ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe
- Láthair 134, Láthair 136, Láthair 139, Láthair 141 & Láthair 156: Léirítear fótamontáisí de Na Foraí Maola go Ceangal Tarbhealaigh Throscaigh a bheidh ardaithe tuairim is 7m thar na forbartha bóthair atá beartaithe ó láithreacha amhairc éagsúla in Aguisín 12.3 den TMTT. Ullmhaíodh fótamontaisí breise ó acomhal Na Foraí Maola go Bóthar Ceangail Na Foraí Maola go Troscaigh ó Thuaidh agus eisíodh iad ar na húinéirí tí i Láthair 141

i Meán Fómhair 2019. Tugann siad radharc an tarbhealaigh agus na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomparáid leis na réadmhaoine seo

- Láthair 151 agus Láthair 152: Léirítear fótamontáisí den fhorbairt bóthair atá beartaithe mar a théann sé thart ó thuaidh de na réadmhaoine seo i bhFíoracha 1.4.1 go 1.4.3 in Aguisín 12.3 den TMTT. Mar is léir, níl claífoirt arda ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag an ionad seo. Tá airde an cul-de-sac ar aghaidh na réadmhaoine seo ar aon leibhéal le Bóthar Throscaigh atá ann cheana. Aithnítear go n-ardaíonn airde Bhóthar Ceangail Na Foraí Maola go Troscaigh ó Dheas chuig an tarbhealach agus go mbeidh tionchar ar na radhairc siar, ach tugtar faoi deara go bhfuil a n-aghaidheanna ó dheas ag an dá theach. Déanfar tírdhreachú ar na claífoirt seo, rud a dtabharfar aghaidh air sa ráiteas fianaise Tírdhreacha agus Amhairc
- Láthair 158: Léirítear fótamontáisí den fhorbairt bóthair atá beartaithe mar a dtéann sé thart ó dheas den réadmhaoin seo i bhFíoracha 1.3.1 agus 1.3.6 in Aguisín 12.3 den TMTT. Mar is léir, níl radharc suntasach ag an uasbhealach anuas ar an réadmhaoin seo.
- Láthair 167 & 168: Cuirfear rochtain ar fáil ar na láithreacha seo le BR 2/02 agus beidh sé ar an leibhéal céanna leis na goirt atá ag an ionad seo faoi láthair.
- Láthair 177 & Láthair 187: Níl aon athrú ar leibhéal reatha Bhóthar Ann Gibbons L13215 i gcomharsanacht na láithreacha seo
- Láthair 195: Cuirtear i láthair i bhFíor 5.3.02 den TMTT leibhéil reatha agus bheartaithe Thimpeallán Bhearna Thoir a léiríonn go bhfuil sé suite ar líonadh de thuairim is 2.5m ar theorainn thiar na réadmhaoine seo. Tá imní ar úinéir na réadmhaoine go bhféadfadh na leibhéil athrú le linn an dearaidh mhionsonraithe. Mar fhreagra ar an imní seo, is é dearadh na forbartha bóthair atá beartaithe a léirítear sa TMTT an dearadh dá bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe ag lorg cead pleanála. Léirítear i bhFíoracha 5.2.01 go 5.2.11 agus 5.3.01 go 5.3.21 an t-ailíniú cothrománach agus ceartingearach. Mar a luaitear sa TMTT, Cuid 4.8.2, bogadh an timpeallán comhréidh ar Bhóthar Bhearna go Maigh Cuilinn níos faide ó dheas chun tionchair ar an gcead pleanála don áitreabh seo a laghdú. Tharla seo de bharr plé le húinéir na réadmhaoine toisc nach raibh an teach tógtha ag an am. Ar an gcaoi sin, laghdaíodh foisceacht an chlaífoirt líonta don teach
- Láithreacha 205, 208, 211 & 212: Léirítear leibhéil bóthair atá beartaithe i gcomparáid le leibhéil reatha na talún in aice na réadmhaoine i bhFíor 5.2.03 den TMTT agus léirítear leibhéil reatha agus bheartaithe Bhóthar na hAille L5384 i bhFíor 5.3.02
- Láthair 207: Léirítear leibhéil bóthair atá beartaithe i gcomparáid le leibhéil reatha na talún in aice na réadmhaoine i bhFíor 5.2.03 den TMTT, mar aon

le hionad agus leibhéil tardhroichid a chuirtear in iúl le S03/01. Léirítear leibhéil reatha agus bheartaithe Bhóthar na hAille L5384 i bhFíor 5.3.02

- Láthair 213: Cuirtear leibhéil bóthair atá beartaithe i gcomparáid le leibhéil reatha na talún in aice na réadmhaoine i láthair i bhFíor 5.2.04 den TMTT agus cuirtear leibhéil reatha agus bheartaithe Bhóthar na Ceapaí i láthair i bhFíor 5.3.03.
- Láthair 217: Cuirtear leibhéil bóthair atá beartaithe i gcomparáid le leibhéil reatha na talún in aice na réadmhaoine i láthair i bhFíor 5.2.04 den TMTT agus cuirtear leibhéil reatha agus bheartaithe Bhóthar na Ceapaí i láthair i bhFíor 5.3.03.
- Láthair 222: Cuirtear leibhéil bóthair atá beartaithe i gcomparáid le leibhéil reatha na talún in aice na réadmhaoine i láthair i bhFíor 5.2.04 den TMTT agus cuirtear leibhéil reatha agus bheartaithe Bhóthar na Ceapaí i láthair i bhFíor 5.3.03.
- Láthair 239: Léirítear leibhéil bóthair atá beartaithe i gcomparáid le leibhéil reatha na talún in aice na réadmhaoine i bhFíor 5.2.05 den TMTT agus léirítear leibhéil reatha agus bheartaithe Bhóthar Rathúin i bhFíor 5.3.04. Déanfar tírdhreachú ar na claífoirt seo, rud a dtabharfar aghaidh air sa ráiteas fianaise Tírdhreacha agus Amhairc
- Láithreacha 255 & 256: Cuirtear leibhéil reatha agus bheartaithe Bhóthar Leitrí i láthair i bhFíor 5.3.07 den TMTT
- Láthair 311: Cuirtear leibhéil reatha agus bheartaithe bóthair na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomparáid leis an réadmhaoin i láthair i bhFíor 5.2.05 den TMTT
- Láthair 496: Cuirtear leibhéil reatha agus bheartaithe Bhóthar N59 Mhaigh Cuilinn i gcomparáid leis an réadmhaoin i láthair i bhFíor 5.3.07 den TMTT
- Láthair 499: Cuirtear leibhéil na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomparáid leis na leibhéil reatha talún in aice leis an réadmhaoin i láthair i bhFíor 5.3.06 den TMTT
- Láithreacha 575, 583, 589: Cuirtear leibhéil an bhóthair phríomhlíne atá beartaithe i gcomparáid leis na leibhéil reatha talún i bhfoisceacht na réadmhaoine seo i láthair i bhFíor 5.2.08 den TMTT
- Láithreacha 663 & 666: Cuirtear leibhéil bóthair bheartaithe na príomhlíne atá oiriúnach don réadmhaoin i láthair i bhFíor 5.2.09 den TMTT. Cuirtear leibhéil na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomparáid leis na leibhéil reatha talún ar Bhóthar N83 Thuama i láthair i bhFíor 5.3.14 den TMTT
- Láthair 750: Cuirtear leibhéil na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomparáid leis na leibhéil reatha talún in aice leis an réadmhaoin i láthair i bhFíor 5.2.11, 5.3.20 & 5.3.21 den TMTT

## 4.24 Fiosruithe Breise Aighneachta/Agóide

### Ceisteanna

4.24.1 Ob_105: Ní bhaineann an aighneacht / agóid leis an tógáil talún iarbhír atá beartaithe ón réadmhaoin.

4.24.2 Ob_106, Ob_643, Ob_644: Ní leagtar amach na cúiseanna ar a bhfuil an agóid bunaithe san aighneacht/agóid. Is amhlaidh an cás sna hagóidí a leanas:

4.24.3 Creideann Ob_220 go bhfuil earráid i dTábla 5.10 de Chaibidil 5 den TMTT óir maíonn sé nach bhfuil aon séaraigh sa Cheapach san áit a dtrasnóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe.

4.24.4 Níl Ob_567 cinnte ón léarscáiliú má bhíonn tionchar ar an mbealach isteach do choisithe chuig Aldi Stores.

4.24.5 Déantar agóid in Ob_495 faoin easpa rochtana ar fharasbarr tailte a chuirtear ar fáil, cé go mbeartaítear an láthair iomlán a fháil.

4.24.6 Deir Ob_505 & Ob_507 go bhfuil an RTT easnamhach ach ní thugtar tuilleadh sonraí.

4.24.7 Déantar agóid in Ob_545, Ob_632 ar roinnt forais lena n-áirítear tionchar ar na tailte/an gairdín atá fágtha, an torann, an salachar, míchaoithiúlacht, sábháilteacht agus rochtain a bhaineann le hoibreacha tógála, leibhéil na forbartha atá beartaithe i gcomparáid leis na leibhéil máguaird agus ceisteanna tírdhreachaithe, cé go mbeartaítear an láthair iomlán a fháil.

4.24.8 Tugtar faoi deara in Ob_569 go gcoinnítear cuid de na crainn atá comhthreomhar le taobh an tí dar le Fíor 12.1.07 den TMTT agus ceistítear an fáth nach gcoinnítear an chuid eile de na crainn a shíneann go cúl an tsuímh.

4.24.9 Is cosúil go bhfuil Ob_O_761.30 den tuairim go bhfuil teach cónaithe an agóideora le fáil faoin ordú ceannaigh éigeantaigh.

### Freagraí

4.24.10 Ob_105, Ob_495, Ob_545, Ob_632: Ós rud é go mbeidh iomlán na láithreacha seo á bhfáil, níl na cúrsaí a tarraingíodh anuas san agóid infheidhme.

4.24.11 Ob_106: Luaitear san agóid go bhfuil cuid shuntasach dá dtalún á fáil gan aon mhíniú eile maidir leis na ceisteanna sainiúla gaolmhara.

4.24.12 Ob_220: Léirítear i bhFíor 11.5.104 den TMTT an áit a ndoirtfidh an líonra draenála atá beartaithe isteach sa séarach reatha. Ní bheartaítear an t-ionad sceite seo a bheith san áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe Bóthar na Ceapaí, ach níos faide ó dheas.

4.24.13 Ob_476: Léirítear i bhFíor 1.6.26 den Fhreagra IFB go bhfuil fáil talún teoranta do mhéid beag talún ag an bpointe is faide soir, áit a bhfuil sé suite siar thar achar

tuairim is 6m chun freastal don acomhal le soilse tráchta atá beartaithe in áit Thimpeallán Ghort na Bró. Níl aon tionchar ar an mbealach isteach reatha do choisithe.

4.24.14 Ob_505 & Ob_507: Tá an t-údarás áitiúil ar fáil le cúrsaí a phlé le gach úinéir réadmhaoine.

4.24.15 Ob_569: Mar a léirítear i bhFíor 12.1.07 den TMTT, beidh na crainn atá suite i láthair 567 ó dheas fós ann nuair a chríochnófar an tógáil. Ní gá na crainn seo a bhaint mar chuid de na hOibreacha. Ní chuirfidh fálú teorann ar na tailte a bheidh fágtha i láthair 569 isteach ar na crainn atá ann.

4.24.16 Ob_O_761.30: Seirbheáladh fógra de Scéim Mhótarbhealach N6 CBCG ar an duine seo ós rud é go liostaítear é mar áititheoir Láthair 761.201. An plandú feadh Bhóthar na dTreabh, áit a mbeidh scáthphlandáil le cur ar ais arís tar éis na tógála (féach Fíor 12.1.11 den TMTT) atá sa talamh seo. Ní bheartaítear teach an agóideora a fháil; ní bheartaítear ach oiread aon áitreabh eile san eastát a fháil.

# 5 Conclúid

5.1 Tá saincheisteanna tábhachtacha iompair ag Cathair na Gaillimhe agus a purláin, mar a sainaithníodh thuas, a dteastaíonn réiteach práinneach uathu. Tá cónaí sa chathair á bánú agus á plúchadh leis an mbrú tráchta i gCathair na Gaillimhe agus ina purláin agus chomh maith leis sin tá rochtain ón réigiún i gcoitinne ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí sa chathair á cosc leis. Go bunúsach, níl bunús ná forás ar bith ar an líonra iompair.

Tar éis breithniú cuimsitheach ar roghanna eile mar chuid den phróiseas chun an réiteach is oiriúnaí ar na fadhbanna tráchta sin a shainaithint, téann an réiteach a sainaithníodh i ngleic leis an bhfadhb tráchta i gCathair na Gaillimhe trí dhá eochairchuspóir a bhaint amach agus seachadann sé dhá fheidhm thábhachtacha chun córas iompair na cathrach a fhorbairt a chumasóidh an fhorbairt inmharthana neartaithe: is iad sin, (i) cuireann sé acmhainneacht turais leis an líonra reatha iompair a laghdaíonn turais trí lár na cathrach, rud a chiallaíonn go bhfuil níos lú brú agus a dhéanann iompar poiblí agus modhanna taistil ghníomhaigh níos tarraingtí dá bharr, agus (ii) tá soláthar leis na naisc nua a chuimsítear sa N6 CBCG do ghá straitéiseach an gréasán bóithre náisiúnta agus nascacht Chathair na Gaillimhe agus Réigiún an Iarthair leis an ngréasán bóithre náisiúnta agus leis an ngréasán tras-Eorpach iompartha (Ten - T).

Is gné ríthábhachtach de Straitéis Iompair na Gaillimhe é an N6 CBCG atá beartaithe a forbraíodh chun dul i ngleic leis na fadhbanna iompair atá roimh Ghaillimh agus tá foráil ann do bhonneagar inmharthana iompair agus tacaíonn sé le fás daonra a shamhlaítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála do Ghaillimh agus do Réigiún an Iarthair. Cuirfidh sé ar chumas na Gaillimhe forbairt mar chathair agus í mar lár réigiúnach atá ag méadú don Iarthar agus í ina háit iontach le maireachtáil agus le hoibriú. Tá caighdeán na nascachta fisicí i nGaillimh agus thart timpeall uirthi riachtanach chun infheistiú isteach agus fostaíocht a choinneáil agus a mhealladh. Beidh tionchar tairbheach aige freisin, ní hamháin ar sheirbhísí iompair i nGaillimh, ach ar tharraingteacht iarthar an chontae ina iomláine mar ionad gnó, infheistíochta agus turasóireachta agus mar áit chónaithe. Soláthraíonn sé an spás ar an líonra iompair chun spás a leithdháileadh ar iompar poiblí agus ar mhodhanna gníomhacha agus nuair a bheidh Straitéis Iompair na Gaillimhe curtha i bhfeidhm go hiomlán, beidh aistriú níos suntasaí fós i dtreo iompar poiblí agus modhanna inmharthana iompair. Is í an fhorbairt bóthair atá beartaithe an réiteach is fearr ar dheacrachtaí tráchta na Gaillimhe agus tá measúnacht iomlán déanta ar na tionchair ionchasacha ar fad. Cúitítear aon tionchair shuntasacha iarmharacha atá ann tar éis an mhaolaithe leis na buntáistí suntasacha a bhaintear amach agus leis an acmhainneacht níos mó arís chun buntáistí breise a ghiniúint.

5.2. I ndiaidh mhachnamh a dhéanamh ar na haighneachtaí agus na hagóidí a mhionsonraítear thuas, fanann conclúidí an TMTT mar an gcéanna.